Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ár gContae | 1 |
| Réamhrá an Chathaoirligh | 2 |
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 5 |
| Toghcheantair agus a nIonadaithe Tofa | 12 |
| Cruinniú an Údaráis Áitiúil | 13 |
| Comhdhálacha, Seimineáir agus Imeachtaí ar ar fhreastail Baill Tofa | 13 |
| Taisteal Thar Lear agus Oiliúint as ar Bhain Baill Tofa Leas | 14 |
| Tá Ionadaíocht ag Baill Tofa an Údaráis Áitiúil agus Comhlachtaí Eile orthu seo a leanas | 15 |
| Íocaíochtaí le hIonadaithe Tofa | 16 |
| Coiste Polasaí Straitéisigh | 17 |
| Síntiúis Pholaitíochta | 18 |
| Plean Corparáideach | 18 |

**Gnóthaí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar, Ionchuimsiú Sóisialta, Turasóireacht, Oifig Fiontair Áitiúil, Gnóthaí Cultúrtha**

| | |
|---|---|
| Gnóthaí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna | 21 |
| Pobal agus Fiontar, Ionchuimsiú Sóisialta | 27 |
| Turasóireacht | 42 |

Oifig Fiontair Áitiúil 44

**Gnóthaí Cultúrtha**

Seirbhís Leabharlainne 49

Na hEalaíona 54

Iarsmalann 64

Amharclann Ramor 67

**Bonneagar, Tithíocht, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála**

Bonneagair Bóithre 83

Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála 98

Tithíocht 113

**Pleanáil/Forbairt Eacnamaíoch, Seirbhísí Uisce, Dramhaíl agus an Timpeallacht**

Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch 122

Seirbhísí Uisce 136

An Timpeallacht 145

Bainistiú Dramhaíola 160

**Seirbhísí Airgeadais agus Faisnéise**

Airgeadas 170

Rátaí 171

Soláthar 171

Iniúchadh inmheánach 174

Mótarcháin 178

Seirbhísí Faisnéise 180

Achomaireacht Cuntas 183

**Tabhair faoi deara:** Féadtar an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur ar fáil i bhFormáid Inrochtana. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ar 049 437 8300.

**Ár gContae**

Tír álainn na lochanna is ea an Cabhán i lár ár n-oileáin. Áit is ea é atá ar shiúl ón ruaille buaille ar fad ach ní chomh fada sin ar shiúl. Bhain sé cáil amach de réir a chéile mar chontae bia, agus ár mbialanna i measc na mbialann is fearr sa tír agus an cáil ar an ngrá don cheol, ceol a leanann ar aghaidh go dtí uair mharbh na hoíche.

Is seanfhocal Gaeilge é "An Cabhán" a chiallaíonn "cabha beag" agus ar bealach simplí, cuireann sé sin go leor in iúl faoi Chontae an Chabháin. Tá daoine, bia, lochanna, sléibhte agus suaimhneas áirithe anseo go tréan agus tá sraith iontach uiscebhealaí suaimhneasacha agus mistéireacha sa Chontae.

Tá cáil ar an gCabhán mar thír iascaireachta agus ní haon ionadh é óir tá a chuid uiscí, a bhfuil soláthar maith iontu, ag mealladh slatiascairí ón nGearmáin, ón bhFrainc agus ó Shasana leis na scórtha bliain anuas, ach ar ndóigh, tá an Cabhán i bhfad níos doimhne ná sin. Tugann go leor cuairteoirí faoi deara gur cosúil go laghdaíonn luas rudaí beagán nuair a thagann siad anseo. Cibé cúis atá leis an athrú seo, bíonn ionadh ar chuairteoirí a mhéad áiteanna tarraingteacha agus gníomhaíochtaí atá againn anseo chun an t-am mall sin sa Chabhán a líonadh.

Tá daonra 76,092 duine i gContae an Chabháin. Contae tuaithe atá ann den chuid is mó cé go bhfuil méadú suntasach ar an daonra sna lárionaid uirbeacha ann le cúpla bliain anuas. Tá an tuath lán droimnín, a bhfuil go leor lochanna agus droinnííní scaipthe ina measc, ina comhartha sóirt ag an gContae. Níl mórán daoine ina gcónaí in Iarthuaisceart sléibhtiúil an Chontae ina bhfuil go leor limistéar ardscéimhe. Tá go leor áiteanna tarraingteacha ann do thurasóirí idirnáisiúnta lena n-áirítear Uiscebhealach na Sionainne – na hÉirne agus Geopháirc Dhomhanda Phluaiseanna an Áirse Mharmair.

Chuir an M3 feabhas ar rochtain ar ár gContae agus Teorainn an Chontae ó dheas ó Achadh an Iúir níos lú ná uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath anois. Tá Baile an Chabháin suite go straitéiseach agus aithnítear é mar chontae tairseach chuig Tuaisceart Éireann agus uaidh. Ainmníodh Baile an Chabháin mar Mhol-Bhaile sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta.

**Réamhrá an Chathaoirligh**

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae an Chabháin, tá áthas orm fáilte a chuir roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2018.



Le linn 2018, ba chúis áthais dúinne, na baill thofa, tacú le sárobair fhoireann agus bhainistíocht Chomhairle Contae an Chabháin agus í ag leanúint ar aghaidh le seirbhísí ríthábhachtacha agus forbairt pobail a sholáthar ainneoin réimse dúshlán, go háirithe na coinníollacha drochaimsire.

Thug na sé mhí dheireanacha den bhliain, tréimhse a raibh bród orm slabhra an Chathaoirligh a chaitheamh lena linn, deis agam go háirithe an tsárobair atá ar bun ag Comhairle Contae an Chabháin agus ag ár bpobail áitiúla a fheiceáil, ní hamháin i mo cheantar féin, ach ar fud an Chontae.

Tá méid agus réimse na n-imeachtaí a raibh sé de phribhléid agam freastal orthu ró-iomarcach chun go gcuirfinn anseo iad ar fad, ach i measc cuid de na buaicphointí, bhí na Dámhachtainí Mórtas Ceantair, na Dámhachtainí Ceann Scríbe Beadaithe, agus na Dámhachtainí Comhlachais Éireann le déanaí inar bhuaigh Contae an Chabháin an Gradam ‘Sláinte agus Folláine’.

A bhuí le hobair Ealaíona an Chabháin agus an tSaotharlann Ealaíon Óige, bhí de phribhléid agam cruthaitheacht den chéad scoth a fheiceáil ónár ndaoine óga i Searcóg, i gCoill an Chollaigh, sa Damhshraith, i nDún an Rí, i Muinchille agus gach áit idir eatarthu, gan trácht ar athbheochan Fhéile Ealaíon an Chabháin i mí Mheán Fómhair, imeacht iontach ‘Cruinniú na nÓg’ de chuid Éire Chruthaitheach i mí an Mheithimh agus an tSeachtain Oidhreachta i mí Lúnasa.

Chomh maith leis sin, bhí mé i láthair d'oscailt infheistíochtaí iontacha, nua caipitil inár gContae, amhail tógáil fhoirgneamh nua Choláiste Bhréifne, agus an tIonad nua Cóireála Uisce ar luach €4m i nDún an Rí, a fhreastalóidh ar phobail an cheantair do na blianta atá le teacht. Contae nua-aimseartha, ceannródaíoch is ea an Cabhán agus bhí áthas orm mo chuid a dhéanamh chun ár Straitéis Diaspóra, atá ina dhoiciméad ríthábhachtach agus a bhfuil sé mar aidhm aige daoine agus cairde ón gCabhán a thabhairt le chéile ar fud an domhain chun smaointe, cultúr agus fiontraíocht a chomhroinnt, a chur chun cinn.

Ba mhór an onóir dom ionadaíocht a dhéanamh ar an gcomhairle seo agus ar mhuintir an Chabháin idir Achadh an Iúir agus Würzburg, agus idir Leamhaigh agus Londain, agus an teachtaireacht a scaipeadh faoinár Straitéis Diaspóra agus ár mbaile a chur chun cinn mar áit le cuairt a thabhairt air, le bheith ag obair ann, agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.

Le bliain anuas, chuireamar fáilte roimh dhaoine mór le rá agus roimh chuairteoirí ó gach cearn den Eoraip, lena n-áirítear Ambasadóir na Seoirsia, toscaireacht ó Kürnach; áit a bhfuil nasc láidir againn léi; agus toscaireacht ó Sheanad na Fraince lenar ghlac mé buíochas as an tacaíocht leanúnach a léiríonn a náisiún d'Éirinn agus do réigiúin an teorainn le linn idirbheartaíocht achrannach Brexit.

Ba mhór an onóir dom freisin fáilte a chur roimh an Taoiseach go Baile Shéamais Dhuibh i mí Dheireadh Fómhair, áit ar thug sé cuairt ar Iarsmalann iontach ár gContae agus Eispéireas Éirí Amach 1916 agus Trinse de chuid an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Tugaim cuairt mhinic ar an iarsmalann agus bhí mé ansin an mhí seo caite do chomóradh céad bliain an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill thofa as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú i rith na bliana. Nuair a ghlacann duine le ról an chathaoirligh, cuireann sin iallach air seasamh siar ó pholaitíocht pháirtí; agus anois agus sin déanta agam, is léir go bhfuil gach duine den 18 mball ag obair go díograiseach ar mhaithe le Contae an Cabháin. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a chur in iúl dár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Tommy Ryan,

dá fhoireann bainistíochta agus dá fhoireann as a gcuid iarrachtaí ar mhaithe leis an gContae le linn 2018.

**An Comhairleoir Madeleine Argue,** Cathaoirleach

## Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil a chur in bhur láthair - tuarascáil ina léirítear a bhfuil déanta agus a bhfuil bainte amach ag Comhairle Contae an Chabháin in 2018.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo deis dúinn féachaint siar ar an raon leathan gníomhaíochtaí agus seirbhísí a bhí ar bun ag ár n-eagraíocht le linn na bliana.



Bliain dhúshlánach a bhí inti i mbliana don údarás áitiúil, go háirithe de bharr na drochaimsire déine a bhí ann le linn Stoirm Emma agus ‘an Torathair Anoir’ mar a tugadh uirthi.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun ómós a thabhairt d’fhoireann dóiteáin, bóithre agus ceantair bhardasaigh Chomhairle Contae an Chabháin mar aon lenár saorálaithe Cosanta Sibhialta, as a gcrógacht agus as an obair mhór a rinne siad chun sábháilteacht an phobail a chinntiú agus chun an cur isteach ar sheirbhísí a íoslaghdú le linn na tréimhse seo. Ba spreagúil an spiorad pobail agus an obair dheonach a léiríodh le linn na bhfeiniméan aimsire amach is amach.

Rinne roinnt ball foirne ionadaíocht ar Chomhairle Contae an Chabháin ag fáiltiú a raibh an Taoiseach ina óstach aige i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin agus is léiriú é sin ar an meas atá ar iarrachtaí ár bhfostaithe.

Ainneoin an iliomad dúshlán a bhí le sárú in 2018, tá áthas orm a thuairisciú gur baineadh go leor maitheasa amach sa Chontae, agus tugann leathanaigh an doiciméid seo breac-chuntas ar éachtaí ár bhfoirne chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár ráiteas misin a luadh, is é sin “An Cabhán a chur chun cinn mar áit uathúil le cónaí a dhéanamh ann, obair a dhéanamh ann agus gnó a dhéanamh ann”.

Arís eile, in 2018, chuir Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP) an Chabháin an bhunsraith straitéiseach ar fáil do go leor dár n-iarrachtaí mar aon le pleananna coimhdeacha amhail Plean Forbartha Turasóireachta an Chabháin, Straitéis Bia an Chabháin, Straitéis Diaspóra an Chabháin, Straitéis Ealaíon an Chabháin agus plean Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin 'Spórt agus Gníomhaíocht don Saol, do Chách'.

Tríd an LECP, in 2018, ghiaráil Comhairle Contae an Chabháin agus comhpháirtithe, lena n-áirítear *Breffni Integrated,* breis agus €4.6m don Chontae trí scéimeanna amhail an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS), an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus an Ciste Athghiniúna Tuaithe.

A bhuí leis an bpleanáil straitéiseach le cúpla bliain anuas, tá an maoiniú seo ag cabhrú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta an Chontae ar bhealach spriocdhírithe, struchtúrtha, ag cabhrú leis an gContae barr a chumais a bhaint amach.

A bhuí le hobair chrua na heagraíochta seo agus a foirne in 2018, béarfaidh pobail ar son an Chontae na sochair leo ar feadh na mblianta atá le teacht.

**Bhain an t-údarás áitiúil roinnt éachtaí suntasacha amach in 2018:**

- Bhuaigh Comhairle Contae an Chabháin agus a comhpháirtithe idirghníomhaireachta an Gradam Sláinte agus Folláine do Thionscadal Óige LADT+ *Cavan Rainbow Youth* ag Dámhachtainí Chomhlachais Éireann d'Fheabhas sa Rialtas Áitiúil a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna.

- In 2018, críochnaíodh 14 aonad nua tithíochta sóisialta; ceithre cinn i nDroichead an Bhuitléaraigh agus ocht gcinn i mBéal Átha hÉis. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thógáil 8 dtithe eile in Achadh na Madadh sa Mhullach, fad is a chuaigh 25 teach ar aghaidh go dtí Céim 2 Pleanáil agus Dearadh in 2018. Chomh maith leis sin, thug Comhairle Contae an Chabháin éadáil 31 teach chun críche in 2018.

- D’éirigh go hiontach arís eile le *Taste of Cavan*, agus tarraingíodh aird shuntasach ar na meáin nuair a bhuail an réalta Hollywood, Jesse Eisenberg, isteach chun roinnt táirgí áitiúla a bhlaiseadh.

- Lean réalta bia an Chabháin ar aghaidh ag ardú, toisc gur ainmníodh an Cabhán ar cheann de na Deich gCeann Scríbe is Mó do Bheadaithe i gComórtas Ceann Scríbe Beadaithe 2018 de chuid Chumann Bialann na hÉireann.

- Bhain an Cabhán dhá ghradam amach ag Dámhachtainí Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) 2018 a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra. Ainmníodh Cathaoirleach Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin, an tUasal Bob Gilbert, mar ‘Shaorálaí Pobail na Bliana’ agus bhuaigh Pop-Up Gaeltacht an Chabháin, a d’eagraigh Comhairle na nÓg agus ar thacaigh Comhairle Contae an Chabháin leis, an duais don ‘Tionscnamh Gaeilge is Fearr’.

- Cuireadh tús le hobair ar Spás Comhroinnte nua, maoinithe ag an gClár Tacaíochta Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) IV, in Iarsmalann Chontae an Chabháin. Cuirfidh an áis úr, nua-aimseartha seo, atá comhlántach mar sin féin, i bhfoirgneamh na hiarsmalainne atá ann ón 19ú haois, cuirfidh sí go mór le cláir tógála síochána na hiarsmalainne, a bhain duaiseanna amach cheana, agus cuirfidh sí bealach isteach nua ar fáil, rud a dhéanfaidh eispéireas an chuairteora a athbheochan.

- Thacaigh Oifig Ealaíon an Chabháin agus Foireann Cultúir Éire Chruthaitheach le réimse ollmhór tionscadal lena n-áirítear féile nua, Féile Ealaíon an Chabháin, ar éirigh go hiontach léi.

- Osclaíodh an t-ionad nua cóireála uisce i nDún an Rí i mí na Samhna, a chinntigh go mbeadh cáilíocht an uisce níos fearr agus níos iontaofa do 3,200 custaiméir i gceantar Dhún an Rí.

- Sheol an tAire Heather Humphreys Catalóg Staire Béil Ghuthanna na dTrioblóidí. Mar chuid den obair stairiúil, chartlainne seo, a choimisiúnaigh Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin, d'inis baill den dá phobal a ndeachaigh na Trioblóidí i bhfeidhm orthu, i gContae an Chabháin agus i gContae Fhear Manach, a scéalta. Bhí an tionscadal ina mhír ar chlár suaitheanta nuachta RTÉ *Radio One, 'Morning Ireland'.*

- Seoladh 'An Cabhán Sláintiúil' i mí Feabhra mar chuid den tionscnamh náisiúnta 'Éire Shláintiúil', chun oibriú i dtreo an Cabhán a iompú ina chontae inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte choirp agus mheabhrach, ina mbíonn meas ar an bhfolláine agus ina dtacaítear leis an bhfolláine ag gach leibhéal den tsochaí.

- Mar chuid den chlár 'Éire Shláintiúil i Do Leabharlann', d'fhreastail roinnt grúpaí móra ar imeachtaí i gcraobhacha éagsúla de Sheirbhís Leabharlainne an Chabháin maidir le gach rud idir athléimneacht don óige agus aire a thabhairt do do phutóg.

- D'éirigh le hOifig Fiontair Áitiúil, an Cabhán, tacú leis an mbean ghnó ón gCabhán, Jessica Kavanagh, bunaitheoir Olann, dul chomh fada leis an gComórtas Ceannais Náisiúnta sa chomórtas don 'Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn'.

- Críochnaíodh cuid A de scéim athailínithe an N55 ón gCorr Dhubh go Deisceart Killydoon, a chuimsigh athailíniú 3km a dhéanamh ar an N55 ag dhá shuíomh ar leith ó dheas ó Bhéal Átha na nEach, críochnaíodh a bheag nó a mhór in 2018 í.

- Ainmníodh ceithre thionscadal ón gCabhán do Dhámhachtainí Pobail agus Comhairle Chumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil. Reáchtáladh an tríú Móraonach Tionscnaimh Fuinnimh de chuid an Chabháin mar chuid den tríú Féile Eolaíochta de chuid an Chabháin agus Mhuineacháin, agus ainmníodh é don 'Tionscnamh/Tionscadal Timpeallachta/Éiceolaíochta is Fearr'. Ainmníodh an tionscadal *Fun Activities 4 All* don 'Tionscnamh Rochtana do

Dhaoine faoi Mhíchumas agus Ionchuimsithe is Fearr'. Ainmníodh drama Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin, '*The Best Years of Our Lives Have Yet to Come',* don 'Tionscnamh Pobalbhunaithe is Fearr, fad is a ainmníodh Coláiste Dún an Rí i nDún an Rí don 'Fhoirgneamh Oideachais is Fearr'.

- I mí Dheireadh Fómhair, sheol an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys, Plean Gnímh an Chláir Tacaíochta Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) IV d'Údarás Áitiúil an Chabháin.
- I ndiaidh an phróisis Tairisceana chun stáisiún dóiteáin nua a thógáil in Achadh an Iúir, ceapadh *Gowna Construction* ina phríomhchonraitheoir an 28 Lúnasa 2018.
- Chuir Iarsmalann Chontae an Chabháin clabhsúr leis an mbliain le gradam d'Fheabhas sa Rialtas Áitiúil ó Chomhlachais Éireann dá chlár oideachais comórtha.
- Cuireadh tús le hobair ar Halla Baile an Chabháin a athchóiriú. Sábhálfar an foirgneamh íocónach seo mar mhol ealaíon agus cultúrtha amach anseo do na glúnta atá le teacht a bhuí le hinfheistíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, PEACE IV, agus Comhairle Contae an Chabháin.
- Tugadh aitheantas do 86 ball foirne a bhí sa tseirbhís le 25 bliain nó níos mó agus do 15 duine a chuaigh ar scor le déanaí as ucht a n-iarrachtaí agus iad ag freastal ar mhuintir an Chabháin ag fáiltiú speisialta i mí na Nollag.

- Cuireadh tús le hobair ar an gconair áineasa idir Béal Átha Conaill agus Baile Uí Shíoda, comhthionscadal idir Comhairle Contae an Chabháin agus Uiscebhealaí Éireann, atá maoinithe ag an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh a bheidh mar chuid de thionscnamh féarbhealaigh níos leithne. Fógraíodh €500,000 breise faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2018

don chuid sin den tionscadal a théann ó Bhéal Tairbirt go dtí an Chorrchoil i mí na Samhna.

- I mí na Samhna, ghiaráil Comhairle Contae an Chabháin €867,174 faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe chun cabhrú le poist a chruthú i Muinchille agus sa cheantar máguaird tar éis iarratas rathúil a dhéanamh ar thionscadal Eastát Tionsclaíochta Mhuinchille.

- I mí na Samhna freisin, d'fhógair an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú thart ar €250,000 do chomhthionscadal forbartha uirbí i mBaile an Chabháin faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí.

- D'fhorbairt Foireann Cultúir Chomhairle Contae an Chabháin agus comhordaitheoir áitiúil an chláir Éire Chruthaitheach Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chabháin, i gcomhar le healaíontóirí, daoine cruthaitheacha, eagraíochtaí cultúrtha agus oidhreachta, grúpaí pobail, na tionscail chruthaitheacha, ionaid oideachais agus scoileanna áitiúla.

- Faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh, fuarthas maoiniú do Pháirc Foraoise Choillidh Chaoin (€221,000); Foraois Pháirc na bhFianna, Achadh an Iúir (€24,000); Páirc Foraoise Dhún an Rí (€180,000) agus Féarbhealach Bhaile an Chabháin (€257,466).

- Seoladh straitéis nua ealaíon, 'Uileghabhálacht agus Uaillmhian – Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2018 – 2023' i mí an Mhárta 2018.

- I mí Lúnasa, d'óstáil Comhairle Contae an Chabháin toscaireacht ó bhardas Kürnach na Gearmáine agus ón gcathair Würzburg agus an caidreamh láidir idir an Cabhán agus an Ghearmáin, a théann siar breis agus míle bliain ó shin, á neartú arís eile.

- D'óstáil Líonra Míchumais an Chabháin, i gcomhar le *Breffni Integrated,* Comhairle Contae an Chabháin agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chabháin, comhdháil lae dar teideal '*It's Our Space Too'* i mí Mheán Fómhair.

- D'fhorbair *Gaffney & Cullivan Architects* 20 Plean Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte i gcomhar le *Tyréns,* speisialtóirí san athnuachan phoiblí.

- Rinne an Cabhán ceiliúradh ar Chruinniú na nÓg, lá óige agus cruthaitheachta na hÉireann, Dé Sathairn an 23 Meitheamh, agus reáchtáladh imeachtaí ar éirigh go maith leo i mBaile Shéamais Dhuibh, Coill an Chollaigh, Muinchille, Droichead an Bhuitléaraigh mar aon le Pop-Up Gaeltacht i gCearnóg an Mhargaidh i mBaile an Chabháin.

- I mí Aibreáin, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring TD, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. D'éirigh le seacht mbaile agus sráidbhaile maoiniú a fháil faoin scéim; bronnadh €200,000 ar Mhuinchille, bronnadh €100,000 ar Choill an Chollaigh ach an oiread le hAchadh an Iúir, fuair Baile Átha na nEach agus Searcóg €40,000 agus fuair an Bábhún Buí agus Cill Chóige €25,000. Cuirfear oibreacha faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i gcrích in 2019.

- Cuireadh tús leis an gClár nua um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) do 2018-2022 i mí Eanáir 2018. Is é an comhlacht forbartha áitiúil, *Breffni Integrated CLG,* atá á sholáthar ar son na gCoistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC). Thacaigh SICAP le 559 duine aonair, 6 fhiontar shóisialta agus 48 grúpa áitiúil pobail le linn 2018, figiúirí a d'fhág gur sáraíodh na spriocanna.

Is mian liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirligh, an comhairleoir Paddy McDonald agus an comhairleoir Madeleine Argue, agus leis na Baill Thofa, na Coistí Polasaithe Straitéiseacha, na Comhghníomhaireachtaí agus leis na hEagraíochtaí Deonacha agus Pobail as an obair a rinne siad agus as an tacaíocht a chuir siad ar fáil in 2017.

Ba mhaith liom aitheantas áirithe a thabhairt don mhéid atá déanta acu le feabhas a chur ar an gCabhán ar son an phobail uile. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bhfoireann as an dúthracht bhuan, an dílseacht agus an tiomantas a léirigh siad

don eagraíocht, agus aitheantas a thabhairt dá n-iarrachtaí den chéad scoth le linn 2018.

**Tommy Ryan,** Príomhfheidhmeannach

## Ceantair Bhardasacha agus a nIonadaithe Tofa

### Ceantar Bardasach Choill an Chollaigh-Mhuinchille

- Carmel Brady, Fine Gael
- Fergal Curtin, Fianna Fáil
- Clifford Kelly, Fianna Fáil
- Paddy McDonald, Sinn Féin
- Sarah O'Reilly, Fianna Fáil
- Val Smith, Fine Gael

### Ceantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt

- Madeleine Argue, Fine Gael
- Damian Brady, Sinn Féin
- Daniel Downey, Sinn Féin
- John Paul Feeley, Fianna Fáil
- Peter McVitty, Fine Gael
- Sean Smith, Fianna Fáil

### Ceantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh

- Winston Bennett, Fine Gael
- Philip Brady, Fianna Fáil
- Noel Connell, Sinn Féin
- Paddy O'Reilly, Fine Gael
- Shane P O'Reilly, Fianna Fáil
- Paddy Smith, Fine Gael

## Cruinnithe an Údaráis Áitiúil

| Cruinniú | Líon |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla, Athchruthaithe agus Speisialta | 12 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh | 7 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach Choill an Chollaigh-Mhuinchille | 6 |
| Cruinnithe Cheantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt | 6 |
| Cruinniú Cinn Bliana | 1 |
| Cruinniú Buiséid na Bliana | 1 |
| Cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh | 11 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta, Pobail, Sóisialta & Cultúrtha | 2 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha Timpeallachta agus Pleanála | 5 |
| An Coiste um Beartais Straitéiseacha Bóithre & Bonneagair | 2 |
| Forbairt Eacnamaíochta | 4 |
| An Comhchoiste Póilíneachta | 4 |
| An Coiste Iniúchta | 4 |

**Comhdhálacha, Seimineáir agus Imeachtaí ar Fhreastal Baill Thofa orthu**

| Comhdháil / Seimineár / Imeacht | Suíomh | Cuspóir | Líon Ball |
|---|---|---|---|
| Comhdhálacha Ceilteacha | *The Clonakilty Hotel*, Co. Chorcaí | Beartas Comhtháthaithe AE 2014 go 2020 | 4 |
| Scoil Samhraidh Parnell | An Chraobhach, Co. Chill Mhantáin | Scoil Samhraidh | 3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scoil Samhraidh Mhic an Ghoill | Na Gleannta, Co. Dhún na nGall | Scoil Samhraidh | 9 |

**Taisteal Thar Lear le Baill Thofa**

| **Suíomh** | **Cuspóir** | **Líon daoine** |
|---|---|---|
| Nua-Eabhrac | D'fhreastail an Cathaoirleach ar Pharáid Lá Fhéile Pádraig agus ar Dhinnéar Chumann an Chabháin | 1 (Cathaoirleach) |
| Würzburg, an Ghearmáin | Forbairt agus neartú nasc le Würzburg, áit ar maraíodh Naomh Killian, a rugadh sa Mhullach | 5 |
| Londain | D'fhreastail an Cathaoirleach ar Dhamhsa is Dinnéar Bliantúil Chumann an Chabháin | 1 (Cathaoirleach) |

**Oiliúint ar Bhain Baill Thofa Leas aisti**

| **Teideal na hOiliúna** | **An Comhlacht a Chuir an Oiliúint ar Fáil** | **Suíomh** | **Líon Daoine** |
|---|---|---|---|
| Modúl 1 – Comhairleoirí & Iriseoirí – An bealach is fearr le do theachtaireacht a chur in iúl tríd na meáin | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG) | *Lakeside Manor Hotel*, Achadh an Iúir;<br>*Seven Oaks Hotel*, Ceatharlach;<br>*Mullingar Park Hotel* | 5<br>6<br>1 |
| Modúl 2 – Comhairleoirí & Sábháilteacht Pobail | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Castlecourt Hotel*, Cathair na Mart | 13 |
| Modúl 3 – Uisce Éireann & Fóntas Uisce Phoiblí Amháin | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Great Northern Hotel*, Bun Dobhráin;<br>*Crowne Plaza Hotel*, Dún Dealgan | 6<br>1 |
| Modúl 4 – Ríomhphleanáil & an Tionscadal Náisiúnta Bainistithe Foirgníochta | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Bush Hotel*, Cora Droma Rúisc;<br>*County Arms Hotel*, Biorra; | 3<br>3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | *Silver Springs Hotel* | 6 |
| Modúl 5 – Airgeadas & Buiséadú na nÚdarás Áitiúil | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Sligo Park Hotel*;<br>*Radisson Blu Hotel*, Luimneach | 13<br><br>1 |
| Modúl 6 – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) & an Ball Tofa | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Hotel Kilmore*, An Cabhán;<br>*Hotel Kilkenny;*<br>*Springfield Hotel,* Léim an Bhradáin | 4<br><br>1<br>1 |
| Seimineár Oiliúna an Earraigh | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *The City North Hotel,* Baile Mhic Gormáin, Co. na Mí | 13 |
| Comhdháil Bhliantúil | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Park Hotel*, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge | 12 |
| Seimineár Oiliúna an Fhómhair | Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann | *Hillgrove Hotel*, Muineachán | 11 |
| Seimineár Oiliúna an Earraigh | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LAMA) | *The Central Hotel*, Baile Dhún na nGall | 11 |
| Seimineár Oiliúna an Fhómhair | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | *River Island Hotel*, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí | 13 |

**Tá Ionadaíocht ag Baill Thofa an Údaráis Áitiúil agus Comhlachtaí Eile ar**

| | |
|---|---|
| Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin | Clifford Kelly, Shane P. O'Reilly, Madeleine Argue, Carmel Brady, Patrick O'Reilly, Paddy McDonald, Sarah O'Reilly |
| Fóram Réigiúnach Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh | Philip Brady, Peter McVitty, Paddy McDonald |
| Bord Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Chabháin | Philip Brady, Madeleine Argue, Paddy McDonald |

| | |
|---|---|
| Údarás Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair | Sean Smith, Paddy Smith |
| Gréasán Limistéar Lár-Theorann na hÉireann (ICBAN) | Winston Bennett, Fergal Curtin |
| Comhar-Árachais Comhairí Éireann Teo | Paddy O'Reilly |
| Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG) | Philip Brady, John Paul Feeley, Carmel Brady |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Winston Bennett |
| Coiste Áitiúil Forbartha Pobail an Chabháin | Clifford Kelly, Patrick O'Reilly, Paddy McDonald |
| Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin | Shane P. O'Reilly, Clifford Kelly, Fergal Curtin, John Paul Feeley, Winston Bennett, Carmel Brady, Peter McVitty, Paddy Smith, Madeleine Argue, Damien Brady, Noel Connell, Paddy McDonald, Sarah O'Reilly |
| Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Oirthuaiscirt | Shane P. O'Reilly |
| An Coiste Comhairleach um Chóiríocht do Thaistealaithe Áitiúla | John Paul Feeley, Paddy Smith, Daniel Downey, Damien Brady |
| An Coiste Áitiúil Monatóireachta (An Clár Uisce Tuaithe) | Sean Smith, Winston Bennett, John Paul Feeley |
| Fóram Oidhreachta Chontae an Chabháin | Val Smith, Damien Brady, Sarah O'Reilly |

**Íocaíochtaí le Baill de Chomhairle Contae an Chabháin**

| | |
|---|---|
| Liúntas Bliantúil do Chostais (costais taistil, cothaithe agus ilghnéitheacha) | €90,670.68 |
| Íocaíochtaí Ionadaíochta | €303,697.98 |
| Liúntais an Chathaoirligh/Leas-Chathaoirligh (lena n-áirítear Údaráis Bhardasacha) | €40,053.62 |

| | |
|---|---|
| Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha | € 24,000.00 |
| Taisteal agus Cothabháil chun freastal ar Chomhdhálacha agus Seimineáir | € 8,619.15 |
| Taisteal agus Cothabháil chun freastal ar Imeachtaí Oiliúna | € 37,021.23 |
| Taisteal agus Cothabháil chun freastal ar imeachtaí thar lear | € 3,615.35 |

**Na Coistí um Beartais Straitéiseacha ó Mheitheamh 2014 go Meitheamh 2019**

| **Fiontar & Forbairt Eacnamaíochta** | **An Timpeallacht agus Pleanáil** |
|---|---|
| An Comhairleoir John Paul Feeley, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Carmel Brady<br>An Comhairleoir Peter McVitty<br>An Comhairleoir Sarah O'Reilly<br>Chris Kirk, Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)<br>Thomas Rogers, Talmhaíocht<br>Garry Allison<br>Nikki McGoohan | An Comhairleoir Damian Brady, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Winston Bennett<br>An Comhairleoir Fergal Curtin<br>An Comhairleoir Val Smith<br>An Comhairleoir Madeleine Argue<br>Fintan McCabe, Timpeallacht<br>Barry Kavanagh (PPN)<br>Thomas Cooney, Talmhaíocht<br>Andrew O'Gorman, Comhlachais Éireann |
| **Tithíocht, Pobal, Sóisialta agus Cultúrtha** | **Bóithre agus Bonneagar** |
| An Comhairleoir Val Smith, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Noel Connell<br>An Comhairleoir Clifford Kelly<br>An Comhairleoir Patrick O'Reilly<br>An Comhairleoir Shane P O'Reilly<br>Thomas Maughan (PPN)<br>Madeleine Uí Mhéalóid (PPN)<br>Larry McCluskey (PPN) | An Comhairleoir Paddy O'Reilly, **Cathaoirleach**<br>An Comhairleoir Paddy McDonald<br>An Comhairleoir Paddy Smith<br>An Comhairleoir Sean Smith<br>An Comhairleoir Philip Brady<br>Jim Maguire<br>Philip Smith (Talmhaíocht)<br>Gary Meehan<br>Pauline Brady Flood |

**Síntiúis Pholaitiúla**

Ceanglaítear leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (arna leasú), go dtabharfadh Baill Thofa Údarás Áitiúil ráitis síntiús dá nÚdarás Áitiúil faoin 31 Eanáir gach bliain ina dtugtar sonraí maidir le haon síntiúis a fuair siad sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin. Níor dhearbhaigh na baill thofa aon síntiúis don tréimhse idir an 1 Eanáir 2018 agus an 31 Nollaig 2018 de réir na ráiteas síntiús a chuir gach ball tofa isteach faoin 31 Eanáir 2018.

**Plean Corparáideach**

**Ráiteas Misin: "Tús Áite a Thabhairt don Chabhán"**

**Ár Luachanna**

Déanfaimid iarracht na luachanna seo a léiriú sa chaoi a gcaithfimid le daoine, a gcuirimid seirbhísí ar fáil agus a ndéanaimid teagmháil leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile.


| | |
|---|---|
| **Macántacht** | An fhírinne a insint |
| **Cúirtéiseach** | A bheith dea-bhéasach agus measúil |
| **Cabhrach** | A bheith toilteanach cabhrú le daoine eile |
| **Uaillmhianach** | A bheith rathúil |
| **Nuálaíoch** | Smaointe nua a iniúchadh |
| **Fórasach** | Dul chun cinn leanúnach a dhéanamh |
| **Freagrach** | Glacadh go dáiríre lenár ndualgas |
| **Iontaofa** | Is féidir brath orainn |
| **Ionchuimsitheach** | Glacadh le héagsúlacht |
| **Díograiseach** | Ár gcuspóirí a bhaint amach |

Ach na luachanna seo a léiriú inár dteanga, ár n-iompar, ár gcaidrimh agus ár gcinnteoireacht, cruthóidh Comhairle Contae an Chabháin éiteas dearfach dár bhfoireann, dár mbaill thofa, dár ngeallsealbhóirí agus do gach duine a bhaineann leas as na seirbhísí a sholáthraímid.

**Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach**


Glacadh leis an bPlean Corparáideach in Aibreán 2014 agus tugtar breac-chuntas ann ar chreat straitéiseach an Údaráis Áitiúil maidir le gníomhaíocht le linn shaolré na Comhairle. (Glactar leis de réir Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 mar a cuireadh isteach in Alt 49 den Acht Rialtais Áitiúil 2014 é).

Mar seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha a aithnítear sa Phlean Corparáideach 2015-2019:




De réir Alt 134 (9) (a) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, ceanglaítear ar Chomhairle Contae an Chabháin Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn a ullmhú bunaithe ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil seo agus cuireadh i láthair é mar chuid den tuarascáil ar an mbuiséad a cuireadh faoi bhráid na mball aimsir an chruinnithe reachtúil buiséid. Áiríodh sa tuarascáil bhliantúil dul chun cinn tuarascálacha le rannóga éagsúla mar aon leis an bPlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse agus tuarascálacha míosúla an phríomhfheidhmeannaigh. Chuir an tuarascáil síos ar dhul chun cinn a rinneadh le linn 2017 agus leagadh amach inti dul chun cinn a rinneadh maidir le gealltanais a leagadh síos i bPlean Corparáideach na Comhairle don tréimhse idir 2014 agus 2019.

## Foireann Bainistíochta



## Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pobal agus Fiontar, Turasóireacht, Gnóthaí Cultúrtha

### Gnóthaí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as gach gné den fheidhm acmhainní daonna a sholáthar, lena n-áirítear earcú, roghnú agus eagrú na foirne mar aon le hoiliúint agus forbairt, leas foirne, caidrimh tionsclaíocha, bainistiú agus forbairt feidhmíochta, comhpháirtíocht san ionad oibre, comhionannas agus éagsúlacht, agus aoisliúntas.

Ag deireadh na bliana, bhí 408 ball foirne fostaithe ag an gComhairle. Seo a leanas líon na gcroíbhall foirne atá oibríonn i ngach ceann de na catagóirí:

| **Soláthar Foirne** | **Líon** |
|---|---|
| Foireann Bainistíochta | 5 |
| Foireann Cléireachais/Rialacháin | 177 |
| Foireann Ghairmiúil/Theicniúil | 60 |
| Foireann Allamuigh | 140 |
| Poist/Tionscadail ar Conradh | 19 |
| Foireann Shealadach/Shéasúrach | 7 |
| Iomlán | 408 |

### Leas Foirne

Tuigimid go bhfuil gá go mbainfeadh baill foirne cothromaíocht oibre agus saoil amach. Tá rochtain ag fostaithe ar réimse leathan scéimeanna a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú le fostaithe cothromaíocht cheart oibre agus saoil a bhaint amach. I meas na scéimeanna seo, tá saoire thuismitheoireachta, saoire *force majeure,* postroinnt, saoire le linn an téarma scoile, bliain oibre níos lú agus sosanna gairme.

**Táscairí Seirbhíse:**

**% de laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteachta**

| | Saoire Bhreoiteachta le Teastas | Saoire Bhreoiteachta gan Teastas |
|---|---|---|
| 2010 | 4.19% | 0.34% |
| 2011 | 4.17% | 0.25% |
| 2012 | 3.14% | 0.39% |
| 2013 | 3.39% | 0.18% |
| 2014 | 3.01% | 0.18% |
| 2015 | 2.43% | 0.19% |
| 2016 | 3.44% | 0.23% |
| 2017 | 3.68% | 0.23% |
| 2018 | 4.51% | 0.20% |

| CORPARÁIDEACH | 2018 |
|---|---|
| **C1. Líon Iomlán Coibhéisí Lánaimseartha** | |
| Líon ball foirne arb ionann iad agus lánaimseartha | 383 |
| **C2. % de Laethanta Oibre a Cailleadh de bharr Breoiteachta (le teastas / gan teastas)** | |
| % de laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteachta trí shaoire le teastas míochaine | 3.74% |
| % de laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteachta trí shaoire fhéindheimhnithe | 0.2% |

**Clár na dToghthóirí**

Agus freagracht ann Dréachtchlár agus Clár Beo na dToghthóirí agus an Forlíonadh don Chlár a chur le chéile, foilsítear an Clár an 1 Feabhra gach bliain agus tagann sé i bhfeidhm an 15 Feabhra den bhliain chéanna. Cuimsítear sa Chlár na catagóirí toghthóirí seo a leanas: Toghchóirí Uachtaránachta, Dála, Eorpacha agus Rialtais Áitiúil. Cinnfidh saoránacht duine an chatagóir ina mbeidh sé/sí agus an cineál toghcháin ag a bhféadfaidh sé/sí vótáil, mar a thaispeántar thíos.

| Saoránacht | Cineál toghcháin ag a bhféadfaidh an duine vótáil |
|---|---|
| Saoránaigh Éireannacha | Gach Toghchán agus Reifreann |
| Saoránaigh Bhriotanacha | Toghcháin Dála, Eorpacha agus Áitiúla |
| Saoránaigh Eorpacha eile | Toghcháin Eorpacha agus Áitiúla |
| Saoránaigh nach de chuid an AE iad | Toghcháin Rialtais Áitiúil amháin |

D'fhonn a bheith incháilithe le clárú mar thoghthóir, ní mór do dhuine:

- A bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine an 15 Feabhra an bhliain a thagann an Clár i bhfeidhm.
- Gnáthchónaí a bheith air/uirthi i gceann de na trí thoghcheantar an 1 Meán Fómhair an bhliain sula dtagann an Clár i bhfeidhm.

Ba é líon iomlán na dToghthóirí sa Chontae do Chlár na dToghthóirí 2018/2019 55,746. (An Cabhán/Muineachán 45,291 agus Sligeach/Liatroim 10,455). Fuarthas réidh le 36 toghroinn i dTuarascáil an Choimisiúin um Thoghlaigh, ar tagraíodh dóibh go scaoilte mar thoghranna a bhí "siar" ó Chontae an Chabháin, fuarthas réidh leo i dtoghlach an Chabháin-Mhuineacháin agus cuireadh isteach sa toghlach nua iad ina bhfuil Sligeach, Liatroim agus cuid de Dhún na nGall. Maidir leis an Acht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), 2017 (Uimh. 39 de 2017), a shínigh an tUachtarán ina dhlí an 23 Nollaig 2017, cruthóidh Contae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin, in éineacht le daonra áirithe ó thoghlach na Mí Thoir, toghlach an Chabháin-Mhuineacháin, a bheidh anois ina thoghlach 5 shuíochán.

| Toghcheantar Áitiúil | Líon Toghthóirí |
|---|---|
| Coill an Chollaigh-Muinchille | 19,867 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 19,745 |
| An Cabhán-Béal Tairbirt | 17,929 |
| **Iomlán** | **57,541** |

**Foghlaim & Forbairt**

Leanadh le Clár cuimsitheach Oiliúna a sholáthar chun go mbeadh ar chumas ball foirne a ról a chomhlíonadh ar bhealach muiníneach, inniúil agus chun go mbeidís in ann cur go héifeachtach le fís fhoriomlán na heagraíochta agus le baint amach na spriocanna agus na gcuspóirí a ghabhann léi. Cuireadh oiliúint foirne ar fáil agus béim áirithe ar shláinte & sábháilteacht agus ar riachtanais éigeantacha oiliúna eagraíochta. Leanadh le tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne a raibh suim acu páirt a ghlacadh i gcláir staidéir breisoideachais. Comhghairdeas le gach duine a bhain cáilíochtaí amach. Leanadh le hoiliúint a sholáthar dár mBaill Thofa uile.

**Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**

Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) an mheicníocht a úsáidtear chun tacú le feidhmíocht agus chun feabhas a chur uirthi ar leibhéil an duine aonair, na foirne agus na heagraíochta agus is bealach é chun baill foirne aonair a mhealladh agus a fhorbairt agus chun tacú leo. Príomhghné de PMDS is ea an tSraith Iomlán Feidhmíochta. Is dlúthchuid dár bpróiseas PMDS í an chreat inniúlachta, atá neadaithe anois san eagraíocht do Bhainisteoirí Sinsearacha agus do Mheánbhainisteoirí araon. An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí a stiúrann an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

**Saoráil Faisnéise (FOI)**

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm an 21 Aibreán 1998. Bronnadh na cearta seo a leanas ar an bpobal:

- Ceart rochtana ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- An ceart chun faisnéis phearsanta fúthu atá i seilbh comhlachtaí dá leithéid a cheartú nó a nuashonrú nuair is gá
- An ceart chun na cúiseanna atá le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí agus a théann i bhfeidhm orthu a fháil amach

Achtaíodh an reachtaíocht reatha um Shaoráil Faisnéise (FOI) agus cuireadh i bhfeidhm ar údaráis áitiúla i mí Dheireadh Fómhair 2014 í. Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- Rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais nó comhlachtaí poiblí eile mar a shainmhínítear san Acht iad.
- Faisnéis phearsanta a choinnítear fúthu a cheartú nó a nuashonrú sa chás go mbíonn an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- Na cúiseanna atá le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí agus a théann i bhfeidhm orthu a fháil amach.

**Staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise (FOI):**

| | |
|---|---|
| Líon cásanna a tugadh ar aghaidh ó 2017: | 3 |
| Líon iarratas a fuarthas: | 88 |
| Líon iarratas a ceadaíodh: | 65 |
| Líon iarratas a ceadaíodh go pointe áirithe: | 5 |
| Líon iarratas ar diúltaíodh dóibh: | 13 |
| Líon iarratas a tarraingíodh siad/a ndeachthas i ngleic leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise: | 4 |
| Líon iarratas beo an 31 Nollaig 2018: | 4 |

**Nochtuithe Cosanta**

Tháinig an tAcht um Nochtuithe Cosanta i bhfeidhm an 15 Iúil 2014. De réir Alt 22 den Acht sin, tá sé de dhualgas ar Chomhairle Contae an Chabháin tuairisc a thabhairt ar líon na nochtuithe cosanta a rinneadh leis an gComhairle an bhliain roimhe sin.

De réir Alt 22:

(1) Déanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuarascáil é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint agus ina bhfuil faisnéis maidir leis na hábhair a shonraítear i bhfo-alt (2).

(2) Is iad na hábhair sin -

(a) Líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí,

(b) An gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin, agus

(c) Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh mar a iarraidh an tAire ó am go ham.

De réir Alt 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, thuairiscigh Comhairle Contae an Chabháin go bhfuair sí nochtadh cosanta amháin sa tréimhse 12 mhí dar críoch an 28 Meitheamh 2018 agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa nochtadh cosanta sin.

**Cosaint Sonraí**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Baineann raon, caighdeáin agus smachtbhannaí níos leithne le GDPR agus feictear gur oiriúnaí é don fheidhm san aois dhigiteach.

**Bronnadh na cearta seo a leanas ar an bpobal:**

- An ceart go gcuirfí ar an eolas é;
- An ceart rochtana;
- An ceart chun ceartaithe;
- An ceart chun scriosta
- An ceart chun srian a chur ar phróiseáil;
- An ceart chun iniomparthacht sonraí;
- An ceart chun agóid a dhéanamh;
- Cearta maidir le cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe.

**Mar Rialaitheoir Sonraí, tá ceangal dlí ar Chomhairle Contae an Chabháin na nithe seo a leanas a dhéanamh faoin reachtaíocht:**

- É a phróiseáil go dleathach, go cóir agus go trédhearcach;

- É a bhailiú chun críocha cuspóir nó cuspóirí sonraithe, sainráite agus dlisteanacha amháin, agus gan é a úsáid ar aon bhealach nach luíonn leis na feidhmeanna sin;
- A chinntiú go bhfuil sé leordhóthanach, ábhartha agus teoranta dá bhfuil riachtanach don fheidhm dá bhfuiltear á phróiseáil.
- É a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta agus aon sonraí atá míchruinn a scriosadh nó a cheartú gan mhoill;
- Sa chás go gcoinnítear é ar bhealach a ligeann duit cé lena mbaineann na sonraí a aithint, ná coinnigh é níos faide ná mar is gá;
- Coinnigh slán é ach na bearta slándála teicniúla agus/nó eagrúcháin cuí a úsáid;
- A bheith in ann a léiriú go bhfuil na prionsabail thuas á gcomhlíonadh agat; agus
- Freagra a thabhairt ar iarratais ó dhaoine aonair chun a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú (mar shampla an ceart rochtana).

**Staitisticí 2018 maidir le Cosaint Sonraí:**

| | |
|---|---|
| Iarratais daoine ar a sonraí | 4 |

**Pobal, Fiontar agus Turasóireacht**

Is é an Rannóg Pobail, Fiontair agus Turasóireachta atá freagrach as an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, Athbheochan Bailte agus Sráidbhailte, Dámhachtainí an Chathaoirligh, Ionchuimsiú Sóisialta, Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin, an Clár do Chontaetha Aoisbhácha in Éirinn, an Clár Tacaíochta Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) IV, Comhairle na nÓg, Deontais Pobail agus Dheonacha, Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin agus an Cabhán Sláintiúil, an Oifig Turasóireachta, agus mórimeachtaí bliantúla amhail *Taste of Cavan* agus Féile Siúil an Chabháin. Tacaíonn an Rannóg leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, líonra neamhspleách grúpaí pobail agus deonacha a bhfuil de shainchúram air teagmháil le saoránaigh a fheabhsú, agus déanann an Rannóg maoiniú air freisin. Tá dlúthbhaint aici leis an gCoiste an Chabháin um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine

Óga agus an Plean Áitiúil 'Ag Déanamh Caidreamh Saoil' um Fhéinmharú a Chosc.

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)**

Comhordaíonn an LCDC cláir agus sruthanna maoinithe éagsúla don Chontae lena n-áirítear an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), LEADER agus an Clár Tacaíochta Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) IV. Tá sé freagrach as na gnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur i bhfeidhm.

Bliain shuntasach ba ea an bhliain 2018 do LCDC an Chabháin maidir leis na cláir LEADER agus PEACE IV a chur chun cinn, tionscnamh an Chabháin Shláintiúil a sheoladh, agus tús a chur leis an gclár nua SICAP a mhairfidh ó 2018 go 2022. Arís eile, ghlac baill reachtúla agus neamhreachtúla araon páirt iontach sna cruinnithe LCDC le linn na bliana. Bhí ocht gcruinniú LCDC ann i rith na bliana. Ullmhaíodh tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíocht an LCDC in 2018 agus cuireadh faoi bhráid na Rannóige í.

Cuireadh tús leis an gClár nua SICAP do 2018-2022 i mí Eanáir 2018. Is é an comhlacht áitiúil forbartha, *Breffni Integrated CLG,* atá á sholáthar, ar son an LCDC. Thacaigh SICAP le 559 duine aonair, 6 fhiontar shóisialta agus 48 grúpa áitiúil pobail le linn 2018, rud a d'fhág gur sáraíodh na spriocanna d'eochairtháscairí feidhmíochta 1 & 2. In 2018, osclaíodh dhá oifig nua for-rochtana, ceann amháin i mBaile Shéamais Dhuibh agus ceann eile i mBéal Tairbirt.

Thug baill agus comhlachtaí seachtracha cuir i láthair éagsúla do bhaill an LCDC chun go mbeadh tuilleadh cur amach acu ar earnálacha oibre agus chun cur le deiseanna líonraithe agus feabhsaithe seirbhíse.

Feidhmíonn ceithre fhoghrúpa faoin LCDC: Foghrúpa Comhionannais an LCDC, Foghrúpa Monatóireachta SICAP, Fochoiste LEADER agus Fochoiste an Chabháin Shláintiúil. Chríochnaigh agus rinne an Cabhán Sláintiúil maoirseacht ar chéim 1 de mhaoiniú Éire Chruthaitheach do na LCDCanna i rith na bliana agus bronnadh maoiniú chéim 2 air le haghaidh gníomhaíochtaí leantacha.

**An Cabhán Sláintiúil**

Bronnadh €75,000 ar an iarratas ar an dara céim d'Éire Shláintiúil do thionscadail lena n-áirítear Bailte Aclaí, Tionscnamh Sláinte agus Folláine Scoileanna Iarthar an Chabháin, Brandáil agus Obair Bholscaireachta, agus an Clár *Family Fizzical Fun.* Cuireadh tús le céim 2 de Chlár an Chabháin Shláintiúil i mí Aibreáin 2018 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí Meitheamh 2019.

**Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP)**

Rinneadh athbhreithniú faoi dhó ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail an Chabháin le linn 2018 a léirigh go ndearnadh dul chun cinn maith le nach mór gach gníomhaíocht sa phlean. Foilsíodh nuachtlitir áitiúil LECP faoi dhó le linn 2018 chun eolas faoi fhorbairtí a bhain le gníomhaíochtaí an phlean a scaipeadh.
Le linn 2018, rinneadh dul chun cinn leanúnach ar ghníomhaíochtaí sa phlean pobail, go háirithe:

- Seoladh an líonra ilchultúrtha, Pobal Traschultúrtha an Chabháin, do Chontae an Chabháin
- Seirbhís Faisnéise do Shaorálaithe
- Cuireadh oiliúint drugaí agus alcóil ar fáil do mhúinteoirí i gcomhar leis an nGarda Síochána agus Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin
- Tá an Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga ag feidhmiú go héifeachtach le Tionscnamh Tuismitheoireachta an Chabháin agus le Seirbhís Óige LADT+ an Chabháin a seoladh in 2018
- Tá an straitéis "Ag Déanamh Caidreamh Saoil" á cur i bhfeidhm agus tá monatóireacht á déanamh uirthi
- Seirbhísí nua iompair *LocalLink* timpeall Bhaile an Chabháin agus ar bhealaí de chuid an Chabháin-Mhuineacháin
- Reáchtáladh Ceardlann Sláinte do Thaistealaithe i mí Mheán Fómhair a bhain le Cuid 1 de phlean na hEagraíochta Cúram Sláinte Pobail

- An dara comhdháil bhliantúil de chuid Líonra an Chabháin um Dhaoine faoi Mhíchumas dar teideal '*It's Our Space Too*'
- Rinneadh tionscadail ó ghlúin go glúin idir Comhairle na nDaoine Scothaosta agus daltaí idirbhliana i gColáiste Bhricín, Béal Tairbirt, Coláiste Achadh an Iúir agus Coláiste Naomh Clár, Baile Shéamais Dhuibh. Chomh maith leis sin, d'oibrigh Comhairle na nDaoine Scothaosta ar a drama nua dar teideal '*The Best Years of our Lives Are Yet to Come'* i gcomhar leis an Aonad Ionchuimsithe Shóisialta agus an Oifig Ealaíon
- Reáchtáladh an Móraonach Fuinnimh nua-bhunaithe de chuid an Phobail Fuinnimh Inmharthana agus an Chabháin i mí na Samhna 2018.

**Clár LEADER**

- Tháinig an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) le chéile 10 n-uaire i rith na bliana.
- Le linn 2018, faomhadh 22 tionscadal chun maoiniú LEADER a fháil, maoiniú arbh ionann é agus €1,822,718 ar an iomlán. Tiomsaíodh €2,650,107 don tréimhse idir 2017 agus 2018 ar an iomlán.

**CLÁR**

Clár spriocdhírithe infheistíochta do cheantair thuaithe is ea CLÁR agus tá sé mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bheaga bhonneagair i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Bhí leithdháileadh €5m ann don bhliain 2018, agus bhí oiread agus €4m de sin ar fáil faoi dhá bheart a raibh na hÚdaráis Áitiúla i gceannas orthu do réimse tionscadal Scoile agus Pobail.

- Beart 1: Tacaíocht do Scoileanna/Bearta Sábháilteachta Pobail (€2m)
- Beart 2: Áiteanna Súgartha (€0.75m)

In 2018, chuir Comhairle Contae an Chabháin 15 thionscadal isteach chuig an Roinn lena gceadú agus ina dhiaidh sin fuair sí leithdháileadh €551,488 do na 15 thionscadal faoi Bhearta 1 agus 2.

**Ionchuimsiú Sóisialta**

Is é ról an Aonaid Ionchuimsithe Shóisialta feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí imeallaithe agus oibriú ar bhonn idirghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar bhochtanas agus eisiamh sa chontae.

I measc na réimsí suntasacha gníomhaíochta a bhí ann ó thaobh an ionchuimsithe shóisialta de, bhí:

- An Clár do Chontaetha Aoisbhácha a fhorbairt níos mó
- Tacaíochtaí do Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin
- Grúpa Idirghníomhaireachta Thaistealaithe an Chabháin
- Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin
- Tacú le coiste stiúrtha an chláir áitiúil 'Ag déanamh caidreamh saoil' um fhéinmharú a chosc, atá faoi stiúir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Tacaíocht a chur ar fáil don Choiste um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, atá faoi stiúir ag TUSLA
- Tacú le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí ionchuimsithe shóisialta faoin LECP.

**An Clár Aoisbhách**

Tá an Clár do Chontae Aoisbhách an Chabháin faoi stiúir comhaontais ina bhfuil bainisteoirí sinsearacha ó na príomhghníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí, ionadaithe ar na daoine scothaosta agus eagraíochtaí eile.

I measc na gníomhaíochta aoisbháiche a bhí ann in 2018, bhí na nithe seo a leanas:

- Cuireadh Oiliúint Tithíochta agus Ríochta Poiblí ar fáil do bhaill foirne de chuid an údaráis áitiúil
- Rinneadh ionadaíocht ar leas na ndaoine scothaosta ar an LCDC
- Léiríodh drama na ndaoine scothaosta in Iarsmalann an Chontae agus in Ionad Scoir *Castlemanor*
- Daoine Fásta Insiúltachta i mBaile Mhuinchille, Páirc Bhréifne *Kingspan*, Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus ag *Taste of Cavan*

- Clár Comhpháirtíochta Spóirt a dhíríonn ar dhaoine scothaosta



Comhairle na nDaoine Scothaosta ag Searmanas Bronnta Chomhlachais Éireann

**An Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe**

Is é an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta a chomhordaíonn an Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe. Grúpa reachtúil is ea é seo a sholáthraíonn freagra idirghníomhaireachta ar cheisteanna a bhaineann leis an ionchuimsiú sóisialta i measc an phobail taistealaithe. Cuireann an grúpa plean oibre i bhfeidhm gach bliain. I measc ghníomhaíochtaí na bliana 2018, óstáladh seimineár maidir le Sláinte Taistealaithe i mí Mheán Fómhair chun díriú ar chur i bhfeidhm áitiúil Chuid 1 de Phlean Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte um Sláinte Taistealaithe. D'fhreastail baill den phobal taistealaithe agus den Ghrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe ar léiriú dráma a bhain leis an bhféinmharú i measc an phobail Taistealaithe i mí Mheán Fómhair.

Tacaíonn Comhairle Contae an Chabháin le seirbhís forbartha pobail a

sholáthraíonn Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin (CTM). Le linn 2018, reáchtáil CTM tionscadal óige do Thaistealaithe, d'oibrigh sé le grúpa ban agus thacaigh sé le Bothán na dTaistealaithe Fir.

**Fóram Drugaí agus Alcóil**

Soláthraíonn Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin deiseanna líonraithe do sheirbhísí ábhartha agus cuireann sé plean oibre i bhfeidhm. Tá ionadaíocht ag thart ar 20 eagraíocht ar an bhfóram, ina measc seirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí, seirbhísí drugaí agus alcóil agus seirbhísí tacaíochta óige, pobail agus teaghlaigh. Príomhéacht a baineadh amach in 2018 ba ea seimineár oideachais scoile a sholáthar maidir le feasacht ar dhrugaí le tacaíocht ón nGarda Síochána agus ó Fheasacht an Chabháin ar Dhrugaí. Chomh maith leis sin, chuir an fóram Eolaire Seirbhísí Drugaí & Alcóil ar fáil don Chontae.

**Comhchoiste Póilíneachta (JPC) Chontae an Chabháin**

An fheidhm atá ag an gComhchoiste Póilíneachta is ea a bheith ina fhóram le haghaidh comhairliúchán, díospóireachta agus moltaí maidir le ceisteanna a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil. Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin le chéile ceithre huaire le linn 2018.
Seo a leanas cuid na móréachtaí a baineadh amach:

- Cuireadh an Tionscnamh Marcála Maoine Pobail i bhfeidhm laistigh de Chontae an Chabháin. Sheol Marcáil Maoine Éireann an Tionscnamh Náisiúnta Marcála Maoine i gCill na Seanrátha agus ba é Pobal Chill na Seanrátha ar Aire a d'óstáil an ócáid mar aitheantas ar an scéim áitiúil a sholáthraíonn siad agus ar a ndea-chleachtas.
- Tacaíocht do ghrúpaí pobail a bhí ag cur isteach ar Scéim CCTV na Roinne Dlí agus Cirt.
- Óstáladh cruinniú poiblí Comhchoiste Póilíneachta amháin mar aon le dhá chruinniú faisnéise don phobal ar fud an Chontae.

**Mórtas Ceantair**

Reáchtáladh searmanas bronnta Mhórtas Ceantair 2018 an 17 Samhain i Halla na Cathrach, Corcaigh. Ainmníodh trí ghrúpa ó Chontae an Chabháin: Féile Ealaíon Mhuinchille, Tacaíocht Uathachais do Thuismitheoirí an Chabháin (CAPS) agus Tionscadal Turasóireachta Chill na Seanrátha. Cuireann an comórtas na gnéithe is fearr den fhorbairt pobail chun cinn agus déanann sé ceiliúradh orthu. Aithníonn sé freisin iarrachtaí neamhleithleacha daoine chun a gcomharsanachtaí a fheabhsú mar áiteanna le bheith ag obair agus ag sóisialú iontu.

**Straitéis Rannpháirtíochta Diaspóra an Chabháin 2017 – 2021**

D'fhorbairt Comhairle Contae an Chabháin Tionscadal Diaspóra an Chabháin chun tacú linn teagmháil a dhéanamh le teaghlach domhanda an Chabháin agus chun naisc nua-aimseartha a chruthú a neartódh na naisc ársa sin a théann ó ghlúin go glúin. Cuimsíonn daoine as gach cúlra, a bhfuil nasc éigin acu leis an gCabhán, bíodh sin nasc sinsearachta, nasc gnó, nasc pobail nó cairdeas, an pobal seo. Déanfaidh Straitéis Diaspóra an Chabháin ár n-iarrachtaí a threorú agus rianaíonn sí roinnt beart a chabhróidh linn ár n-aidhmeanna a bhaint amach. Mar chuid den iarracht straitéiseach seo, d'fhorbraíomar suíomh gréasáin, **cavandiaspora.com**, a chabhróidh leat má tharlaíonn go mbíonn tú ag iarraidh naisc a chruthú le Contae an Chabháin. Tá nuachtlitir againn freisin a choinneoidh ar an eolas thú maidir leis na himeachtaí uile a bhíonn ar siúl i gContae an Chabháin.

***Taste of Cavan 2018***

Tháinig saol an bhia anuas ar Bhaile an Chabháin Dé hAoine agus Dé Sathairn an 10 agus 11 Lúnasa d'fhéile bia *Taste of Cavan* in Ionad Eachaíochta an Chabháin. Ba é an príomhdhíol spéise ag ócáid na bliana seo ba ea an Taispeántas Cócaireachta le Neven Maguire. Mar chuid de seo, bhí an pobal in ann a bheith ag cócaireacht in éineacht le cócaire mór le rá ag 8 rang thar an dá lá. In 2018, ba dhíol spéise breise é an tAonach Ceardaíochta ag an ócáid agus d'éirigh chomh maith sin leis go mbeidh ann dó arís in 2019.



Jesse Eisenberg ag *Taste of Cavan 2018*

**Scéim Deontais Pobail/Féilte**

Leithdháileadh maoiniú deontais de €45,000 ar 77 grúpa pobail in 2018.

**Dámhachtainí an Chathaoirligh**

Tugann Dámhachtainí an Chathaoirligh aitheantas cuí dóibh siúd i gContae an Chabháin a raibh tionchar suntasach acu ar chaighdeán saoil a bpobal, trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Pobail & Deonacha gan phá. Is é an Rannóg Pobail agus Fiontar a sholáthraíonn é i gcomhar le Líonra an Chabháin um Chomhpháirtíocht an Phobail. D'fhreastail 300 duine ar Oíche na nDámhachtainí chun ceiliúradh a dhéanamh le 50 ainmní. In 2018, ba mar seo a leanas na buaiteoirí faoi na catagóirí éagsúla:

Óige: Coiste Sóisearach Bailte Slachtmhara Chill na Leice le Bernie Boylan

Ionchuimsiú Sóisialta: *Jet Calders* le Jerry Fitzpatrick

Pobal: Natasha agus Ciarán Ó Draighneáin ó *Erica's Fairy Forest,*

Spórt: Coláiste Loreto, an Cabhán, An Fhoireann Shinsearach A agus an Fhoireann Shóisearach A

Seanduine Gníomhach: Rita Clarke

Na hEalaíona/Cultúr/Oidhreacht: Seitrinceoirí Scór na nÓg Chill Droim Feartáin

Bhain Coláiste Loreto, an Cabhán, an Fhoireann Shinsearach A agus an Fhoireann Shóisearach A mórdhuais na mbuaiteoirí.

**Inrochtaineacht 2018**

Bunaíodh grúpa úr in 2016 darb ainm "Líonra Míchumais an Chabháin" chun feidhmiú mar scáthghrúpa agus guth a thabhairt don iliomad grúpaí míchumais agus daoine aonair sa chontae a bhfuil suim acu sa réimse seo. Freastalaíonn an tOifigeach Inrochtaineachta in éineacht le Comhairle Contae an Chabháin ar chruinnithe míosúla a reáchtálann "Líonra Míchumais an Chabháin" chun tacú le rochtain agus caighdeán saoil níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tugtar aird ar aon cheisteanna a ardaítear agus téitear i ngleic leo nuair is féidir. Reáchtáil "Líonra Míchumais an Chabháin" comhdháil lae dar teideal "*It's Our Space Too"* in *Hotel Kilmore* ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2018. D'éirigh go hiontach léi agus d'fhreastail slua maith uirthi.

Rinneamar athbhreithniú ar roinnt bailte ar fud an Chontae agus é i gceist againn feabhsúcháin inrochtaineachta a dhéanamh sna ceantair seo.

**Conair Áineasa ó Bhéal Átha Conaill go Ballyconnell go Bellaheady**

I gcomhar le hUiscebhealaí Éireann, ceadaíodh breis agus million euro de mhaoiniú do Chomhairle Contae an Chabháin faoin Scéim Bonneagair Allamuigh agus Áineasa 2017 (An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail) d'fhorbairt an chéad fhéarbhealaigh sa Chabhán agus táthar ag obair go leanúnach ar an tionscadal seo. Téann an chonair áineasa 5.5km ó Bhaile Bhéal Átha Conaill go Droichead Bellaheady feadh na Graine agus Uiscebhealach na Sionainne – na hÉirne, agus tá sé mar chuid d'fhorbairt Féarbhealaigh 54km de chuid an Chabháin agus Liatroma ó Bhéal Tairbirt go Dromad. Beidh an Féarbhealach seo ina shócmhainn mhór do na ceantair máguaird, ag nascadh phobal Bellaheady le Baile Bhéal Átha Conaill agus

ag tabhairt sheanchosáin na Grain ear ais arís, agus nascfaidh sé Conair Lúibe 6km Chanáil Bhéal Átha Conaill atá ann cheana.

**Rochtain Slatiascaireachta feadh Chladadh na Radharc ag Loch na Breaclaí**

Ceadaíodh maoiniú de bhreis agus €31,000 do Chomhairle Contae an Chabháin faoin Straitéis Náisiúnta um an gCiste Forbartha Slatiascaireachta 2017 (Iascaigh Intíre Éireann) chun rochtain slatiascaireachta ar Loch na Breaclaí a fheabhsú. Is é costas iomlán an tionscadail €51,444 agus tá Comhairle Contae an Chabháin ag cur cistiú meaitseála ar fáil trína cuid oibre féin agus trí shíntiús airgid a chur ar fáil.
Tá cáil ar Chladach na Radharc mar cheann de na suíomhanna iascaireachta is fearr i gceann de na himeachtaí garbhiascaireachta is mó le rá san Eoraip.

**Coistí um Beartais Straitéiseacha**

| **Táscairí Seirbhíse** | **2017** | **2018** |
|---|---|---|
| % na scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim Chomhairle na nÓg | 100% | 100% |
| Líon eagraíochtaí a bhí cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail | 280 | 272 |

**Líonra Rannpháirtíochta Pobail an Chabháin (PPN an Chabháin)**

Bunaíodh Líonra Rannpháirtíochta Pobail an Chabháin i mí Iúil 2014 agus tá nach mór 200 grúpa cláraithe anois mar chuid dá líonra. Tá coiste ann le 24 ionadaí pobail ó Rúnaíocht PPN an Chabháin, agus ionadaíocht á comhlíonadh ar 19 mbord/gcoiste. Eascraíonn an ionadaíocht seo as na trí earnáil théamúla – an Timpeallacht, Ionchuimsiú Sóisialta agus Pobal/Deonach agus as trí earnáil thíreolaíocha – Ceantair Bhardasacha an Cabháin-Bhéal Tairbirt, Bhaile Shéamais Dhuibh agus Choill an Chollaigh-Mhuinchille.
Cabhraíonn PPN an Chabháin le nuacht agus imeachtaí pobail a líonrú ach ríomh-nuachtlitreacha agus nuashonruithe ar na meáin shóisialta a fhoilsiú. Chomh maith leis sin, eagraíonn an PPN seisiúin oiliúna agus ionadaíocht ghníomhach ar chomhlachtaí éagsúla.

Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta an PPN i mBaile Átha Luain thar dhá lá i mí Dheireadh Fómhair. Thug an chomhdháil na comhordaitheoirí PPN uile agus na baill foirne ó na hÚdaráis Áitiúla a raibh baint acu le struchtúr an PPN le chéile chun plé a dhéanamh ar na tionscadail rathúla a bhí á gcur i gcrích a bhuí le comhoibriú idir an PPN agus na hÚdaráis Áitiúla agus chun dearcadh ionchasach a chur ar fáil do thionscadail don todhchaí.

**Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin (CSP)**

D'éirigh go maith le Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin an dara bliain dá plean feidhmithe 'Spórt agus gníomhaíocht don saol, do chách 2017-2021' a sheachadadh. Bhí rochtain ag CSP art hart ar €393,350 do thionscnaimh a bhain le spórt agus gníomhaíocht choirp agus ghlac 12,416 duine páirt sna 270 clár a cuireadh ar fáil go háitiúil.

I measc bhuaicphointí na bliana 2018, bhí forbairt na gcuntas díomhaoin as ar maoiníodh mol gníomhaíochta Chill na Leice agus mol gníomhaíochta Bhéal Tairbirt. In 2018, soláthraíodh 32 clár ar fud an Chontae mar chuid dár gclár do Dhaoine Fásta Gníomhacha atá 50 bliain d'aois nó níos sine, agus ghlac 463 duine páirt ann. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin 6 thionscnamh bunscoile ar fáil freisin, ag tacú le 5 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta, agus ghlac 3,330 páiste páirt iontu ar an iomlán.



Mná ag glacadh páirte sa Chlár Cadhcála Uisce




Seoladh oifigiúil Mhol Gníomhaíochta Chill na Leice

**An Clár Tacaíochta Speisialta um Shíochán agus Athmhuintearas (PEACE) IV**

Leithdháileadh €3,128, 825.00 san iomlán ar Chomhairle Contae an Chabháin don tréimhse idir 2016 agus 2019 chun a plean gníomhaíochta rialtais áitiúil de chuid PEACE IV a sholáthar, plean a chuimsíonn tionscadail faoi na téamaí seo a leanas:

- Leanaí agus Daoine Óga;
- Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte; agus
- Caidrimh Dhearfacha a Thógáil

Is éard atá i bPlean Gníomhaíochta PEACE IV Chomhairle Cathrach an Chabháin freagra spriocdhírithe, áitiúil ar na riachtanais a aithníodh le linn chomhairliúcháin phoiblí PEACE IV Chomhairle Contae an Chabháin.

Torthaí:

- **Leanaí agus Daoine Óga;** Cuirfidh an Cabhán cláir ar fáil. Tabharfar páirt do 1,448 leanbh agus duine óg atá uathúil/éagsúil i gcláir a chabhróidh leo caidrimh dhearfacha, éifeachtacha a chruthú le daoine a bhfuil cúlra éagsúil acu. Líon na rannpháirtithe go dtí seo = 2,255.
- **Caidrimh Dhearfacha a Thógáil;** Soláthróidh an Cabhán plean gníomhaíochta a chuirfidh caidrimh dhearfacha chun cinn, caidrimh a mbeidh meas agus meas ar an éagsúlacht chultúrtha ina gcomharthaí sóirt acu. Maidir le modhanna seachadta na dtorthaí seo, tá meascán acu ann – seachadadh comhpháirtíochta, tairiscintí, glaonna oscailte agus deontais bheaga.
- **Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte;** Tionscnaimh áitiúla a éascaíonn úsáid inbhuanaithe limistéar/foirgneamh poiblí ar bhonn comhroinnte. Cabhróidh an Cabhán leis an toradh seo a bhaint amach ach ar a laghad clár comhtháite amháin a chuirfidh le soláthar spásanna comhroinnte i gContae an Chabháin a chur i bhfeidhm. Tá 3 spás chomhroinnte á bhforbairt i gContae an Chabháin faoi láthair.

Cavan Comhairle na nÓg
Young Voices. Local Issues.

**Comhairle na nÓg 2018**

Cuireann Ciste Forbartha Chomhaire na nÓg de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) €20,000 ar fáil gach bliain d'údaráis áitiúla chun Comhairle na nÓg a reáchtáil go héifeachtach. Cuireann na húdaráis áitiúla acmhainní ar fáil do Chomhairle na nÓg freisin. Déanann Foróige Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg a bhainistiú agus tugann sé tacaíocht dó agus is é Pobal a riarann é. Is éard atá i gceist le Comhairle na nÓg comhairlí leanaí agus óige sna 31 údarás áitiúil sa tír a thugann deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach i bhforbairt seirbhísí

agus polasaithe áitiúla. Reáchtáladh Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle an Chabháin Déardaoin an 18 Deireadh Fómhair 2018 in Ionad Gasógaíochta Chaisleán Shandarsan agus bhí breis agus 120 duine óg i láthair ann. Toghadh 25 ball nua ar Chomhairle na nÓg do 2018/19.

**Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte**

I mí Aibreáin 2018, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring TD, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. D'éirigh le seacht mbaile agus sráidbhaile maoiniú a fháil faoin scéim seo; bronnadh €200,000 ar Mhuinchille, bronnadh €100,000 ar Choill an Chollaigh agus ar Achadh an Iúir, fuair Searcóg €40,000 agus fuair an Bábhún Buí agus Cill Chóige €25,000. Cuirfear na hoibreacha faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i gcrích in 2019.

**Pleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte**

Cheap Comhairle Contae an Chabháin *Gaffney & Cullivan Architects* i gcomhar le *Tyréns*, speisialtóirí san athnuachan uirbeach, chun Pleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte a ullmhú do scór baile agus sráidbhaile i mBaile an Chabháin. Cuireadh na pleananna seo i gcrích sa cheathrú ráithe de 2018. Is é aidhm na bpleananna moladh a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhféadfadh feabhsúcháin cur leis na bailte agus na sráidbhailte mar áiteanna tarraingteacha le bheith i do chónaí agus ag obair iontu; is iad na bailte agus na sráidbhailte atá i gceist; an Cabhán, Achadh an Iúir, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Muinchille, Dún an Rí, Béal Tairbirt, an Mullach, Béal Átha, Béal Átha na nEach, Béal Átha hÉis, Cill na Seanrátha, Ármhach, Cill na Leice, an Muileann Iarainn, Droichead an Bhuitléaraigh, an Blaic, Gabhna agus an Damhshraith. Tá na pleananna seo le seoladh go hoifigiúil i mí Feabhra 2019.



**Foirne Baile**

Faoi Ghníomh 8.1a den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, gheall Comhairle Contae an Chabháin, mar Phríomh-Chomhpháirtí, go mbunódh sí 'Foirne Baile' i roinnt bailte ar fud an Chontae. Tá Foirne Baile i bhfeidhm anois sa Chabhán, i Muinchille agus in Achadh an Iúir agus tá siad ar fad ag déanamh dul chun cinn le roinnt gníomhaíochtaí.  Tá riachtanais, mianta agus fís na bpobal áitiúil ag croílár na bPleananna Baile.

**Straitéis Bia an Chabháin**

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Bia an Chabháin 2017-2022 cur chuige níos comhordaithe agus níos comhoibrithí a chur chun cinn maidir le forbairt 'Tháirge Bia an Chabháin'. Ceapadh Comhordaitheoir na Straitéise Bia sa cheathrú ráithe de 2018 agus cruthaíodh grúpa inmheánach oibre chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Bia. Cabhróidh cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa straitéis leis na tionscnaimh bhia atá againn faoi láthair a neartú, le gníomhaíocht úr a spreagadh agus le tacú leo siúd ar fad atá páirteach in earnáil bia an Chabháin. Bunófar grúpa stiúrtha príomh-gheallsealbhóirí chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise agus cuirfidh sé luas lena mbainfear amach go luath in 2019.

**Mol Digiteach**

Le linn 2018, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Mol Digiteach úr a fhorbairt ar imeall Bhaile an Chabháin sa mhéid is gur síneadh an comhaontú léasa i leith an áitribh agus gur ceapadh conraitheoir chun feistiú an mhol nua a chur i gcrích. Cuimseoidh an fhorbairt, nuair a bheidh sí réidh go luath in 2019, 4 urlár agus thar tar 13,000 troigh chearnach. Beidh 90 'fostaí' in ann oibriú ann a bhuí le meascán idir spás ginearálta oifige agus deasca sealaíochta. Is tionscadal ríthábhachtach é Mol Digiteach an Chabháin chun an Cabhán a ullmhú d'infheistíocht amach anseo, go háirithe san earnáil dhigiteach agus teicneolaíochta. Ceapadh Bainisteoir lánaimseartha an Mhoil Dhigitigh in 2018 agus is é an ról atá aige teagmháil a dhéanamh le cliaint agus cliaint a mhealladh chuig an mol agus an earnáil dhigiteach a chur chun cinn sa Chontae.

**Turasóireacht i gContae an Chabháin**

Bliain dhearfach ba ea an bhliain 2018 ó thaobh na turasóireachta de i gContae an Chabháin. Thuairiscigh 47% de ghnólachtaí turasóireachta an Chabháin gurbh fhearr 2018 mar bhliain ná 2017.

**Straitéis Turasóireachta**

Tá Turasóireacht an Chabháin ag leanúint ar aghaidh ag oibriú i dtreo chur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta an Chontae, a bhfuil sé mar aidhm aici líon na rudaí a d'fhéadfadh cuairteoirí a dhéanamh sa Chontae a mhéadú agus cur leis an iostas oíche agus leis an airgead a chaitear ann. Mar thoradh air seo, bhí fógraí dearfacha maoinithe ann in 2018 do Pháirc Foraoise Choillidh Chaoin (€221,000); Foraois Pháirc na bhFianna, Achadh an Iúir (€24,000); Páirc Foraoise Dhún an Rí (€180,000) agus Féarbhealach Bhaile an Chabháin (€257,466). Tá sé i gceist ag an gComhairle Páirc Bhoirne an Chabháin a fhorbairt tuilleadh agus tá sé i gceist aici freisin cur le líon na gcuairteoirí a théann chuig Iarsmalann Chontae an Chabháin, mar aon le tionscnaimh slatiascaireachta a chur i gcrích don Chontae de réir Straitéis Slatiascaireachta an Chontae.



Páirc Foraoise Choillidh Chaoin

Fuarthas maoiniú in 2018 chun sráidbhaile Chill na Seanrátha a nascadh le Páirc Foraoise Choillidh Chaoin, ag cruthú 15km de chonairí níos fearr, uasghrádaithe rothair agus siúil.

Chomh maith leis sin, bronnadh €15,472 ar Thurasóireacht an Chabháin in 2018 faoin Scéim Áineasa Allamuigh 2018 chun Treoir Conairí nua don Chabhán a sholáthar, sraith nua grianghraf de na conairí a chruthú agus an chuid sin den suíomh gréasáin a bhaineann leis na conairí a fheabhsú.

**Fáilte Éireann**

Tá Contae an Chabháin anois mar chuid de thairiscint nua margaíochta Fháilte Ireland do lár na tíre – Croíthailte Ceilte na hÉireann. Tá an chuid thoir de Chontae an Chabháin fóis in Oirthear Ársa na hÉireann.

**Cur Chun Cinn**

D'fhreastail *This is Cavan!* ar an *Holiday World Show* i mí Eanáir 2018, ar Mhóraonach Slatiascaireachta na hÉireann i Sord i mí Feabhra, ar Cheardlann de chuid Chumann Tionscnóirí Turas na hÉireann i mí Aibreáin, ar Sheó Gníomhaíochta Lucht Scoir i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine, ar *Taste of Cavan* i mí Lúnasa agus ar an gComhdháil Dhomhanda Chanála i mBaile Átha Luain i mí

Mheán Fómhair.
Tá *This is Cavan!* ar líne ar Facebook (15,836 leantóir), Twitter (5,759 leantóir), Pinterest agus Instagram. Bhí feachtais fógraíochta san *Angling Times, Spirit of Ireland Magazine; The Anglo Celt* i measc irisí agus nuachtán eile.

**Ionad Acmhainní agus Pobail Shráid an Droichid**
Cuireann Ionad Acmhainní agus Pobail Shráid an Droichid seomraí ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus deonacha, do sholáthraithe oiliúna, do ghrúpaí óige agus teaghlaigh sa Chabhán, chun timpeallacht shábháilte, shlán agus neodrach a chur ar fáil inar féidir teacht le chéile agus baineann réimse éagsúil úsáideoirí seirbhíse, a bhíonn de shíor ag athrú, leis.
Tá ról lárnach ag an Ionad maidir le tacú leis an ionchuimsiú sóisialta, na hearnálacha poiblí & deonacha agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus iad a éascú agus a chur chun cinn i mBaile an Chabháin agus sna ceantair máguaird.
Is iad na grúpaí tionóntaí seanbhunaithe atá lonnaithe san Ionad Fostaíocht Phobal Bhréifne, Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin, Seirbhís Thearmann maidir le Drochíde sa Teaghlach, Clár Tac ana nÓg agus tionscadal Thionscnamh Oideachais agus Oiliúna Fhoróige (YETI).

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

Chuaigh Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin (LEO an Chabháin) i mbun réimse leathan gníomhaíochtaí le linn 2018. Tá LEO an Chabháin mar chuid de chreat láidir chomhoibritheach laistigh de Chontae an Chabháin a sholáthraíonn tacaíochtaí agus seirbhísí do ghnólachtaí beaga nua agus do ghnólachtaí beaga atá ann cheana féin. Tá ag méadú ar an éileamh atá ar ár seirbhísí ó bhliain go bliain de réir mar a bhíonn gnólachtaí ag leathnú agus ag dul in iomaíocht gnólachtaí eile i margaí idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, léiríonn an t-éileamh atá ar ár seirbhísí treocht níos leithne, is

é sin go bhfuil níos mó spéise á cur ag daoine san fhostaíocht agus san fhiontraíocht. Mar chuid de Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2018, tugadh isteach tionscnamh úr ó Leabharlann an Chabháin, i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil. Tionscnamh nua Tacaíochta Gnó agus Fostaíochta is ea 'Tá Tábhacht leis an Obair sa Leabharlann', a bhfuil sé mar aidhm aige na hacmhainní atá ar fáil d'fhiontraithe agus do chuardaitheoirí poist a fheabhsú. Le linn 2018, cuireadh i bhfeidhm i 5 leabharlann ar fud an Chontae é – Lárleabharlann Johnston, Leabharlann Choill an Chollaigh, Leabharlann Mhuinchille, Leabharlann Ármhach agus Leabharlann Bhéal Tairbirt. Sa ghrianghraf ó sheoladh Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2018 agus an Tionscnaimh "Tá Tábhacht leis an Obair sa Leabharlann", tá:




*Ó chlé go deas: Teresa Treacy, Leabharlann Chomhairle Contae an Chabháin; An Comhairleoir Paddy McDonald, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chabháin; Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae an Chabháin; Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin; Jonathan Smith, Leabharlann Chomhairle Contae an Chabháin; Andrea Corrigan, Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin.*

Is léir go n-athraíonn tionchar Brexit agus an éiginnteacht maidir le caidrimh thrádála amach anseo, is léir go n-athraíonn siad an tírdhreach eacnamaíoch, go háirithe i Réigiún na Teorann, agus go gcruthaíonn sé dúshláin bhreise do ghnólachtaí inár gContae. Mar LEO, cuirimid réimse tacaíochtaí ar fáil dár gcliaint chun iad a chur ar an eolas agus chun cabhrú leo dul i ngleic leis na bacainní a bheidh rompu gan amhras, de réir mar a iompaíonn an éiginnteacht ina fírinne. Tá sé seo mar chuid dár

n-iarracht leanúnach tacú lenár gcliaint measúnú a dhéanamh ar a n-iomaíochas agus ar a n-oibríochtaí gnó, agus iad sa tóir ar éagsúlú ar an margadh agus ag iarraidh a bheith athléimneach, inmharthana agus inbhuanaithe i gcónaí. Le linn 2018 agus ag leanúint ar aghaidh go 2019, chuir LEO an Chabháin sraith tacaíochtaí ar fáil a bhaineann le Brexit, lena n-áirítear, mar shampla, ceardlanna oiliúna maidir le custaim, meantóireacht, tionscadail agus imeachtaí *Lean for Micro,* Cúnamh Teicniúil do Mhion-Onnmhaireoirí agus Dearbháin do Thrádáil ar Líne.

Ag féachaint siar ar 2018, bhí roinnt príomhthorthaí ann do LEO an Chabháin a léiríonn nádúr nuálach, uaillmhianach fhiontraithe Chontae an Chabháin. Mar shampla, ceadaíodh €406,256 de chúnamh airgeadais ar an iomlán do 19 ngnólacht. Ina theannta sin, ceadaíodh maoiniú do 15 ghnó don Scéim Dearbhán um Thrádáil Ar Líne in 2018 chun a láithreacht agus a gcumas trádála ar líne a fhorbairt. Cruthaíodh 228 post i ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ón LEO in 2018. I rith na bliana, sholáthar LEO an Chabháin breise agus 50 clár oiliúna maidir le fiontar agus 16 imeacht/sheimineár líonraithe agus d'fhreastail breis agus 1,400 duine orthu chun leas a bhaint as faisnéis agus as foghlaim eolasbhunaithe. Cuimsíonn sé seo ceardlanna agus seimineáir líonraithe spriocdhírithe le linn na bliana a dhírigh ar na deiseanna a bhíonn ag gnólachtaí líonrú agus cumarsáid a dhéanamh a mhéadú agus a scileanna agus a bhféidearthachtaí gnó a fhorbairt. Chomh maith leis sin, in 2018, bhain 95 gnólacht leas as ár gclár meantóireachta thar réimse leathan ábhar gnó, lena n-áirítear ríomhthráchtáil agus trádáil ar líne. Tá go leor éilimh ar ár líonraí gnó agus go leor ball acu agus táimid ag súil leanúint ar aghaidh lenár líonraí gnó a fhorbairt in 2019.

Thug an Clár Comhnuála, comhpháirtíocht atá faoi stiúir *InterTradeIreland* agus a bhfuil na sé LEO i Réigiún na Teorann páirteach ann, a tugadh isteach in 2017 agus atá ar bun go fóill, thug sé deis thráthúil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide rochtain a fháil ar thaighde agus ar thacaíochtaí forbartha. Le linn 2018, chuir 38 gnólacht de chuid an Chabháin tús nó lean siad ar aghaidh lena rannpháirtíocht sa chlár. Táthar ag súil go gcuirfidh scór gnólacht eile tús leis an gclár in 2019.

Tacaíonn tionscnaimh amhail an tSeachtain Fiontraíochta Áitiúla, a reáchtáladh idir an 5 agus an 9 Márta, Fionraí Óg na hÉireann, Clár Fiontraíochta na nDaltaí agus na

Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta, tacaíonn siad le haird a tharraingt ar fhiontair agus ar an bhfiontraíocht agus iad a chur chun cinn a mhéad agus is féidir. I mí an Mhárta 2018, bhain duine óg de chuid LEO an Chabháin an dara háit amach ag i gCraobhchomórtas Fhionraí Óg na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag Clár Dámhachtainí Fiontraíochta an Líonra Fiontair Áitiúil aitheantas a thabhairt do thiomantas, dúthracht agus spiorad fiontraíochta gnólachtaí beaga ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus gradaim a bhronnadh orthu. Spreagann LEO an Chabháin gnólachtaí beaga lena n-éachtaí gnó a chur ar taispeáint, agus tacaíonn sé lena n-iarratais trí phróiseas chomórtas an Chontae. In 2018, chuir LEO an Chabháin clabhsúr le Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla le fáiltiú speisialta chun buaiteoirí Dhámhachtainí Fiontraíochta Chontae an Chabháin a fhógairt. Sa ghrianghraf ó Chraobhchomórtas Chontae an Chabháin de chuid na nDámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta 2018 san *Olde Post Inn,* tá:



*Ó chlé go deas: Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chabháin; Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae an Chabháin; An Comhairleoir Paddy McDonald, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin; Donal De Paor, Veltig, Buaiteoir Iomlán Chraobhchomórtas an Chabháin de na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta 2018; Andrea Corrigan, Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin; An Comhairleoir John Paul Feely, Cathaoirleach an Choiste Eacnamaíochta agus Fiontraíochta um Beartais Straitéiseacha.*

Tá an líonrú fós ina phríomhthacaíocht éileamhbhunaithe a chuir LEO ar éirigh le LEO an Chabháin a chur ar fáil le roinnt blianta anuas. Tá ag éirí go maith le Club Mhná Gnó an Chabháin agus le Líonra Acmhainní Daonna agus Scileanna Fhostaithe an Chabháin go fóill agus tá ballraíocht idirghníomhach, tharraingteach acu.

Tá Oifig Áitiúil Fiontair an Chabháin ina comhpháirtí de chuid an Líonra Fiontar Eorpach, tionscnamh a chabhraíonn le gnólachtaí na hÉireann a bheith nuálaíoch agus fás go hidirnáisiúnta a bhuí le tacaíocht shaincheaptha, comhpháirtíochtaí úra gnó agus teicneolaíochta, deiseanna tráchtála, idirbhearta ceadúnaithe agus cuardaigh comhpháirtithe do Thaighde agus Forbairt a bheadh maoinithe ag an AE.
An 21 Samhain 2018, ghlac Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin agus 14 gnólacht innealtóireachta de chuid an Chabháin páirt in imeacht EENGINEX, le Bualadh leis an gCeannaitheoir agus le haghaidh Idirghabhála, san ollionad nua monarchan *Combilift* i Muineacháin. Thug an t-imeacht, a d'eagraigh EEN tríd na hOifigí Fiontair Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann, deis luachmhar do ghnólachtaí de chuid an Chabháin dul i mbun cruinnithe réamh-eagraithe díolacháin le príomhcheannaitheoirí agus le soláthraithe eile de chuid na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe agus cuireadh tacaíocht ar do ghnólachtaí freisin maidir le saincheisteanna ar nós Brexit agus déantúsaíocht LEAN. Leanfaidh LEO an Chabháin ar aghaidh ag cur an Líonra Fiontar Eorpach chun cinn in 2019 chun naisc agus deiseanna féideartha comhpháirtíochta gnó agus trádála ar fud an AE a éascú.

Glacann LEO an Chabháin páirt ghníomhach i gcláir agus tionscnaimh uile an LEO Náisiúnta, lena n-áirítear an Baile Fiontair Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta, *Showcase,* Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, *Food Academy* agus straitéisí áitiúla do Chontae an Chabháin lena n-áirítear Straitéisí Bia agus Digiteacha.

D'óstáil LEO an Chabháin imeacht do Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan an 18 Deireadh Fómhair 2018 agus d'fhreastail breis agus 100 bean ó réigiún an Chabháin, lena n-áirítear baill agus aíonna de chuid Chlub Gnó Mhná an Chabháin, ar an imeacht líonraithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhiontraithe mná sa réigiún.




Sa ghrianghraf ón imeacht do Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, tá: *Ó chlé go deas: Margaret McKeon Boyle, Comhordaitheoir, Club Gnó Mhná an Chabháin; Ann Rudden, Áine's Chocolates; An Comhairleoir Madeleine Argue, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chabháin; Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; MaryMcKenna, Tour America; Marcella Rudden, An Ceann Fiontraíochta, LEO an Chabháin.*

An rud a bhfuilimid tiomanta dó in 2019 is ea an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcliaint, gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh agus a chothú, tacú le leathnú gnólachtaí seanbhunaithe agus leas a bhaint as na hacmhainní, an saineolas agus an taithí atá againne ar mhaithe le heacnamaíocht inbhuanaithe, rathúil a bhaint amach sa Chontae.

## Gnóthaí Cultúrtha

### Seirbhís Leabharlainne

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal 'Ár Leabharlanna Poiblí 2020' i mí an Mheithimh ar threoirphlean é maidir le forbairt náisiúnta na seirbhíse leabharlainne do na chéad chúig bliana atá romhainn. Trí thionscnamh atá leabaithe sa straitéis agus a mbeidh ról lárnach acu i gclárú leabharlainne sa Chabhán amach anseo is ea 'Éire Shláintiúil' atá riachtanach d'fholláine an phobail, 'Ceart Léitheoireachta' a thacaíonn leis an litearthacht agus 'Tá Tábhacht leis an Obair' a chuireann tacaíocht gnó agus fostaíochta ar fáil.
Cuireadh plean forbartha leabharlainne an Chabháin, 'Leabharlanna ag Forbairt' faoi bhráid bhaill na Comhairle i mí na Nollag 2017 agus sheol an Cathaoirleach Paddy McDonald go poiblí an 20 Feabhra 2018 é i gcomhar leis an gclár 'Éire Shláintiúil ag do Leabharlann'.

Reáchtáladh clár fairsing tionscnamh de chuid Éire Shláintiúil ar fud líonra na leabharlainne brainse le linn na bliana agus i suíomhanna éagsúla sa chontae i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus cleachtóirí eile. I measc na mbuaicphointí, labhair David Casey, a fuair athphlandú scamhóige dúbailte, i Leabharlann Choill an Chollaigh agus phléigh iarpheileadóir an Chabháin, Alan O'Meara, 'Tosaíonn Éire Shláintiúil Leatsa' i Leabharlann Bhaile an Chabháin.



*Imeacht Éire Shláintiúil: Páistí atá Díonach ar an mBulaíocht: Páistí sásta a thógáil i ndomhan buartha*

*Ó chlé go deas: Pauline McDonald Smith, Jonathan Smyth, Teresa Treacy Comhordaitheoir Leabharlainne Éire Shláintiúil, Stella O'Malley, Údar agus Síciteiripeoir, Sinead Tormey Cavan Comhordaitheoir Éire Shláintiúil de chuid Chomhairle Contae an Chabháin, Mal Lowry and Amy Smyth.*

Thug aonad soghluaiste Fhoras Croí na hÉireann cuairt ar Leabharlann Bhaile an Chabháin i mí an Mheithimh agus ghlac an pobal go croíúil leis.

Reáchtáladh lá óige Chruinniú Dé Sathairn an 23 Meitheamh agus rinne amharclannaíocht óige Gonzo taispeántas i Leabharlann Bhaile an Chabháin agus lá iomlán gníomhaíochta ann i gcomhar le Comhairle na nÓg i gCearnóg an Mhargaidh, an Cabhán.

Tuigeann seirbhís leabharlainne an Chabháin an tábhacht a bhainenn leis an nGaeilge agus le Seachtain na Gaeilge a chur chun cinn agus cuireadh clár leathan gníomhaíochtaí ar fáil i mí Aibreáin agus cuireadh roinnt scoláireachtaí Gaeltachta, ar glacadh go maith leo, ar fáil freisin. Ba ann don tionscnamh *Spring into Storytime* i mí Aibreáin freisin agus ghlac leanaí agus tuismitheoirí páirt ann i leabharlanna an Chabháin, Choill an Chollaigh agus Mhuinchille. Is ann d'Fhéile bhliantúil na Bealtaine i mí na Bealtaine agus i measc bhuaicphointí fhéile na bliana seo, bhí '*Fuss on the Buss'* i mBaile an Chabháin, ranganna péinteála ola le Martin Fullen i Leabharlann Choill an Chollaigh agus teacht le chéile seachtainiúil i Leabharlann Mhuinchille ina

bhuailfeadh baill níos sine na leabharlainne le chéile chun a bheith ag caint agus ag comhrá i dteannta cupán tae.



*Oliver McArdle ag glacadh páirte in imeacht róbataice mar chuid d'Fhéile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin i Leabharlann Mhuinchille.*

Bíonn an-tóir ar an gclár Réaltaí Samhraidh agus i measc na n-imeachtaí a reáchtáladh i leabharlanna brainse mar chuid de, bhí am scéalaíochta, ceardlanna ealaíne, damhsa agus drámaíocht, filíocht, lego agus ceardaíocht sí. Tá an Fhéile Eolaíochta i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin anois ina imeacht bliantúil agus béim ar fhuinneamh ba théama le féile na bliana 2018. Bhain clár an Chabháin-Mhuineacháin do 2017 gradam d'Fheabhas sa Rialachas Áitiúil de chuid Chomhlachais Éireann amach.

Tá ról lárnach ag an tseirbhís leabharlainne maidir le clár Éire Chruthaitheach a sholáthar don chontae agus ba é buaicphointe 2018 Féile bhliantúil Ealaíon an Chabháin a bhí ar siúl an 21 agus 22 Meán Fómhair i gcomhar le hOíche Chultúir. Ba é buaicphointe Oíche Chultúir i Leabharlann Bhaile an Chabháin Seán Ó Cualáin agus Seosamh Ó Súilleabháin a rinne cur i láthair faoin tábhacht a bhaineann le

logainmneacha agus faoin gcaoi ar féidir iad a mhapáil a bhuí leis an nuatheicneolaíocht. I measc na dtaibheoirí a bhí páirteach i bhFéile Ealaíon an Chabháin, bhí Rebecca O'Connor, Martin Donohoe, The Andensomes, Daragh Slacke, Fred Cooke, Fanzini Brothers, Noel Monahan, Compántas Amharclannaíochta The Hacklers, Cavan Sinfonia agus grúpa comhaltais NYAH.

Reáchtálann an tseirbhís leabharlainne clár fairsing léachtaí i leabharlanna brainse agus i measc cuid de na léachtaí a reáchtáladh in 2018, bhí léacht bhliantúil chuimhneacháin an Easpaig Francis MacKiernan le Alan Ford maidir le 'Féiniúlacht creidimh Caitliceach/Protastúnach in Éirinn ó 1600-2000'. Tá dlúthnaisc ag an leabharlann leis an ngrúpa áitiúil staire, Cumann Seanchais Bhréifne agus i mí an Mhárta, labhair an Dr Ciaran Reilly faoi 'Scéimeanna Faoisimh agus Oibre Poiblí i dTulaigh Bhinn/i nDrong le linn an Ghorta Mhóir'. Thug an tAthair Liam Kelly léacht faoi pharóiste Shéarcóige i Leabharlann Choill an Chollaigh i mí Aibreáin agus labhair an staraí áitiúil, Patrick Cassidy, faoi 'Fhothoghchán Shinn Féin Oirthear an Chabháin in 1918' i Leabharlann Mhuinchille.

Fuarthas maoiniú síochána le hagallamh a chur ar bhreis agus 100 rannpháirtí ó limistéar teorann an Chabháin/ Fhear Manach maidir leis an taithí a bhí acu le 30 bliain de choimhlint i dTuaisceart Éireann ó 1968 go 1998. Chomh maith leis sin, reáchtáladh seisiúin stiúrtha i mBaile Shéamais Dhuibh, Béal Tairbirt agus Inis Ceithleann inar chuir gach duine a bhí páirteach iontu leis an bplé ar bhealach dearfach, measúil. Sheol an tAire Heather Humphreys an tionscadal 'Guthanna na dTrioblóidí' go hoifigiúil Dé hAoine an 19 Deireadh Fómhair in *Hotel Kilmore.* Cuirfear na 85 agallamh ar fáil don phobal a bhuí le Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin. Thug Maurice O'Keeffe, a rinne na hagallaimh, léacht phoiblí maidir leis an tionscadal i Leabharlann Bhaile an Chabháin Déardaoin an 29 Samhain.

Rinne Leabharlann Choill an Chollaigh nasc le Féile Lár an tSamhraidh i mí Iúil nuair a chuir Heather Brett ceardlann filíochta agus ealaíon ar fáil agus i Muinchille, tá an Fhéile Ealaíon fós ag fás agus rinneadh ceiliúradh ar an scríbhneoir iomráiteach Dermot Healy nach maireann. Reáchtáladh comórtas do leanaí sa leabharlann áitiúil inar ghlá dán le Dermot Healy a mhaisiú.




*Imeacht Drámaíochta do Sheachtain na Gaeilge i Lárleabharlann Johnston*

Tá dlúthnasc ag an gCabhán le pobal na Liotuáine le roinnt blianta anuas agus i mí na Bealtaine, rinne an pobal áitiúil comóradh céad bliain ar neamhspleáchas na Liotuáine i Leabharlann Bhaile an Chabháin. Lean na cuairteanna seachtainiúla ón scoil deireadh seachtaine Liotuáineach chuig Leabharlann Bhaile an Chabháin ar aghaidh le linn nab liana.

Tá ag éirí go maith i gcónaí le grúpaí léitheoireachta i leabharlanna an Chabháin agus tá grúpaí gníomhacha ann i leabharlanna Choill an Chollaigh, Bhéal Tairbirt, an Chabháin agus Mhuinchille. Tagann Club Leabhar an Chabháin le chéile uair sa mhí i Lárleabharlann Johnston.

Ceapadh ailtirí chun pleananna a fhorbairt don leabharlann agus don ionad cultúrtha in Achadh an Iúir.

Tá nuachtlitir na leabharlainne, '*The Bookmark',* i gcló agus ar fáil go leictreonach. Úsáidtear go forleathan go fóill í agus coinníonn sí an pobal ar an eolas faoi gach imeacht leabharlainne.

| | **2017** | **2018** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Eisiúintí | 96,923 | 107,555 |
| Cuairteoirí | 179,053 | 181,772 |
| Ballraíocht | 9,229 | 9,558 |
| Buiséad | 1,979,962 | 2,031,657 |

**Cur Chun Cinn na Gaeilge**

Cuireann seirbhís leabharlainne an Chabháin an Ghaeilge chun cinn go gníomhach i gContae an Chabháin. Tá an Ghaeilge fite fuaite anois i nach mór gach imeacht leabharlainne, amhail Oíche Chultúir, Féile na Bealtaine, an Fhéile Leabhar do Leanaí, Clár Éire Chruthaitheach, Clár Deich mBliana na gCuimhneachán, agus fiú an tSeachtain Eolaíochta (maidir leis an luach a bhaineann le foghlaim teangacha). Is í Seachtain na Gaeilge croílár na bliana áfach. Tosaíonn clár Sheachtain na Gaeilge i mí Feabhra agus leanann sé ar aghaidh go mí na Bealtaine, uair a bhronntar na scoláireachtaí Gaeltachta gach bliain. D'eascair go leor imeachtaí as Seachtain na Gaeilge a tharlaíonn anois go rialta sna leabharlanna, amhail grúpaí bunchomhrá, comhrá, ranganna, grúpa léitheoireachta, Club na nÓg, ceardlanna don scrúdú cainte, léachtaí, cuairteanna ó údair agus scéalaithe agus go leor eile. Cuirtear an clár éagsúil imeachtaí seo ar fáil gach bliain chun cabhrú le daoine de gach aois agus cumas teagmháil a bheith acu leis an nGaeilge ar bhealach réchúiseach, taitneamhach. Ba é cuairt Sheán Uí Chualáin, stiúrthóir scannán, agus Sheosamh Uí Shúilleabháin, aoichainteoir ar an stair áitiúil, ba bhuaicphointe le 2018. Thug siad cuntas faoi "Bhailiú logainmneacha i measc an phobail" agus faoin mbealach a n-úsáideann siad suíomh gréasáin chun oidhreacht na háite a chaomhnú.

Oibreoimid le roinnt grúpaí difriúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn: Glór Bhréifne, Coláiste na bhFiann, Ógras, Oifig Sheachtain na Gaeilge, An tOireachtas, Conradh na Gaeilge agus Gaelscoil Bhréifne.



**Na hEalaíona**

Seoladh straitéis nua do na healaíona i mí an Mhárta 2018. Cuireadh eolas ar fáil dó trí chomhairliúchán pobail in Achadh an Iúir, Béal Tairbirt, an Cabhán agus Coill an Chollaigh chomh maith le cruinnithe le geallsealbhóirí, comhairliúchán leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha agus an Príomhfheidhmeannach agus d'fhaomh Baill na Comhairle é.

**Uileghabhálacht agus Uaillmhian – Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2018-2023**

**Misean**

Déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin, tríd na prionsabail threoracha **Uileghabhálachta agus Uaillmhéine** atá againn, déanfaimid na coinníollacha inar féidir ealaíon den scoth a chruthú a chothú agus a chruthú agus cinnteoimid ag an am céanna go mbíonn an oiread daoine agus is féidir in ann páirt a ghlacadh in ardeispéiris ealaíne.

Is iad na réimsí tosaíochta a sainaithníodh:

- Tosaíochtaí Ealaíne
- Forbairt Lucht Féachana
- Éagsúlacht
- Bonneagar



Kim McCafferty, taibheoir sorcais, in éineacht le Paddy McDonald, Cathaoirleach, ag seoladh Uileghabhálacht agus Uaillmhian, Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2019. Grianghrafadóir: Lorraine Teevan.

**Tosaíochtaí Ealaíne**

Cuireann oifig ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí bíodh sin trí ghradaim ealaíon, sparánachtaí, deiseanna agus oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí.

**Gradaim agus Sparánachtaí Ealaíon 2018**

| | Fuarthas | Bronnadh | Luach Iomlán |
|---|---|---|---|
| Ealaíontóirí Gairmiúla | 25 | 10 | €9,5000 |
| Gradaim Ealaíon faoin Acht Ealaíon | 39 | 23 | €12,000 |

Ba iad na healaíontóirí ar éirigh leo: Jessie Keenan, ealaíontóir damhsa, Kim McCafferty, sorcas agus mórthaibhsiú, Paul Flynn, cumadóir, Eilish McCann, amharc-ealaíontóir, Kasia Zimnoch agus Pawel Kleszczewski, beochantóirí, Edel Cox, amharc-ealaíontóir, Niamh McCormack, amhránaí, Marie Smith, dealbhóir, Mateusz Lubecki, amharc-ealaíontóir agus Jackie O'Neill, amharc-ealaíontóir.

### Sparánacht Tyrone Guthrie

Bronnadh dhá sparánacht d'Ionad Tyrone Guthrie. Ba ar Mhairéad Donnellan, file, agus Kieron Smith, ealaíontóir amharclainne a bronnadh iad.

### Cúrsa Spioradálta *The Moth*

Bronnadh dhá sparánacht d'ealaíontóirí óga ag Ionad Spioradálta *The Moth.*

### Comhshaothair

- D'oibrigh an file Noel Monahan agus an t-amhránaí Darragh Slacke le chéile ar chomhshaothar d'Oíche Chultúir agus d'Fhéile Ealaíon an Chabháin.
- Chomhoibrigh Daragh Slacke le *Konik Studios* freisin ar "Sean Lamh", beochan ceoil agus físe.
- Chruthaigh *Anú Productions* "Zero Hour" in Iarsmalann Chontae an Chabháin, píosa saincheaptha amharchlainne a cruthaíodh do Thrinsí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus ar thacaigh an oifig ealaíon leis.
- Taighde ar thaispeántas dar teideal "Mná Tionchair" leis an staraí Laura Servillan Brown agus treoir ó Margaret Mc Curtin, staraí.

### Tacaíochtaí Eile

- Tacaíocht seolta do *Chalk Dust,* an t-ochtú bailiúchán filíochta leis an bhfile Noel Monahan a bhfuil duaiseanna buaite aige, ó *Salmon Publishing.*
- Seoladh 'He Is Mine and I Have No Other', an chéad úrscéal le Rebecca O'Connor
- Seoladh 'No Party for Billy Burns' le Pádraic Conaty i bPictiúrlann an *Odeon.*

### Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Cuireadh an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach seo a leanas trí Shaotharlann Ealaíon Óige PEACE IV:

Oiliúint éagsúlachta le *Open Minds Consulting*
Teorainneacha agus Féinmhuinín le Julie Aldridge
Feasacht ar Chosaint Leanaí le hObair d'Ógra Éireann

Teiripe Ealaíne le Austin Craven.

**Coimisiún Scríbhneoirí na hÉireann**

Lean comhoibriú Ionad Scríbhneoirí na hÉireann ar aghaidh agus cuir i láthair agus ceardlanna ann le Valerie Bistany, Caelainn Hogan, Colm Keegan, Noel Monahan, Moyra Donaldson, Conor Kostick agus Selena Guinness maidir leis an mbeathaisnéis, an t-úrscéal, neamhfhicsean cruthaitheach agus an fhilíocht. Ghlac 64 scríbhneoir gairmiúil agus scríbhneoir atá ag teacht chun cinn páirt ann.

**Tosaíochtaí maidir le Forbairt Lucht Féachana**

**Na hEalaíona agus an tOideachas**

- I gcomhar lena príomh-chomhpháirtí, Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin, tá Comhairle Contae an Chabháin mar chuid den Chomhpháirtíocht Áitiúil Ealaíon agus Oideachais.

- D'éirigh le ceithre scoil sa Chabhán i dTionscnamh Scoileanna Cruthaitheach na Comhairle Ealaíon. Ba iad na scoileanna sin Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Béal Átha hÉis; Scoil Náisiúnta Chnoc an Teampaill, Scoil Náisiúnta Ghabhna agus Coláiste Dhún an Rí, Dún an Rí.

- Roghnaíodh na healaíontóirí áitiúla Mary Farrelly agus Joanne Behan mar Ealaíontóirí Cruthaitheacha do Scoileanna Ildánacha.

- Ceapadh Mairéad Duffy ina hOifigeach Forbartha Ceoil do *Music Generation* an Chabháin-Mhuineacháin.



Grúpa Amharclainne Hacklers: Damien O'Brien agus Michael Olwill ag léiriú sliocht de chuid Dermot Healy mar chuid d'Oíche Chultúir 2018. Grianghrafadóir: Adrian Donohoe.

**Féilte**

- Ba bhliain an-mhaith í 2018 ó thaobh fás agus forbairt féilte ealaíon i gContae an Chabháin de. Chuir grúpaí pobail agus saorálaithe tiomanta go leor féilte ar fáil agus tá ag méadú ar líon na bhféilte atá á bhforbairt, go leor acu le craobhacha Comhaltais.

- Chuir an 15ú Féile NYAH imeachtaí chun cinn i rith na bliana lena n-áirítear comhshaothair leis na traidisiúin Mháirseála agus Ultaise agus fuair sí €7,300 ón gComhairle Ealaíon.

- D'éirigh le Féile Ealaíon Mhuinchille maoiniú €3,500 a fháil ón gComhairle Ealaíon agus mar chuid den chlár, bhí saothar úr le Pat Mc Cabe, ar spreag scríbhneoireacht Dermot Healy é, agus ba iad Aisteoirí Mhuinchille a léirigh é.

- Chomhoibrigh Féile Filíochta Choill an Chollaigh leis an amharc-ealaíontóir Ruth Mc Donnell chun filíocht, spreagtha ag cúirt ar an stiúideo, a chruthú.

- Thug Kim Mc Cafferty agus grúpa ealaíontóirí agus saorálaithe lena n-áirítear Grace Mc Kiernan, Rosie Cole, Shane Carroll, Chris O Brien, Aisling Farrelly agus go leor de na healaíontóirí a d'oibrigh i Halla an Bhaile ar bhonn deonach le trí bliana anuas, thug siad Féile Ealaíon an Chabháin ar an saol.

Bhí Páirc Con Smith beo le linn na féile, a bhí ar siúl ag an am céanna le hOíche Chultúir, leis an suiteán, an fhilíocht, an greann, an amharclannaíocht agus an ceol a bhí ann a chuir go leor daoine cumasacha de chuid an Chabháin ar os comhair an phobail, amhail an léamh is déanaí de *The Hacklers* ar shaothar Dermot Healy.



‘No Party for Billy Burns’ le Pádraic Conaty. Sa ghrianghraf tá Kevin Mc Gahern, an príomhaisteoir; Rhona Tidy, Ealaíona an Chabháin, agus teach lán go béal i bpictiúrlann an *Odeon.* Grianghraf: Sheila Rooney.

### Oíche Chultúir

D’fhreastail 2,800 duine ar Oíche Chultúir in 23 ionad agus 35 imeacht ann ar an iomlán. Tionscnamh de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta is ea é agus eagraíonn Comhairle Contae an Chabháin é agus cuireann sí chun cinn é le tacaíocht airgeadais de €8,250 ón Roinn.

### Glaoch ó Chroí Ceolmhar an Chabháin, na Cartlainne agus na hOidhreachta

Seoladh an tionscadal oidhreachta seo, a fuair tacaíocht ó Éire Chruthaitheach do na healaíona traidisiúnta i gContae an Chabháin, go

háitiúil i mBéal Tairbirt. Tá stór mór ábhar ag Martin Donohoe agus a bhuí le treoir ó Chartlann Thraidisiúnta na hÉireann agus ó Theicneolaíocht Faisnéise Chomhairle Contae an Chabháin, cuirfear é seo i gcartlann.

Mar chuid den seoladh oidhreachta, labhair an t-aoichainteoir Aidan O'Hara, staraí agus cartlannaí, agus bhí léirithe ann leis na taibheoirí iontacha seo: Comhaltas Bhéal Tairbirt, Issac Scanlan, Rinceoirí Sean-Nóis Marian Crowe, The Bradies, Milltown agus Ellen O'Brien agus Comhaltas an Chabháin.

**Taispeántais**

- Reáchtáladh an Taispeántas Ársa agus Fiáin i Lárleabharlann Johnston agus bhí deichniúr ealaíontóirí páirteach i gcomhthionscnamh de chuid na n-oifigí Oidhreachta, Geopháirce agus Ealaíon.

- Ghlac 212 páiste páirt i gceardlanna a bhí faoi stiúir na n-ealaíontóirí Heather Brett agus Elena Duff.

- Taispeántas de rogha saothar ón gcúigear ealaíontóirí a ghlac páirt i gClár Cónaitheachta Bullock Lane i Halla an Bhaile sa Chabhán in 2017/18. Bhí saothair ann le: Jolene Mok, Sarah Lundy, Amanda Jane Graham, Mateusz Lubecki agus Elena Duff. Ba é an taispeántas comhaimseartha seo an seó deireanach amharc-ealaíne a reáchtáil na lucht seo na n-ealaíon i Halla an Bhaile sa Chabhán.

- Ghlac 124 páiste agus duine fásta páirt sa chlár for-rochtana do Thaispeántas Turasóireachta Tyrone Guthrie.

- Reáchtáil Club Ceamaraí an Chabháin a seó bliantúil i Lárleabharlann Johnston.



Daltaí Choláiste Dhún an Rí ag caint faoin tionscadal oragámaí a rinne siad in éineacht leis an ealaíontóir Anna West, le Madeleine Argue, Cathaoirleach; an Comhairleoir Clifford Kelly agus Caitriona O'Reilly agus Kim Doherty, Ealaíona an Chabháin. Grianghrafadóir: Adrian Donohoe.

### Tosaíochtaí Éagsúlachta

### Saotharlann Ealaíon Óige

- Chuir Saotharlann Ealaíon Óige PEACE IV sraith ceardlann maidir le hoidhreacht chultúrtha agus tógáil athléimneachta ar fáil do pháistí agus daoine óga. Bhí páistí agus daoine óga ón Damhshraith, Teampall an Phoirt, Black Lion, Dún an Rí, Cill na Leice, Baile Shéamais Dhuibh, na Bilí, an Cabhán, Muinchille, Searcóg agus Béal Átha Conaill páirteach ann.
- Fostaíodh 17 ealaíontóir chun an obair sin a dhéanamh.
- Chuaigh grúpa taistealaithe óga mná ar thuras allamuigh chun spreagadh a fháil dá dtionscadal meirge a bhí faoi stiúir na n-ealaíontóirí Heather Brett agus Rita Duffy.



Rannpháirtithe Shaotharlann Ealaíon Óige PEACE IV, Foróige Theampall an Phoirt, agus Sandra McIntyre, leis an gCathaoirleach Madeleine Argue; na Comhairleoirí John Paul Feeley agus Peter Mc Vitty; Bee Smith, Tony Cuckson agus Morag Donald, ealaíontóirí; Jane Crudden agus Kim Doherty, Comhairle Contae an Chabháin, agus Patricia O'Rourke, Coiste Theach Cúirte na Dámhshraithe. Grianghrafadóir: Lorraine Teevan.

## Na hEalaíona i Suíomhanna

- Scríobhadh dráma dar teideal '*The Best Years are yet to Come'* mar chuid de chomhshaothar idir baill de Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus an cleachtóir amharclainne Maura Williamson agus mhaoinigh an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta agus an Oifig Ealaíon é. Tráchtaireacht shóisialta 'aoisbháúil' atá ann ina n-úsáidtear greann chun dearcadh daoine scothaosta an ar an domhan a chíoradh. Bhain an dráma an gradam don tionscnamh pobail is fearr amach ag Dámhachtainí Pobail agus Comhairle na hÉireann.

- Fuarthas deontas €20,000 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, le líonrú agus le measúnacht.

- Bunaíodh fóram de gheallsealbhóirí ábhartha chun na healaíona a fhorbairt i suíomhanna sláinte agus pobail. Cuireadh tús le hobair leis an *Choices Group* agus le Club Sóisialta Sinsearach Bhaile Shéamais Dhuibh.

**Clár Ealaíne Poiblí**

- Tríd an gClár Ealaíne Poiblí, ceapadh Ray Fitzsimons ina Choimeádaí Scéalta chun ealaín na scéalaíochta a chur chun cinn.

- Chuaigh an t-ealaíontóir Rita Duffy go dtí an Airgintín, an Bhrasaíl agus an tSile chun bualadh le healaíontóirí, coimeádaithe agus gníomhaithe cearta daonna mar chuid de tionscnamh de chuid an BBC. Tá sé ag déanamh taighde ar thionscadal mar fhreagairt ar Brexit.

**Amharclann na nÓg**

- Tá earnáil na hamharclainne neamhspleáiche don óige i gContae an Chabháin ag fás. Tá Cumann Drámaíochta Óige Chill na Leice ann i gCill na Leice a léirigh a ndráma dar teideal “Cyber Gossip”, a bhí faoi stiúir Alice Lynch, in Amharclann Ramon agus ar chuir Pádraig Conaty in oiriúint don scáileán é le tacaíocht ó Éire Chruthaitheach.

- Choimisiúnaigh Amharclann Óige Gonzo Philip Doherty chun dráma a scríobh faoi stiúir Kevin O’Connor agus Calantha Ford.

- Tá Amharclann Óige Dhún an Rí agus Amharclann Óige an Chabháin ag feidhmiú go fóill agus rinneadh athbhrandáil ar Amharclann Ramor chun go ndéanfadh sé ionadaíocht ar na daoine óga, mar sin *Place of Drama* an t-ainm atá anois air.



Daltaí ó Scoil Náisiúnta Shearcóige le Madeleine Argue, Cathaoirleach, agus iad ag roinnt obair le Colm Mullen léi, ó thionscadal ildisciplíneach a rinneadh mar chuid de Shaotharlann Ealaíon Óige PEACE IV an Chabháin. Grianghrafadóir: Adrian Donohoe

### Tosaíochtaí Bonneagair

- **Oibreacha Caipitil**

Cuireadh tús le hobair athchóirithe agus chaomhnaithe i Halla an Bhaile sa Chabhán. Ceapadh JJ McCauley mar chonraitheoir agus is iad Bluett & O'Donoghue na Bainisteoirí Tionscadail atá ag déanamh maoirseachta ar an obair. Tá an tionscadal seo maoinithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Foras um Chláir Speisialta an AE de chuid PEACE IV agus ag Comhairle Contae an Chabháin agus buiséad €1.75 milliún atá i gceist.

### Acmhainní

Chuir an Chomhairle Ealaíon deontas €49,200 ar fáil don oifig ealaíon. Ba é an buiséad iomlán a cuireadh ar fáil sna meastacháin €351,600.

### Iarsmalann Chontae an Chabháin

Bliain eile den scoth a bhí ann don Iarsmalann. Cé gur tháinig méadú suntasach ar líon na gcuairteanna a bhí ann ó ghrúpaí scoile agus turais, sháraigh líon na

gcuairteoirí siúil isteach a rabhamar ag súil leis. Leanann na taispeántais atá lasmuigh ar aghaidh ag mealladh daoine, go háirithe Eispéireas Trinsí an Chéad Chogaidh Dhomhanda, taispeántas Éirí Amach 1916 agus taispeántas Chath an Somme.

I mí an Mhárta 2018, sheol an Iarsmalann taispeántas spreagúil, suimiúil eile darb ainm '*Road to War – Path to Reflection'* a insíonn scéalta 15 duine a fuair bás mar thoradh ar an mbaint a bhí acu leis an gCéad Chogadh Domhanda. Cuirtear síos sa taispeántas ar shaol roinnt fear de chuid an Chabháin a raibh cúlraí éagsúla reiligiúnacha acu agus a fuair bás an lá céanna agus go minic sac chath céanna. Mar chuid den seoladh, léirigh *ANU Productions* dráma úr dar teideal '*Zero Hour'* a scríobhadh go speisialta don taispeántas. Chuir *ANU* 25 léiriú de '*Zero Hour'* ar bun do scoileanna, do ghrúpaí turais agus sainspéise agus do chuairteoirí a tháinig chuig an Iarsmalann le linn dheireadh seachtaine na hoscailte.



Seoladh an Taispeántais '*Road to War – Path to Reflection'* leis an gComhairleoir Paddy McDonald, Cathaoirleach, agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D.



Foireann aisteoirí *'Zero Hour'* le *Anu Productions*

Bhain Clár Oideachais Comórtha na hIarsmalainne an Gradam d'Fheabhas sa Rialachas Áitiúil de chuid Chomhlachais Éireann amach chomh maith le Gradam Náisiúnta Iris na hEarnála Poiblí don Iarsmalann Chontae is Fearr 2018.

I gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin agus le Coiste Eaglais Naomh Iósaif, forbraíodh an cabhsa isteach chuig an Iarsmalann agus cuireadh cosáin agus soilse leis.

Fuarthas cead pleanála chun áis bhreise Spáis Chomhroinnte a sholáthar a bheidh maoinithe ag PEACE IV agus a bheidh lonnaithe ar chúl na hIarsmalainne agus a osclófar in 2019.

Gach mí, reáchtálann an Iarsmalann imeachtaí éagsúla lena n-áirítear drámaíocht, ceol, ealaíon, litríocht, léachtaí agus cuilteáil agus bíonn go leor ceardlann agus léachtaí ann maidir le hábhar stairiúil.



Seoladh Thaispeántas Michael Cullivan le Michael Harding i mí an Mheithimh 2018.

Is mór againn flaithiúlacht na ndaoine a leanann ar aghaidh ag cur earraí suimiúla, stairiúla cuimhneacháin leis an mbailiúchán uathúil atá san Iarsmalann cheana féin.

Bhí ríméad ar fhoireann na hIarsmalainne fáilte a chur roimh an Taoiseach Leo Varadkar i mí Dheireadh Fómhair agus é ar cuairt ar Chontae an Chabháin.



I mí na Samhna, chun comóradh a dhéanamh ar Dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, sheol an tAire Heather Humphreys foilseachán na hIarsmalainne 'Liosta Laochra Comórtha Céad Bliain ón gCéad Chogadh Domhanda do Chontae an Chabháin' leis an Dr Michael Finnegan. Cuimsíonn an foilseachán seo sonraí maidir le breis agus 750 fear a raibh baint acu leis an gContae agus a fuair bás mar ghall ar an mbaint a bhí acu leis an gCéad Chogadh Domhanda.

Críochnaíodh cosán thart ar Shiúlán na mBan Rialta i mí na Nollag, rud a fhágann go bhfuil an tsiúlóid álainn seo anois níos inrochtana, go háirithe d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, do sheanóirí agus do pháistí.

Mar cheann de Shuíomhanna Ársa Oirthear na hÉireann agus ceann scríbe turasóireachta a bhain duaiseanna amach agus a mheallann na mílte cuairteoir gach bliain, tá ról lárnach freisin ag Iarsmalann Chontae an Chabháin maidir leis an ngeilleagar áitiúil a chur chun cinn, ag mealladh turasóirí ó gach cearn d'Éirinn agus thar tír isteach.

**Amharclann Ramon**

**Cúlra Amharclann Ramon**

Déanfaidh Amharclann Ramor ceiliúradh 20 bliain ar an uair a osclaíodh don phobal í i mí Mheán Fómhair 1999 agus uaidh sin, tá sí tar éis a bheith mar mhol lárnach do shaol cultúrtha agus ealaíne Chontae an Chabháin agus í ar an t-aon spás taibhléirithe ghairmiúil sa Chontae.

Is é aidhm na hamharclainne suim agus rannpháirtíocht sna healaíona a spreagadh, a chothú agus a fhorbairt sa Chontae. Baintear seo amach ach clár éagsúil taibhléirithe le healaíontóirí gairmiúla ó na réimsí ealaíne ar fad a chur ar fáil chomh maith le comhlachtaí gairmiúla amharclannaíochta, grúpaí ealaíon óige, grúpaí pobalbhunaithe amaitéaracha agus ealaíontóirí áitiúla a spreagadh chun tionscadail a fhorbairt agus a léiriú san ionad.

Is é an tÚdarás Áitiúil a ritheann an Amharclann agus faightear tacaíocht shuntasach airgeadais ón gComhairle Ealaíon.



**Amharclann Ramor, An Phríomhshráid, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin**

## Rannpháirtíocht Phoiblí

Tá an-tábhacht le rannpháirtíocht phoiblí lenár bpobal áitiúil dúinne anseo in Amharclann Ramor. Bímid de shíor ag plé leis an bpobal i gcoitinne d'fhonn iad a mhealladh chuig seónna a bhíonn á léiriú againn agus bímid á spreagadh freisin chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon.

Bímid de shíor ag dul i dteagmháil le daoine trí eagraíochtaí pobail chun déimeagrafach chomh héagsúil agus is féidir a mhealladh ónár gceantar féin. Déantar seo freisin trí chlár leathan, éagsúil imeachtaí a bheith againn a oireann do mhianta agus riachtanais gach duine.

Is dóigh linne in Amharclann Ramor go bhfuil freagra ó luchtanna féachana á fháil againn san oifig ticéad a bhuí leis an gcomharthaíocht úr atá againn taobh amuigh den Amharclann. Áirítear sa chomharthaíocht seo meirgí móra atá crochta ar an bhfoirgneamh mar aon le boscaí póstaeir A0 do sheónna aonair. Mothaímid gur mhéadaigh sé seo a fheiceálaí agus a bhíomar sa phobal áitiúil agus i dtrácht a bhí ag dul thar an bhfoirgneamh ar phríomhbhealach an N3 ó Bhaile Átha Cliath go Dún na nGall.

Is ónár mbróisiúr séasúrach imeachtaí a thagann an chuid is mó de na ticéid a dhíoltar go fóill, agus cuirtear amach faoi thrí sa bhliain é. Bíonn ár liosta seoltaí de shíor ag fás agus tá 2400 duine air faoi láthair. Seoltar an bróisiúr imeachtaí seo ar ríomhphost go 600 custaiméir eile freisin.

Le teacht an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) in 2018, rinneamar athbhreithniú ar na liostaí seoltaí a bhí againn do sheoltaí poist, seoltaí ríomhphoist agus seirbhísí téacsála. Rinneadh uasdátú orthu seo tar éis dúinn cead a fháil ó chustaiméirí. Ciallaíonn an t-athbhreithniú seo gur custaiméirí ar mian leo eolas a fháil uainn amháin a gheobhaidh eolas uainn agus dá bhrí sin, is léir cheana féin gur bealach níos éifeachtaí agus níos costéifeachtaí margaíochta é.

Tógtar 100% de shonraí custaiméirí anois agus ticéid á gcur in áirithe acu ar ár gcóras *Ticketsolve.* Déantar anailís ar an eolas seo agus déantar seic air i gcoinne bunachair sonraí nua GDPR ionas go ndíreofar ansin orthu sin d'imeachtaí agus d'fhoirmeacha ábhartha ealaíne amach anseo.

Is mó tóir atá ar ár suíomh gréasáin le déanaí agus tugann an t-aiseolas le fios gur tarraingteach an suíomh é agus go bhfuil sé éasca do chustaiméirí é a úsáid agus 60% de na díolacháin ar fad ar líne anois.

**Tacaíocht d'Ealaíontóirí**

I gcomhar le hearnálacha cultúrtha eile de chuid Chomhairle Contae an Chabháin, Iarsmalann Chontae an Chabháin agus na leabharlann, oibrímid ar mhaithe le cinntiú go ndéantar na healaíona a chomhtháthú mar phríomhfheidhm de chuid Chomhairle Contae an Chabháin agus is é an aidhm atá againn an t-ealaíontóir agus an lucht féachana a bheith ar thús cadhnaíochta air seo.

Cé go raibh ról lárnach aige sin i bhforbairt eagraíochtaí amhail Comhlacht Amharclannaíochta *Livin Dred,* Líonra Amharclannaíochta *NOMAD* agus daoine aonair amhail Pádraic McIntyre (Scríbhneoir agus Stiúrthóir) agus Séamus O'Rourke (Scríbhneoir agus Taibheoir), bhíodh an bhéim ar rannpháirtíocht an lucht féachana den chuid ba mhó. In 2018, rinne bainisteoir nua Amharclann Ramor iarracht aghaidh a thabhairt in athuair ar chothromaíocht a aimsiú idir cloí le cuspóirí na Comhairle Ealaíon chun Ealaín den Scoth a Dhéanamh agus ról an ealaíontóra a athlonnú go seasamh níos lárnaí in Amharclann Ramor.

In 2018, bhí Amharclann Ramor ina léiritheoir feidhmiúcháin ar *Show Day,* scannán faisnéise leis an scannánóir áitiúil Alan Bradley. D'úsáid Amharclann Ramor an maoiniú a bhí faighte aici mar chuid d'Éire Chruthaitheach 2017 ó Chomhairle Contae an Chabháin chun airgead a chur ar fáil don scannán seo. Taispeánadh den chéad uair é in Amharclann Ramor i mí Eanáir agus uaidh sin, taispeánadh ar RTÉ 1 é Dé Luain an 16 Iúil ag 7:00 p.m.

Chomh maith leis sin, bhíomar ag plé le healaíontóirí in 2018 lena n-áirítear: Amharclann Gonzo, Sorcas Fanzini, Comhlacht Amharclannaíochta Livin Dred, Louis Lovette (

Also in 2018 we have engaged with artists which include: Gonzo Theatre, Fanzini Circus, Livin Dred Theatre Company, Louis Lovett (Theatre Lovett) Louise Lowe (ANU Productions) Kim McCafferty, Aaron Monaghan, Clare Monnelly, Mitch Mitcelson agus Geoff O'Keaffe.

Tá sé mar aidhm ag Amharclann Ramor cur leis an teagmháil a bhíonn againn le healaíontóirí agus leis an tacaíocht a thugaimid dóibh in 2019 thar réimsí níos leithne de na healaíona, lena n-áirítear an amharclannaíocht, an ealaín agus an litríocht, agus pleananna ann cheana chun dul ag plé le *ANU PRODUCTIONS* (Ealaíontóirí

Cónaitheacha sa Ramor in 2019), Comhlacht Amharclannaíochta Livin Dred (Trad 2019), Amharclann Gonzo (*Workshop of Phonix:* Dráma úr le Philip Doherty), Noel Monahan (Léiriúchán inmheánach de '*Chalk Dust'),* Michelle Boyle (Portráidí de 20 bliain de thaibhléiriúchán sa Ramor) agus Sorcas Fanzini (Spás Cleachtaidh, Oifige agus Stórála).

Tá sé mar i gceist againn go mbreathnóidh ealaíontóirí ar Amharclann Ramor mar áit inar féidir a gcuid oibre agus a slite beatha a chothú agus inar féidir leo fás a bhuí le cláir ionchuimsitheacha, éagsúla ealaíon cruthaitheach, a bhfuil sé i gceist againn iad a fhorbairt in 2019 agus ina dhiaidh.

**Rialachas agus Ceannaireacht**

Cuireann Comhairle Contae an Chabháin seiceálacha Soláthair MS4 trí Chóras Bainistíochta Airgeadais *Agresso* – bíonn foréilimh ag teacht le hEarnáil Phoiblí na hÉireann agus le Treoirlínte AE. Tá Iniúchóir Inmheánach agus Coiste Iniúchta ag Comhairle Contae an Chabháin agus déanann an tIniúchóir Rialtais Áitiúil iniúchadh seachtrach uirthi. Mar chuid de Chomhairle Contae an Chabháin, tá Amharclann Ramor faoi cheangal ag an gCód Cleachtais Cuntasaíochta agus ag na Rialacháin Chuntasaíochta d'Údaráis Áitiúla.

Rialaíonn Rannóg Cuntas Chomhairle Contae an Chabháin smacht gus cosaint na gcistí go léir tríd an gcóras ríomhairithe *Agresso MS4 Milestone 4* atá acu agus déanann iniúchóir seachtrach na Comhairleoir iniúchadh uair sa bhliain. Tá na nósanna imeachta ag teacht le Treoirlínte AE agus an Rialtais Náisiúnta. Teastaíonn ábhar monatóireachta agus measúnachta ó Ranna Rialtais chun críocha iniúchta.

Maidir le smacht agus cosaint na gcistí in Amharclann Ramor, cruthaíonn an t-oifigeach cléireachais foréilimh agus déanann Bainisteoir na hAmharclainne iad a fhaomhadh. Ina dhiaidh sin, cuirtear teorainn leis na ceaduithe seo agus ní mór don Bhainistíocht Shinsearach méideanna os cionn caipín áirithe a fhaomhadh.

Tá an Phleanáil Straitéiseach mar chuid den doiciméid straitéise Uileghabhálacht agus Uaillmhian – Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2018 – 2023 i gcomhar le plean na Comhairle Ealaíon, Ealaín den Scoth a Dhéanamh; Plean Feidhmíochta Rannóg

Pobail & Fiontair Chomhairle Contae an Chabháin; an Plean Forbartha Pobail um an Eacnamaíocht Áitiúil agus Pleananna Feidhmíochta Aonair.

Freastalaíonn bainistíocht Amharclann Ramor ar phleanáil gnó tríd na pleananna inmheánacha atá aici agus na hathbhreithnithe a dhéantar le linn na bliana. Is iondúil go ndéantar an clársceidealú a phleanáil idir 6 mhí agus 9 mí roimh ré agus fógraítear clár gach ráithe. Déantar athbhreithniú inmheánach rialta ar na cláir seo agus ar chuspóirí eile gnó agus ealaíne a bhuí le haiseolas ó luchtanna féachana agus ó ealaíontóirí. Déanaimid Athbhreithniú Bliantúil ar an bPlean Seirbhíse freisin le Comhairle Contae an Chabháin chomh maith le hAthbhreithniú Straitéiseach de chuid na Comhairle Ealaíon leis an gComhairle Ealaíon.

Rinne Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta Chomhairle Contae an Chabháin Iniúchadh iomlán Sláinte & Sábháilteachta agus tá na moltaí ar fad a d'eascair as curtha i bhfeidhm anois. Cuireadh Ionduchtú nua Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm do na comhlachtaí agus ealaíontóirí cuairte uile agus is é bainisteoir teicniúil na hAmharclainne a dhéanann seo agus síníonn an comhlacht nó an t-ealaíontóir atá i gceist é.

Thugamar polasaí nua GDPR isteach i gcomhar le hOifigeach Cosaint Sonraí Chomhairle Contae an Chabháin.

Bímid de shíor ag déanamh monatóireachta ar ár n-éachtaí agus déanaimid ár ndícheall cur lenár bhfeidhmíocht ach athbhreithniú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh oifig na dticéad de agus anailís a dhéanamh ar aiseolas ó luchtanna féachana, ealaíontóirí agus comhlachtaí. Is trí shuirbhéanna, anailís sonraí agus cruinnithe foirne a dhéantar seo.

Is é Pádraic McIntyre Bainisteoir nua na hAmharclainne agus ceapadh i mí na Nollag 2017 é tar éis do Mary Hanley dul ar scor i mí Aibreáin 2017.

**Foireann Ramor**

Nuala McCabe     Frances Brady     Annette McGovern     Paddy Farrelly

**Bainisteoir na hAmharclainne** Padraic McIntyre
**Bainisteoir Riaracháin** Paddy Farrelly


**Riarthóir** Nuala McCabe

**Oifig na dTicéad** Frances Brady

**Fáilteachas** Annette McGovern

**Fáilteachas/Beár Caife** Helen Foy

## <u>Amharclannaíocht Ghairmiúil</u>




***From Under The Bed*** **le Seamus O'Rourle sa Ramor i mí Aibreáin 2018**


Óstáladh 24 léiriúchán Amharclannaíochta Gairmiúla in Amharclann Ramor in 2018, sin méadú 46% i gcomparáid leis na 15 cinn a bhí ann in 2017.

I measc na léirithe a óstáladh, bhí: *From Under the Bed, And Thank You, The Man in Woman's Shoes, I Hear You and Rejoice, Autumn Royal, The Pat Kinevan Trilogy, Jayne Eyre, Pilgrim* agus *Holy Mary.*

Thug Comhlacht Amharclannaíochta cuairt ar Amharclann Ramor den chéad uair chun a léiriúchán de *The Importance of Nothing* a chur ar siúl.

Tháinig léiriúchán *Teac Damsa Production* de *Swan Lake* le Michael Keegan Dolan i gcomhar le NOMAD ar cuairt i mí an Mhárta, rud a bhí ina athrú mór don ionad ó tharlaíonn gur léiríodh é lasmuigh den láthair do dhá cheann de na léiriúcháin. D'oibríomar ar an tionscadal seo le hIonad Pobail agus Club CLG Chillín Chéir a chuir an t-ionad agus saorálaithe ar fáil dúinn.

## Amharclannaíocht do Pháistí




**Léiriúchán Amharclann Mill ar *The Fantastic Mr. Fox* le Roald Dahl sa Ramor i mí an Mheithimh 2018**

Óstáladh naoi léiriúchán Amharclannaíochta do Pháistí in Amharclann Ramor in 2018, méadú 44% i gcomparáid leis na 5 cinn a bhí ann in 2017. Bhí lucht féachana iomlán de 1475 duine ann i gcomparáid le 473 duine in 2017. Faoin mbainistíocht úr, cruthaíodh plean straitéiseach chun lucht féachana páistí a fhorbairt in Amharclann Ramor. Rinneadh seo trí theagmháil a dhéanamh le Scoileanna Náisiúnta an Chontae agus a bhuí le feachtais mhargaíochta a dhírigh ar theaghlaigh.

I measc na léiriúchán a óstáladh, bhí: Amharclann Puipéad Lambert (*Hansel & Gretel),* Amharclann Mill (*The Fantastic Mr. Fox)* agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí (*Me and Molly and Moo).*

**Scannánaíocht**




***Three Billboards Outside Ebbing Missouri*** **le Martin McDonagh sa Ramor i mí Mheán Fómhair 2018**

Taispeánadh 19 scannán in Amharclann Ramor in 2018 i gcomhar le *Access Cinema* lena n-áirítear scannáin Ghaeilge, Idirnáisiúnta, Teanga Iasachta agus Faisnéise.

Leanann Scannánaíocht @ Ramor ar aghaidh ag tacú le scannánaíocht na hÉireann agus taispeánadh *Drummer and the Keeper, Maze* and *Dublin Oldschool* in Amharclann Ramor amháin in 2018. Taispeánadh *No Party for Billy Burns* leis an scannánóir Pádraig Conaty ón gCabhán freisin.

Agus muid ag iarraidh luchtanna féachana úra a thógáil do na scannáin, reáchtálamar Oícheanta Scannán agus Bia agus Oícheanta Amuigh do na Cailíní.

Bhí Amharclann Ramor ina léiritheoir feidhmiúcháin ar *Show Day,* scannán faisnéise leis an scannánóir áitiúil Alan Bradley. D'úsáid Amharclann Ramor an maoiniú a fuair sé mar chuid d'Éire Chruthaitheach 2017 ó Chomhairle Contae an Chabháin chun airgead a chur ar fáil don scannán seo. Léiríodh den chéad uair in Amharclann Ramor é i mí Eanáir agus uaidh sin, léiríodh ar RTÉ 1 é Dé Luain, an 16 Iúil ag 7:00 p.m.


## Ceol



***Pilgrim St.*** **ag Ramor i mí na Nollag 2018**

Bhí an ceol ina chuid mhór de chlár Amharclann Ramor arís eile in 2018 agus 14 léiriúchán ann le ceoltóirí le lucht féachana iomlán de 1987 duine. Tá sé mar aidhm ag an mbainistíocht úr gach seánra ceoil a chur i láthair, ní hamháin ceoltóirí seanbhunaithe Éireannacha ach tallann úr atá ag teacht chun cinn ar fud speictream an cheoil, lena n-áirítear Ceol Clasaiceach (Vladamir & Anton), Amhránaithe/Cumadóirí (Declan O'Rourke agus Charlie McGettigan), Bannaí Úra atá ag Teacht Chun Cinn (The Lost Brothers, Pilgrim St. agus Hero's in Hiding), Ceoltóirí Seanbhunaithe Éireannacha (Jack L agus Don Baker) agus Ceol Traidisiúnta (Sharon Shannon, Comhaltas Bhaile an Chabháin).

**Na hEalaíona Pobail**




**Léiriú *Sillan Players* de *Una Pooka* le Michael Harding sa Ramor i mí Feabhra 2018**

Tá ár gClár Ealaíon Pobail go fóill ina chuid ollmhór den chlár anseo in Amharclann Ramor. Bhí 24 léiriúchán againn in 2018 agus ba le grúpaí áitiúla, amaitéaracha drámaíochta sa cheantar an chuid is mó acu ach bhain cúlra ceoil le cuid acu freisin. D'oibríomar le 14 eagraíocht ar an iomlán. Cuireann an amharclann Caidrimh Phoiblí agus Margaíocht agus Fógraíocht ar fáil do na heagraíochtaí seo mar aon le saineolas teicniúil, am cleachtaidh theicniúil agus meantóireacht agus le rannpháirtíocht leanúnach seo an phearsanra ghairmiúil, mothaímid go bhfuilimid ag cur le caighdeán na drámaíochta amaitéaraí agus na n-ealaíon pobail inár réigiún.

I measc na ngrúpaí ealaíon pobail a raibh baint againn leo in 2018, bhí Sillan Players, Grúpa Drámaíochta Choill an Chollaigh, Comhlacht Amharclannaíochta Beezneez, Bow Productions, The Virginians, Grúpa Drámaíochta Sliabh Glah,

Coláiste Achadh an Iúir, Comhaltas Bhaile an Chabháin, Cór Soiscéalach Achadh an Iúir agus Bailé Achadh an Iúir.

**Amharclannaíocht Tráchtála**




**ABBA FOREVER sa Ramor i mí na Nollag 2018**

Cuimsíonn cuid dár gclár imeachtaí a dtugaimid Amharclannaíocht Tráchtála orthu. Beidh 12 imeacht tráchtála in 2018 againn. Ina measc seo, tá imeachtaí coitianta ceoil amhail The Furey's Declan Nearney, Cavan Big Band, The Illegals, Johnny Brady, Robert Mizzell agus Seónna Ómóis ABBA. Cuirtear iad seo in áirithe ar fhruilcheannach nó scartar le hoifig na dticéad iad agus tugann siad ioncam breise isteach san ionad chomh maith le nascadh leis an lucht féachana agus freastal ar na

héilimh atá acu. Leanann na himeachtaí ardíomhá, rathúla seo ar aghaidh ag cur le próifíl Amharclann Ramor i gContae an Chabháin agus níos faide i gcéin.

**Ceardlanna Drámaíochta & Amharclannaíochta**



**Ceardlann Amharclannaíochta Fisiciúla Kim McCafferty in Amharclann Ramor i mí na Bealtaine 2018**

Mar a luadh ar cheann dár bpleananna in iarratas na bliana seo caite, thug Amharclann Ramor faoi straitéis uaillmhianach chun ceardlanna Drámaíochta & Amharclannaíochta a fhorbairt san amharclann.
Mar chuid de seo, sholáthair Ealaíontóirí Gairmiúla Amharclannaíochta cúrsaí seachtainiúla agus deireadh seachtaine san ionad do dhaoine aonair agus do ghrúpaí gairmiúla, leathghairmiúla agus amaitéaracha sa réigiún.
Ar an iomlán, soláthraíodh cúig chúrsa in 2018
*Ceardlann Aisteoireachta 6 Seachtaine: An t-aisteoir, an t-ealaíontóir agus an teagascóir Geoff O'Keaffe a bhí i gceannas air agus bhí 23 rannpháirtí ann.
*Máistir-Rang Amharclannaíochta Deireadh Seachtaine le *Theatre Lovett* a raibh 32 rannpháirtí ann.
*Ceardlann Amharclannaíochta Fisiciúla 4 Seachtaine: An t-aisteoir, an bobaide agus an t-ealaíontóir mímeála Kim McCafferty a bhí i gceannas air agus bhí 10 rannpháirtí ann.
*An Amharclann Draíochta: D'óstáil Amharclann Ramor i gcomhar le Saotharlann Amharclannaíochta an Chabháin dhá cheardlann deireadh seachtaine a raibh an

stiúrthóir agus an cleachtóir amharclannaíochta Mitch Mitchelson i gceannas orthu. D'fhreastail 40 rannpháirtí ar an dá cheardlann seo.

*Ceardlann Amharclannaíochta *Placemaking-A* le Louise Lowe (ANU) inar féachadh ar na bealaí a bhféadfaí comhoibriú le chéile chun amharclannaíocht a chruthú i suíomhanna neamhthraidisiúnta i mBaile Achadh an Iúir agus thart timpeall air. Ghlac 15 duine páirt ann.

**Drámaíocht na nÓg**

Mar a míníodh inár bpleananna do 2018 in iarratas na bliana seo caite, tá Amharclann Ramor anois tar éis athstruchtúrú a dhéanamh ar Dhrámaíocht na nÓg. Beidh Amharclann na nÓg @ Ramor anois ag teacht in áit Imreoirí Óga Ramor agus béim úr ar scileanna rannpháirtithe a fhorbairt agus ar fhorbairt ealaíonta, phearsanta agus shóisialta daoine óga a chur chun cinn tríd an drámaíocht mar aon le cur le tuiscint daoine óga ar an amharclannaíocht mar fhoirm ealaíne. Tá 55 ball ann.

DRÁMAÍ DO DHAOINE ÓGA A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA ACU: Beidh Amharclann Ramor ag reáchtáil tionscadal píolótach 6 seachtaine i mí Mheán Fómhair 2018 a mbeidh sé mar aidhm aige an Drámaíocht a chur ar fáil do Dhaoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta acu. Tá sé mar aidhm ag na ceardlanna seo an drámaíocht a úsáid mar mheán foghlama agus mar bhealach le tú féin a chur in iúl do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Déanfar seo trí iniúchadh drámatúil agus spraoi agus beidh obair ghrúpa agus obair aonair mar chuid de. Tá 23 rannpháirtí ann.

**Léiriúchán Inmheánach**




***Little Gem*** **le Elaine Murphy sa Ramor i mí na Bealtaine 2018**

Ba é *Little Gem* le Elaine Murphy agus faoi stiúir Pádraic McIntyre, Bainisteoir na hAmharclainne, an léiriúchán inmheánach a bhí againn do 2018. Cuireadh ar siúl faoi dhó é, i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna, agus bhí an-tóir ag na luchtanna féachana air. Sílimid go mbaineann an-tábhacht le léiriúcháin inmheánacha don ionad, ní hamháin mar fhoinse ioncaim ach freisin cuireann siad leis an teagmháil a bhíonn againn le pobal ealaíne ár réigiúin.

## Táscairí Seirbhíse

**Visitor Statistics: ramortheatre.com**

Summary by Month
Generated 22-Mar-2019 10:12 GMT




| Summary by Month | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Month | Daily Avg | | | | Monthly Totals | | | | | |
| | Hits | Files | Pages | Visits | Sites | KBytes | Visits | Pages | Files | Hits |
| Mar 2019 | 6407 | 5799 | 796 | 307 | 4192 | 7291518 | 6754 | 17533 | 127579 | 140971 |
| Feb 2019 | 8920 | 7881 | 790 | 249 | 4220 | 15759138 | 6990 | 22124 | 220687 | 249784 |
| Jan 2019 | 11586 | 10499 | 843 | 273 | 4797 | 26670200 | 8488 | 26150 | 325494 | 359166 |
| Dec 2018 | 9646 | 8770 | 1272 | 266 | 4787 | 16001897 | 8265 | 39441 | 271881 | 299036 |
| Nov 2018 | 11231 | 10357 | 1498 | 302 | 4857 | 13508671 | 9089 | 44941 | 310737 | 336938 |
| Oct 2018 | 9143 | 8447 | 1198 | 237 | 4350 | 13652872 | 7347 | 37160 | 261873 | 283451 |
| Sep 2018 | 10614 | 9708 | 1239 | 215 | 4060 | 15246586 | 6470 | 37177 | 291257 | 318448 |
| Aug 2018 | 8002 | 7310 | 912 | 180 | 3682 | 12322640 | 5581 | 28301 | 226639 | 248062 |
| Jul 2018 | 4661 | 4195 | 1040 | 134 | 2670 | 6537634 | 4169 | 32251 | 130071 | 144503 |
| Jun 2018 | 4502 | 4144 | 697 | 159 | 3959 | 5944699 | 4783 | 20928 | 124344 | 135076 |
| May 2018 | 6099 | 5534 | 889 | 211 | 4959 | 9518182 | 6562 | 27568 | 171580 | 189099 |
| Apr 2018 | 8857 | 8048 | 1319 | 293 | 5682 | 13767942 | 8815 | 39593 | 241450 | 265739 |
| Totals | | | | | | 156221979 | 83313 | 373167 | 2703592 | 2970273 |

Generated by Webalizer Version 2.23

### Figiúirí Lucht Féachana 2018

| SEÁNRA NA SEÓNNA SA RAMOR 2018 | LÍON SEÓNNA | LUCHT FÉACHANA |
|---|---|---|
| SCANNÁN DO PHÁISTÍ | 6 | 215 |
| SCANNÁN | 19 | 597 |
| CEARDLANNA | 8 | 93 |
| AMHARCLANNAÍOCHT GHAIRMIÚIL | 23 | 2789 |
| TRÁCHTÁIL | 8 | 1350 |
| POBAL | 28 | 4138 |
| CEOL | 8 | 1123 |
| CEOL CLASAICEACH | 4 | 466 |
| AMHARCLANN NA NÓG | 14 | 2293 |
| GREANN | 4 | 623 |
| LÉIRIÚCHÁN INMHEÁNACH | 3 | 503 |
| CEARDLANNA DO PHÁISTÍ | 5 | 27 |
| DRÁMAÍOCHT NA NÓG | 13 | 715 |
| DRÁMAÍOCHT RIACHTANAIS SPEISIALTA | 6 | 144 |
| **IOMLÁN** | **149** | **15076** |

### Rannpháirtíocht Phoiblí 2018

| Cineál | Seachtainiúil | Gach ceithre mhí | Iomlán 2018 |
|---|---|---|---|
| Bróisiúir | | 2500 | 7500 |
| Ríomhphoist | 112 | | 5376 |
| Téacs | 259 | | 12432 |
| **Iomlán** | | | **25308** |

**Íocaíochtaí 2018**

| CINEÁL ÍOCAÍOCHTA | | % |
|---|---|---|
| AIRGEAD | | 16.72% |
| CÁRTA CREIDMHEASA | | 78.68% |
| SEIC | | 3.02% |
| SLIS & UAP | | 1.22% |
| DEARBHÁN | | 1.75% |
| AISÍOCAÍOCHT CÁRTA CREIDMHEASA | | -1.62% |
| DEARBHÁN/URRAÍOCHT | | 0.05% |
| AISTRIÚ BAINC | | 0.18% |
| **IOMLÁN** | | **100%** |

**Pointe Díola 2018**

| SUÍOMH | | % |
|---|---|---|
| Oifig na dTicéad | | 15% |
| Ar Líne | | 43% |
| Fón | | 42% |
| **IOMLÁN** | | **100%** |

| **Maoiniú 2018 ón gComhairle Ealaíon - €50,000** |
|---|

## Bóithre & Iompar


Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as gach bóthar Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Ar an iomlán, tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as breis agus 3,000km (1,880 míle) de bhóithre poiblí a chothabháil gach bliain.

### Aicmiú Ghréasán Bóithre an Chabháin

Tá luach measta breis agus €1.1 billiún ar an ngréasán bóithre sa Chontae, agus an gréasán bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla freagrach as €1 billiún den iomlán seo. Tá 779 droichead bóthair (réise níos mó ná dhá mhéadar) sa Chontae.

| Cineál Bóthair | Fad (Ciliméadair) |
|---|---|
| Príomhbhóthar Náisiúnta | 62.21 |
| Bóthar Náisiúnta den Dara Grád | 61.07 |
| Bóthar Réigiúnach | 399.14 |
| Príomhbhóthar Áitiúil | 747.83 |
| Bóthar Áitiúil den Dara Grád | 1315.08 |
| Bóthar Áitiúil den Tríú Grád | 426.03 |
| | **3011.36** |

Is é 3,011km fad iomlán an bhóthair phoiblí atá i gContae an Chabháin.




**Maoiniú**

Tagann maoiniú chun bóithre poiblí sa Chabhán a fheabhsú agus a chothabháil ó thrí fhoinse den chuid is mó. Cuireann Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú ar fáil do na Bóithre Náisiúnta agus cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) maoiniú ar fáil don Ghréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Cuireann TII cúltaca teicniúil agus riaracháin ar fáil don mhaoiniú seo de réir mar is gá. Cuireann Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh suntasach bliantúil óna cuid acmhainní féin ar fáil i dtreo chothabháil an Ghréasáin Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha.

**Leithdháiltí Maoinithe 2018**


Léiríonn an tábla thíos an maoiniú a leithdháil gach foinse maoinithe ag tús 2018.

| Catagóir Bóithre | Foinse Maoinithe | Leithdháileadh Tosaigh |
|---|---|---|
| | | |
| Bóithre Náisiúnta | Bonneagar Iompair Éireann (TII) | € 12,315,260 |
| Bóithre nach Bóithre | An Roinn Iompair, | € 10,732,275 |

| | | |
|---|---|---|
| **Náisiúnta iad** | **Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS)** | |
| **Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad** | **Comhairle Contae an Chabháin** | € 2,326,379 |
| | | **€ 25,373,914** |

**Ranníocaíochtaí Chomhairle Contae an Chabháin**

Ag tús 2018, chuir Comhairle Contae an Chabháin €3.32 milliún dá cuid acmhainní féin i dtreo Chothabháil agus Fheabhsú an Ghréasáin Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha. Léirigh sé seo tiomantas leanúnach na Comhairle i leith a líonra bóithre a chothabháil.




**Leithdháiltí Breise**

Le linn 2018, bhí Comhairle Contae an Chabháin in ann leas a bhaint as maoiniú breise TII agus DTTAS. Bhain sé seo go príomha le tionscadail a bheith réidh go luath agus béim a bheith ar ioncam a uasmhéadú sa Chontae ar mhaithe le feabhsú ár mbonneagair bóithre. Sampla de seo ab ea €500,000 breise d'oibreacha drochaimsire mar aon le leithdháileadh breise de €114,400 d'Athshlánú Droichead. Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae an Chabháin €150,000 breise (€50,000 in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh) ar fáil do dheisiúchán cosán.

**Bóithre Náisiúnta**

Cuimsíonn Gréasán na bPríomhbhóthar Náisiúnta an N3 agus an N16. Is é an N3 Bóthar Bhaile Átha Cliath/Inis Ceithleann/Bhéal Átha Seanaidh; is é an N16 Bóthar Shligigh/Inis Ceithleann. Cuimsíonn Gréasán na mBóthar Náisiúnta den Dara Grád Bóthar N54 an Chabháin/Mhuineacháin idir Droichead an Bhuitléaraigh agus Teorainn an Chontae ag Log Uí Cheallaigh, Bóthar N55 an Chabháin/Bhaile Átha Luain agus an N87 ó Thimpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt, go dtí an Teorainn ag an Muileann Iarainn.

**Mórscéimeanna**

**Seachbhóthar Achadh an Iúir**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin cead ó TII leanúint ar aghaidh go dtí Pleanáil agus Dearadh Sheachbhóthar Achadh an Iúir de réir Chéim 1 go Céim 3 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal TII. Fuarthas cead TII freisin le dul ar aghaidh le Comórtas Tairisceana chun Comhairleoirí a sholáthar chun an scéim a chur ar aghaidh de réir Chéimeanna 1-4 de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal.

**Mionscéimeanna Feabhsúcháin**

**Cuid A den N55 ón gCorr Dhubh go Deisceart Killydoon**

Cuimsíonn Cuid A athailíniú 3.2km den N55 ag dhá shuíomh ar leith ó dheas ó Bhéal Átha na nEach. Tá Céim 1 1.1km ar fhad idir bailte fearainn an Gharraí Mhóir agus Pottahee agus tá Céim 2 2.1km ar fhad idir bailte fearainn na Coirre Duibhe agus Bhéal Átha Trost. Ceapadh *Fox Building & Engineering Ltd.* ina Chonraitheoir don Phríomhchonradh Tógála agus cuireadh tús leis na hoibreacha i mí an Mheithimh 2017. Osclaíodh ailíniú nua Chéim 1 don trácht i mí Iúil 2018 agus osclaíodh ailíniú Chéim 2 don trácht an 15 Deireadh Fómhair 2018. Shroich an Scéim an críoch substaintiúil an 30 Samhain 2018. Tá an Scéim sa tréimhse lochtanna agus aistrithe faoi láthair.



Aerphictiúr de dhromchla agus línéail Chéim 1 sa Gharraí Mór

### N55 na Coirre Duibhe go Deisceart Killydoon, Cuid B

Scéim 3.7km ar fhad is ea Cuid B atá díreach ó dheas ó Chuid A agus áirítear seachbhóthar Killydoon ann. Chuir sainchomhairleoirí Réamhdhearadh na Scéime i gcrích agus cuireadh iarratas ar Ordú Ceannaigh Éigeantaigh faoi bhráid an Bhoird Phleanála an 3 Bealtaine 2018.

Tar éis roinnt agóidí a fháil, bheartaigh an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal maidir leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus Measúnacht Chuí a reáchtáil don scéim. Reáchtáladh seo an 4 Nollaig 2018 sa *Cavan Crystal Hotel.* Tá Comhairle Contae an Chabháin ag fanacht ar chinneadh an Bhoird Phleanála maidir leis an iarratas ar Ordú Ceannaigh Éigeantaigh sular féidir aon dul chun cinn eile a dhéanamh ó thaobh na scéime de. Táthar ag súil le cinneadh sa chéad ráithe de 2019.

### N3 Achadh an Iúir go Machaire Rátha

Ceapadh *TOBIN Consulting Engineers* chun Scéim Feabhsaithe Bóthair an N3 ó Achadh an Iúir go Machaire Rátha a chur ar aghaidh trí Chéimeanna 1 & 2 de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal. Is í príomhaidhm an

tionscadail seo aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna suntasacha sábháilteachta a bhaineann leis an gcuid seo den bhóthar.

**Scéim Timpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath an N3**

Cheap Comhairle Contae an Chabháin *RPS Consulting Engineers* chun an scéim seo a thabhairt ar aghaidh trí Chéimeanna 1, 2 agus 3 de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal. Is í príomhaidhm na scéime seo aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna acmhainne agus sábháilteachta (coisithe/rothaithe) a bhaineann leis an timpeallán.

**Scéimeanna Sábháilteachta do Bhóithre Náisiúnta**

**Scéim HD15 HCL um N3 Phríomhshráid Achadh an Iúir**

Cuireadh an réamhdhearadh i gcrích do Scéim HD15 um N3 Phríomhshráid Achadh an Iúir – Céim 2.

Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin le Comhairleoirí an Cheantair Bhardasaigh, Foireann an Bhaile agus an Cumann Forbartha. Leasaíodh an scéim i bhfianaise na dtuairimí agus na mbuarthaí a cuireadh in iúl. Cuireadh togra athbhreithnithe faoi bhráid TII lena cheadú agus ní bhfuair TII aon agóidí maidir leis an leagan athbhreithnithe. Cuirfear an togra ar aghaidh anois le haghaidh tuilleadh comhairliúchán poiblí. Cuireadh achoimre dhearaidh i gcrích don scéim agus táthar ag fanacht go bhfaomhfaidh TII í sula gcuirfear ar aghaidh chuig na sainchomhairleoirí í. Ceapadh na sainchomhairleoirí don scéim seo agus tabharfaidh siad ar aghaidh trí phleanáil Chéim 9 í.

**Tionscadail do Dhroichid Bóithre Náisiúnta**

Ag deireadh 2015, fuair Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh €2,138,390 ó TII/an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta d'oibreacha deisiúcháin agus athshlánaithe ar naoi ndroichead de chuid bóithre náisiúnta sa Chontae. Is iad seo Droichead Beaghy, Droichead Billis agus Droichead Achadh an Iúir ar an N3 agus Droichead an Dúin,

Droichead Dhoire Goine, Droichead Killycrin, Droichead Borim, Droichead an Chladaigh agus Droichead Dhroim Cónra ar an N87. Bronnadh an conradh ar *John Craddock Ltd.* Cuireadh tús leis an obair thógála go luath i mí na Bealtaine 2016. Tá an tionscadal seo críochnaithe go hiomlán. Eisíodh an deimhniú deiridh íocaíochta an 22 Samhain 2018.

**Scéimeanna Forleagtha Cosán do Bhóithre Náisiúnta**

Tá Scéim Forleagtha Cosán an N87 ó Lisnamine go Ráth Eachainn críochnaithe den chuid is mó agus sa tréimhse lochtanna faoi láthair. €0.395m an caiteachas reatha a bhaineann leis. Níl an N55 ó Eochaill go Tuaisceart Bhéal Átha na nEach go hiomlán críochnaithe go fóill agus €0.595m an caiteachas reatha a bhaineann leis.



Grianghraf a léiríonn oibreacha dromchla ar an N55 ó Eochaill go Tuaisceart Bhéal Átha na nEach – An Scéim Forleagtha Cosán

Tá Scéim Forleagtha Cosán an N3 ó Chorr na Sliabh go Tuaisceart Achadh an Iúir le dul ar aghaidh chuig an gcéim thógála in 2019.

Tá na Scéimeanna Forleagtha Cosán seo de chuid an N87 le dul ar aghaidh, mar aon tionscadal amháin, go dtí an chéim thógála in 2019:

- N87, Scéim Forleagtha Cosán ó Snugborough go Béal Átha Conaill
- N87, Scéim Forleagtha Cosán an Mhuilinn Iarainn
- N87, Scéim Forleagtha Cosán Gortullaghan
- N87, Scéim Forleagtha Cosán Killyneary
- Tá Scéim Forleagtha Cosán an Bhlaic Thiar le dul ar aghaidh go dtí an chéim dhearaidh in 2019. N16

**Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

**Clár Oibreacha Bóithre 2018**

Leithdháileadh deontas €10,732,275 ar Chomhairle Contae an Chabháin ag tús 2018 chun bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa Chontae a chothabháil agus a fheabhsú., lena n-áirítear Athshlánú Droichead agus Luasteorainneacha in Eastáit Tithíochta. Go ginearálta, is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha feabhsú draenála, neartú le hábhar gráinneach agus tarramhacadaim agus cóiriú dromchla. Soláthraíodh Clár Oibreacha Bóithre 2018 sna trí Cheantar Bhardasacha.




**Scéimeanna Sábháilteachta do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin €225,000 i Leithdháiltí Deontais DTTAS le haghaidh 8 Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal do 2018. Cuireadh iad seo go léir i gcrích.

**Tionscadail Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

**Athshlánú Droichead**

Fuair Comhairle Contae an Chabháin €323,500 i Leithdháiltí Deontais DTTAS d'athshlánú 12 Dhroichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2018, is iad sin: Gabhla, Leiter (Dún an Rí), Drumfomina, Leacht na gClochán, Tullantanty, Doirchín, Wilton, an Maide Bán, Currach Cloiche, an Carraigín, Cormeen agus Aghnaskeagh. Chuir an Chomhairle leithdháileadh €231,000 dá hacmhainní féin ar fáil do dhearadh agus athshlánú 12 dhroichead i gCorr na Sliabh, Droim Chinn Eo, Doire na Ceise, Stramaquerty, Lios Dhroim Sceach, Lúcás, Fearann na Coille, Tierlahood, Cloch Bhaile Bhig, Reabóg, Burnew agus an Damhshraith. I gcaitheamh na

bliana, tharla roinnt athruithe gan choinne i dtaca le ceithre cinn de na scéimeanna droichid a bhí maoinithe ag DTTAS agus mar thoradh air sin, bhí easpa maoinithe gan choinne ann agus níos aithníodh aon teagmhas. €114,400 an costas a bhí leis na hoibreacha breise seo. Chuir Comhairle Contae an Chabháin iarratas isteach go DTTAS don chaiteachas breise seo. I mí na Nollag 2018 leithdháil DTTAS an maoiniú breise ar Chomhairle Contae an Chabháin.





Droichead Burnew roimh an scéim agus ina diaidh




Droichead Drumfomina – Roimh an Scéim agus ina Diaidh

**R194: Achadh an Iúir – Baile Shéamais Dhuibh (uasghrádú ar Dhroichead na hAbhann Duibhe) – Droichead Dunancory:** Cuireadh foirm Réamh-Mheasúnaithe Tionscadail faoi bhráid DTTAS. Tá na doiciméid tairisceana d'fhostú sainchomhairleoirí chun an scéim a dhearadh curtha i gcrích ag Comhairle Contae an Chabháin. Chuir Comhairle Contae an Chabháin fógra amach do shainchomhairleoirí ar ríomhthairiscintí, cuireadh na tairiscintí seo ar ais agus táthar á meas

faoi láthair.

**SRLR: Bóthar Soir-Siar (ó Dhún Dealgan go Sligeach):**

Tá *Roughan & O'Donovan Consulting Engineers* ag ullmhú Plean Réamh-Mheasúnaithe Tionscadail a bheith le cur faoi bhráid DTTAS lena fhaomhadh.

**Mionfheabhsuithe Bacainne Sábháilteachta Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád 2018**

Chuir TII €373,000 ar fáil i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair chun an Bhacainn Sábháilteachta feadh na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád a dheisiú agus a athsholáthar. D'éirigh le tairiscint *Lagan Operation & Maintenance.* Tháinig siad ar an láithreán i mí Dheireadh Fómhair agus tá siad tar éis athsholáthar cuid de bhacainn a chur i gcrích ar an N3.

**R178: Achadh an Iúir – Coill an Chollaigh ag Enagh:**

Cuireadh Plean Measúnaithe Tionscadail i gcrích don scéim seo.

**Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail**

Leanann Rannóg Bóithre agus Iompair Chomhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht an phobail i bhfeabhsú Bóithre Áitiúla. In 2018, tugadh maoiniú do 5 Scéim Rannpháirtíochta Pobail ó Dheontas Athchóirithe Feabhsúcháin na Comhairle agus chuir na hiarratasóirí iad féin 20% de chostas na n-oibreacha ar fáil. Bhí na scéimeanna seo lonnaithe i gCaisleán Raithin, Baile Shéamais Dhuibh; Fraal, Baile Shéamais Dhuibh; Lisnasasna, Dún an Rí; Droim Beitheach/Corraclassy, Béal Átha Conaill agus Cill Chóige.

**Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil (Lánaí Príobháideacha)**

Fuair na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil maoiniú €295,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Aibreáin 2018 agus fuarthas maoiniú

breise de €341,680 an 2 Samhain 2018. D'fhág sé seo go raibh Comhairle Contae an Chabháin in ann 12 lána a chur i gcrích.

**Cothabháil Bóithre**

Is ríthábhachtach é cothabháil leanúnach an ghréasáin bóithre chun infheistíocht in oibrithe feabhsúcháin ó bhlianta eile a chothabháil. Léirítear sa tábla thíos luach na n-oibreacha cothabhála a rinneadh ar gach cineál bóthair i rith na bliana.

| Catagóir Bóthair | Km | Costais Chothabhála 2018 (€) |
|---|---|---|
| Príomhbhóthair Náisiúnta | 62 | 269,162 |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 61 | 170,726 |
| Bóithre Réigiúnacha | 399 | 564,420 |
| Bóithre Áitiúla | 2489 | 3,197,582 |
| **Iomlán** | **3011** | **4,201,890** |

**Cothabháil Bóithre Náisiúnta**

Le linn 2018, fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €439,888 chun gréasán príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre náisiúnta den dara grad sa Chabhán a chothabháil faoi na Cláir um Chothabháil Geimhrigh, Soilsiú Bóithre agus Gnáthchothabháil. Chuir TII maoiniú cothabhála sa bhreis ar fáil d'oibreacha cothabhála ar leith.

**Cothabháil Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla**

In 2018, chuir DTTAS leithdháileadh €2.65m ar fáil i bhfoirm Deontais Lánroghnaigh do chothabháil an ghréasáin bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla go sonrach. Chuir Comhairle Contae an Chabháin €1.74m breise

dá cuid acmhainní féin ar fáil chun na críche céanna. Bhí draenáil agus obair deisiúcháin dromchla mar chuid de na príomhoibríochtaí cothabhála.

**Cothabháil Gheimhridh**

Glacann Comhairle Contae an Chabháin le 530km ar leith den Ghréasán Bóithre mar chuid dá Seirbhís Cothabhála Geimhridh a chuimsíonn 18% den ghréasán iomlán. Cuirtear Plean Freagrachta don tSeirbhís Gheimhridh agus léarscáileanna de na bealaí saillte ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun go bhfeicfidh an pobal iad. Tugtar tús áite don Ghréasán Bóithre Náisiúnta toisc gur aige sin a bhíonn an líon is mó tráchta agus toisc go bhfreastalaíonn sé ar luasanna níos airde. Déantar cothabháil gheimhridh mar réamhchóireáil ag brath ar na coinníollacha réamhaisnéise.

**Soilsiú Poiblí**

Soláthraíonn agus cothaíonn Comhairle Contae an Chabháin Soilsiú Poiblí do 29 baile agus sráidbhaile ar an iomlán. I gcaitheamh na bliana, rinne an Chomhairle uasghrádú ar chodanna den bhonneagar soilsithe laistigh de gach ceann de na trí Cheantar Bhardasacha, lena n-áirítear teicneolaíocht dé-óide astaithe solais (LED) a úsáid a laghdaíonn na costais fuinnimh agus chothabhála mar aon leis na hastaíochtaí carbóin. Is é *STT Airtricity Utility Solutions Ltd.* Conraitheoir Cothabhála na Comhairle do shoilsiú poiblí agus soláthraíonn *Energia* an soláthar leictreachais neamh-mhéadraithe.

**Taisteal Níos Cliste**
**Bailte Taistil Ghníomhaigh 2014-2016**

Tá an scéim seo nach mór críochnaithe. Tá roinnt dromchlú fós le déanamh ar lánaí rothar agus cuirfear sin i gcrích nuair a bheidh aimsir chuí ann chuige.

**Féarbhealach Iarnróid an Chabháin-Liatroma**

I gcomhar le hUiscebhealaí Éireann, d'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú a fháil do phíosa Féarbhealaigh / Gormbhealaigh ó Bhaile Bhéal Átha Conaill go Bellaheady feadh Chanáil Áth na Coille. Tá na hoibreacha ar an mbóthar nach mór críochnaithe. Fuarthas tairiscintí do thógáil na n-oibreacha easbhóthair agus rinneadh iad a mheas. Tá na praghsanna tairisceana a fuarthas i bhfad níos airde ná an maoiniú atá ar fáil. Ní bheidh na hoibreacha déanta faoin gceathrú ráithe de 2018 mar a bhí beartaithe roimhe seo. Bhuail Uiscebhealaí Éireann agus Comhairle Contae an Chabháin leis an Roinn an 5 Nollaig 2018 agus d'éirigh leo maoiniú breise a fháil mar aon le síneadh ama ar dháta críochnaithe an tionscadail. Tá Uiscebhealaí Éireann le dul ar aghaidh le conraitheoir a cheapadh nuair a bheidh faomhadh foirmiúil faighte ó thaobh an mhaoinithe bhreise de. Fuarthas maoiniú freisin chun conair áineasa a fhorbairt ó Bhéal Tairbirt go dtí an Chorrchoill Loc 1. Tá an chonair seo thar tar 6km ar fhad agus tá sí á forbairt i gcomhair le hUiscebhealaí Éireann. Lorg Comhairle Contae an Chabháin tairiscintí le haghaidh Seirbhísí Comhairliúcháin chun an scéim a thabhairt ar aghaidh tríd an dearadh, an phleanáil agus an tógáil. Tá an scéim le cur i gcrích faoin gceathrú ráithe de 2019.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**

Seoladh Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin 2017-2020 i mí na Bealtaine, 2017. D'ullmhaigh Grúpa Oibre an Chabháin um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar grúpa ilghníomhaireachta, ildisciplíneach é a bunaíodh in 2015 chun cur chuige comhordaithe, comhoibritheach, comhsheasmhach a chinntiú maidir le sábháilteacht a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre.

Áirítear i nGrúpa Oibre an Chabháin um Shábháilteacht ar Bhóithre ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chabháin, an tSeirbhís Dóiteáin, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, TII, an Garda Síochána,

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Otharcharranna agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin.
Is iad cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta: -

- An gréasán bóithre sa Chabhán a dhéanamh sábháilte do gach úsáideoir bóithre.
- Prionsabail na Straitéise Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a chur i bhfeidhm, go háirithe béim ar na ceithre phríomhghné den tsábháilteacht ar bhóithre, is iad sin an tOideachas, an Innealtóireacht, an Forfheidhmiú agus an Mheastóireacht.
- Comh-mhothú freagrachta i leith na sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar an bpríomh-iompar a aithníodh sa Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre a chaithfear a athrú.
- Aghaidh a thabhairt ar aon iompar ar leith a bhaineann le Co. an Chabháin agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an iompar seo.
- Leanúint ar aghaidh le naisc agus comhoibriú trasteorann a neartú, go háirithe i réimsí an oideachais agus an fhorfheidhmithe.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú rialto ar an bplean agus tá súil leis go gcuirfidh Plean Gníomhaíochta an Chabháin um Shábháilteacht ar Bhóithre 2017-2020 go mór leis an tsábháilteacht ar bhóithre i gCo. an Chabháin a fheabhsú.




**Coistí um Beartais Straitéiseacha**

Ceann de phríomhchuspóirí Rialtais Áitiúil Níos Fearr ba ea an Daonlathas Áitiúil a fheabhsú agus mar thoradh air sin, bunaíodh Coistí um Beartais Straitéiseacha. Cuireann siad seo fóram nua ar fáil d'Ionadaithe Tofa na Comhairle agus d'Ionadaithe Eagraíochtaí Pobail agus Stáit oibriú le chéile chun polasaithe nua a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheanpholasaithe. Tá Ball den Chomhairle ina Chathaoirleach ar gach Coiste agus riarann Stiúrthóir Seirbhísí ar gach ceann acu.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Bóithre agus Iompar;

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Comhairleoir | Paddy | Reilly | Cathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Bóithre |
| An Comhairleoir | Paddy | McDonald | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir | Paddy | Smith | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir | Sean | Smith | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| An Comhairleoir | Philip | Brady | Ball de Chomhairle Contae an Chabháin |
| Jim | Maguire | Ionadaí Pobail | |
| Philip | Smith | Ionadaí Talmhaíochta | |
| Gary | Meehan | Ionadaí Gnó | |
| | Pauline | Brady | Ionadaí Gnó |

Reáchtáladh dhá chruinniú in 2018 agus rinneadh plé agus dul chun cinn ar na hábhair seo a leanas:

Clár Oibreacha Bóthair 2018, Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail, Seachbhóthar Achadh an Iúir, Bearradh Fáil, Cothabháil Gheimhridh, Clár Athshlánaithe Droichead 2018, Maoiniú TII.

**Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin**

D'fhostaigh Comhairle Contae an Chabháin 88 Comhraiceoir Dóiteáin ar áirithíocht i ndeich gcinn de stáisiúin dóiteáin ar fud an Chontae ag deireadh 2018. Le linn 2018, chuaigh ceathrar comhraiceoirí dóiteáin ar scor ón tSeirbhís Dóiteáin agus earcaíodh ochtar comhraiceoirí dóiteáin nua agus chuir siad an oiliúint tosaigh i gcrích. Ceapadh Noel O'Reilly ina Phríomhoifigeach Dóiteáin an 2 Deireadh Fómhair 2018.

**Táscairí Seirbhíse**

***F1: Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an Duine***

Costas na seirbhíse dóiteáin in aghaidh an duine € 57.43

***F2: Slógadh Seirbhíse***

| | Dóiteán | Gan Dóiteán |
|---|---|---|
| An meán-am a theastaíonn, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh | 05:57 | 05:46 |

***F3: Céatadán Freastail ar an Láthair de réir Ama***

| | Dóiteán | | Gan Dóiteán | |
|---|---|---|---|---|
| | % | Uimh. | % | Uimh. |
| Freastalaítear den chéad uair ar an láthair | 27.62 | 50 | 26.68 | 91 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| faoi cheann 10 nóiméad | | | | |
| Freastalaítear den chéad uair ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach faoi cheann 20 nóiméad | 58.01 | 105 | 42.23 | 144 |
| Freastalaítear den chéad uair ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 14.36 | 26 | 31.09 | 106 |

**Glaonna Amach na Seirbhíse Dóiteáin**

| **Cineál Glao / Líon Glaonna Amach** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dóiteáin Simléir i dTithe | 49 | 64 | 40 | 45 | 47 | 32 | 35 |
| Dóiteáin eile i bhFoirgnimh Tís | 37 | 36 | 40 | 60 | 33 | 41 | 44 |
| Dóiteáin eile | 24 | 37 | 35 | 28 | 47 | 45 | 47 |
| Dóiteáin Phortaigh/Foraoise | 16 | 38 | 12 | 17 | 17 | 39 | 18 |
| Dóiteáin Mhótarfheithicle | 18 | 23 | 25 | 28 | 19 | 20 | 21 |
| Timpistí Tráchta | 57 | 55 | 82 | 73 | 69 | 58 | 67 |
| Tuilte | 15 | 8 | 15 | 16 | 4 | 14 | 11 |
| Eachtraí Ceimiceacha | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Speisialta | 191 | 194 | 147 | 218 | 244 | 338 | 377 |
| Aláram Bréagach (le Dea-Rún) | 33 | 20 | 19 | 18 | 51 | 36 | 50 |
| Aláram Bréagach (le Rún Mioscaise) | 16 | 4 | 1 | 3 | 2 | 2 | 2 |
| **Líon Iomlán Glaonna** | **529** | **456** | **479** | **416** | **506** | **533** | **594** |

Thug an tSeirbhís Dóiteáin 768 freagra ar 681 eachtra in 2018, an líon freagraí is airde ó bhí 2008 ann.

D'fhág Stoirm Eleanor an 2 Eanáir go bhfacthas líon suntasach freagraí ó gach briogáid sa chontae mar fhreagairt ar chuid mhór crann tite, imbhualadh tráchta bóthair (RTC) agus dóiteán simléir. Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil €20,000 breise ar fáil don Chomhairle chun tacú le freagairt na seirbhíse dóiteáin.




*I mí na Bealtaine 2018, bhí comhraiceoirí ó Bhaile an Chabháin ar phríomhleathanach nuachtáin náisiúnta agus iad ag dul i ngleic le dóiteán veain ar an lá is teo den bhliain go dtí sin.*

### Clár Caipitil

Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Fearas nua Dóiteáin do Sheirbhís Dóiteáin Bhaile an Chabháin sa Chlár Caipitil in 2017. Cuireadh dearadh an fhearais nua seo i gcrích agus cuireadh tús leis an tógáil in 2018. Táthar ag súil lena sheachadadh sa dara ráithe de 2019. Chomh maith leis sin, rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin & Éigeandála maoiniú ar dhá fheithicil nua 4x4

chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha seirbhíse dóiteáin ar an líne tosaigh agus 24 culaith ghásobach chun comhraiceoirí dóiteáin a bhíonn ag dul i ngleic le heachtraí a bhaineann le hábhair ghuaiseacha a chosaint le linn 2018.

I ndiaidh an phróisis Tairisceana chun stáisiún dóiteáin nua a thógáil in Achadh an Iúir, ceapadh *Gowna Construction* ina bpríomhchonraitheoirí an 28 Lúnasa 2018. Tá oibreacha ar an láthair ag dul ar aghaidh de réir an sceidil chomhaontaithe agus beidh an dáta oibríochtúil atá pleanáilte ann sa tríú ráithe de 2019.

Aithníodh go dtógfaí stáisiún dóiteáin nua i mBaile Shéamais Dhuibh i gClár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin 2016 – 2020 agus é ar cheann de 16 thionscadal nua a dtabharfaí tús áite dóibh – léiríonn sceideal an chláir go mbeifí ag súil leis go bhfaigheadh tionscadal Bhaile Shéamais Dhuibh faomhadh le dul chun tairisceana le linn 2018 agus go dtógfadh an seachadadh idir bliain agus dhá bhliain go ginearálta i ndiaidh an phointe seo. D'ullmhaigh an Chomhairle na cáipéisí Tairisceana uile agus chuir siad isteach iad mar aon le plean costais nuashonraithe agus litir ag lorg faofa le dul ar aghaidh le tairiscint an tionscadail seo an 11 Deireadh Fómhair 2018. Tá sé seo ag teacht leis an achar ama a leagadh amach i gClár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin 2016 – 2020 agus ar fhaomh an tAire é an 1 Feabhra 2016.



*Grianghraf a tógadh agus an fód á iompú ag Stáisiún Dóiteáin nua Achadh an Iúir Dé Céadaoin an 24 Deireadh Fómhair agus ina bhfuil: (clé go deas) Bernice Smith, Comhairle Contae an Chabháin, an Comhairleoir Noel Connell, an Comhairleoir Shane P O'Reilly, Brendan Smith, Bainisteoir Limistéir; Des Maguire, Ceann an Airgeadais; an Comhairleoir Winston Bennett, Cathaoirleach, Stiúrthóir Bainistíochta Achadh an Iúir/Bhaile Shéamais Dhuibh, Paul Clarke, Innealtóir, Comhairle Contae an Chabháin; Noel O'Reilly, Príomhoifigeach Dóiteáin an Chabháin; John Clancy, Briogáid Dóiteáin Achadh an Iúir; Olga Brady, Comhairle Contae an Chabháin; Patrick McQuade, Gowna Construction; an Comhairleoir Paddy O'Reilly; Thomas Reilly, Innealtóir, Comhairle Contae an Chabháin.*

**Pleanáil Móréigeandála**

Eisíodh an chéad Phlean Móréigeandála de chuid Chomhairle Contae an Chabháin faoi Chreat Pleanála Éigeandála na bliana 2006 i Meán Fómhair 2008 agus rinneadh athbhreithniú ar an bPlean is déanaí agus eisíodh é ag tús 2016. Rinneadh athbhreithniú ar na haguisíní don phlean le linn 2018 chun athruithe foirne a chur in iúl.

Is é an Teach Cúirte sa Chabhán an tIonad Comhordaithe Áitiúil i gcás Móréigeandála sa Chontae agus úsáidtear é do chruinnithe grúpa réigiúnach oibre

agus grúpa stiúrtha le linn na bliana. Cuireadh oiliúint réigiúnach ar fáil do ról an Chomhordaitheora ar an Láthair agus ról an Oifigigh Bainistithe Faisnéise le linn 2018 agus d'fhreastail baill foirne ó Chomhairle Contae an Chabháin ar gach ceann acu.

Cuireadh Aonad Réigiúnach Ollbhásanna agus trealamh coimhdeach ar fáil a bhuí le cúnamh deontais ón Roinn.

**Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn**

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála Tuarascáil an Tascfhórsa Sábháilteachta Dóiteáin an 28 Bealtaine 2018. Aithníonn an tuarascáil seo na socruithe reatha atá ann do shábháilteacht dóiteáin in Éirinn agus cuirtear síos inti ar a ndearnadh i ndiaidh an dóiteáin thubaistigh i dTúr Grenville i Londain. Cé go bhféachtar go príomha sa tuarascáil ar dhearadh agus ar bhainistíocht foirgneamh maidir le sábháilteacht dóiteáin, cuirtear síos inti freisin ar shocruithe idirghabhála sheirbhísí dóiteáin na n-údarás áitiúil sa chás go mbeadh dóiteán ann. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na moltaí atá sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.

**Oiliúint**



*Tús neamhghnách le Lá 3 de chúrsa earcaíochta – Faigheann earcaigh réidh le sneachta ón gclós druile agus Stoirm Emma ar an mbealach (An Torathar Anoir).*

In 2018, cuireadh cúrsaí tiomnaithe oiliúna ar fáil maidir le réimse leathan gníomhaíochtaí féideartha a d'fhéadfadh le pearsanra na seirbhíse dóiteáin teacht orthu agus iad fostaithe, ina measc: Cúrsa Ionduchtaithe Earcaíochta 3 seachtaine, Athnuachan Gaireas Análaithe agus Caiteoirí Tosaigh, Cothabháil Gaireas Análaithe, Iompar Dóiteáin Rannán, Ardoiliúint sa Tiomáint mar ullmhúchán do mheasúnú le Scrúdaitheoirí ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar mhaithe le Caighdeáin Tiomána na Seirbhísí Éigeandála a chomhlíonadh, Eachtraí a bhaineann le hÁbhair Ghuaiseacha, Athnuachan Oibreora Sáibh Shlabhraigh, Freagróir Dóiteáin Éigeandála, Sláinte & Sábháilteacht, Cúrsaí Bainistíochta de chuid na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin & Éigeandála d'Oifigigh Shóisearacha agus Shinsearacha araon.




*Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin, Cúrsa do Chaiteoirí Tosaigh Gaireas Análaithe, Ionad Oiliúna Dhún Dealgan, 21 Bealtaine – 1 Meitheamh 2018. Ar chúl: Luke Bailey (Léim an Bhradáin), Connall O'Reilly (Coill an Chollaigh), Leonard Tierney (Baile Shéamais Dhuibh), Renars Martinsons (Cill na Seanrátha), Gary Crosby (Dún an Rí), Dayle Irwin (Dún an Rí), John Connolly (Cill na Seanrátha). Chun tosaigh: Fergus McGovern (an Damhshraith), John Flynn (Oifigeach Sinsearach, Béal Tairbirt), Martin Kelly (Oifigeach Sinsearach, Dún an Rí), Robert Dunne (Cúntóir Sinsearach Príomhoifigigh Dóiteáin, an Cabhán), Mark McElearney (Oifigeach Sinsearach, Droichead Átha), Patrick Farrelly (Oifigeach Sinsearach, Achadh an Iúir), Andrew Murray (an Cabhán).*

**Cosc Dóiteáin**

Déantar iniúchadh art hithe tábhairne, óstáin, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitril gach bliain mar fhreagairt ar riachtanais reachtacha agus ar phróiseáil iarratas ar cheadúnais licéar, ceadúnais damhsa, ceadúnais clubanna, ceadúnais substaintí contúirteacha agus ceadúnais cearrbhachais agus crannchuir.

Cuirtear clár leanúnach sábháilteachta dóiteáin ar bun gach bliain ar fud an Chontae. Déanann an tseirbhís dóiteáin iarracht cuairt a thabhairt ar rang a trí i ngach bunscoil sa Chontae gach bliain chun clár na mbunscoileanna a sheachadadh. Tugadh cuairt ar nach mór ochtó scoil agus tugadh pacáiste sábháilteachta do gach dalta i ngach

rang. Tionscnamh eile is ea an clár aláraim deataigh a dhíríonn go sonrach ar dhaoine leochaileacha inár bpobal a aithint. Eisíodh aláraim deataigh saor in aisce do bheagnach dhá chéad duine leochaileach. Thug na comhraiceoirí dóiteáin áitiúla ó gach stáisiún roinnt cainteanna sábháilteachta dóiteáin do ghrúpaí ar fud an Chontae. Faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, teastaíonn Teastais Sábháilteachta Dóiteáin roimh thógáil, leathnú nó athrú ábhair an chuid is mó d'fhoirgnimh seachas tithe cónaithe agus foirgnimh talmhaíochta. Fuarthas 49 Iarratas ar Theastas Sábháilteachta Dóiteáin in 2017 agus táillí de €44,776.86 san iomlán.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Tá an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin inniúlachta agus sábháilteachta na gconraitheoirí agus na soláthraithe seirbhíse a bhíonn ag plé leis an tSeirbhís Dóiteáin ag dul ar aghaidh go fóill. Tá Scéim Sláinte Cheirde ag an gComhairle Contae agus déantar scrúdú míochaine ar na Comhraiceoirí Dóiteáin faoi Chomhaontú Náisiúnta na gComhraiceoirí Dóiteáin.

Déantar gach feithicil a sheiceáil agus a thástáil go neamhspleách le cinntiú go bhfuil siad ródacmhainneach.

**Dámhachtainí Fadseirbheála**

Déardaoin an 15 Samhain 2018, bhronn an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy TD, boinn fadseirbheála ar sheisear ball de Sheirbhís Dóiteáin an Chabháin mar aitheantas ar an tríocha bliain a chaith siad sa tseirbhís dóiteáin.




*Sa ghrianghraf tá an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Eoghan Murphy TD in éineacht le John Ryan (Briogáid Choill an Chollaigh), Príomhoifigeach Dóiteáin Chontae an Chabháin, Noel O'Reilly; Patrick McGovern (Briogáid na Damhshraithe), Jim Gibson (Briogáid Choill an Chollaigh), an Comhairleoir Madeleine Argue, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chabháin; John Clancy (Briogáid Achadh an Iúir), agus Des Maguire, Ceann an Airgeadais, na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus na Seirbhíse Éigeandála, Comhairle Contae an Chabháin. In easnamh ón ngrianghraf tá Patrick Duignan agus David Rogers (Briogáid Bhaile Átha Chonaill). Chaith an seisear comhraiceoirí dóiteáin tríocha bliain sa tseirbhís dóiteáin. GRIANGHRAF: MAXWELLPHOTOGRAPHY.IE*

**Pearsanra na Seirbhíse Dóiteáin a Chuaigh ar Scor**

Chuaigh Adrian Daly, Comhraiceoir Dóiteáin le Briogáid Dóiteáin Bhaile Shéamais Dhuibh ar scor tar éis 27 bliain seirbhíse agus tiomantais don tSeirbhís Dóiteáin. Chuaigh Peter Brady, Tiománaí/Meicneoir le Briogáid Dóiteáin Chill na Seanrátha, ar scor tar éis 25 bliain seirbhíse agus tiomantais don tSeirbhís Dóiteáin. Chuaigh Patrick O'Reilly (suaimhneas síoraí dá anam), Oifigeach Stáisiúin le Briogáid Dóiteáin an Chabháin, ar scor tar éis 19 mbliain seirbhíse agus tiomantais don tSeirbhís Dóiteáin. Chuaigh Gerard M. McMulen, Tiománaí/Meicneoir le Briogáid Dóiteáin Mhuinchille, ar scor tar éis 24 bliain seirbhíse agus tiomantais don tSeirbhís Dóiteáin.

Gabhaimid buíochas le Adrian, Peter, Patrick agus Gerard as gach a ndearna siad do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin.

**Caillteanas Tragóideach le linn 2018**

Bhásaigh Patrick O'Reilly (55), Meicneoir de chuid na Seirbhíse Dóiteáin agus Oifigeach Stáisiúin le hAonad Bhaile an Chabháin nach raibh ar scor le fada, go tobann Dé Sathairn an 22 Meán Fómhair 2018. Bhásaigh Dónal Kelly (34), Comhraiceoir Dóiteáin le hAonad Chill na Seanrátha, go tobann Dé Sathairn an 29 Nollaig 2018. Suaimhneas síoraí dá n-anam.

**Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin**

Bhí 140 dualgas ar Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin le linn 2018 lena n-áirítear na gnáthimeachtaí pobail agus spóirt, cabhrú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le linn drochaimsire agus cabhrú le cuardach daoine a bhí ar iarraidh. Chabhraíomar le Cuairt an Phápa le linn na bliana freisin.

In Eanáir/Feabhra, bhí baint ar ár gCriú Dróin le cabhrú le cuardach duine ar iarraidh in aice le Baile Átha Luain agus chuireamar iompar ar fáil d'Altraí Dúiche agus do bhéilí ar rothaí in Iarthar an Chabháin. I mí an Mhárta, bhí Stoirm Emma agus sneachta trom ann go háirithe in Oirthear an Chontae agus d'oibrigh os cionn 18 saorálaí laethanta 14 uair an chloig chun iompar a chur ar fáil do bhaill foirne ospidéil agus d'othair agus chuir siad iompar ar fáil d'Altraí agus Cúramóirí Dúiche.

D'úsáid Cosaint Shibhialta an Chabháin cúig jíp faoi thiomáint ceithre roth agus otharcharr amháin faoi thiomáint ceithre roth chun Baill Foirne a thabhairt chuig agus ón obair agus chun othair ar scaoileadh amach iad abhaile d'fhonn leapacha ospidéil a shaoradh. Thugamar othair scagdhealaithe a bhí chomh fada leis an Uaimh go dtí an Cabhán le haghaidh cóireála.



*Otharcharr Chosaint Shibhialta an Chabháin faoi thiomáint ceithre roth san Uaimh agus é ag iompar othar scagdhealaithe*

Fuaireamar Jíp nua *Ford Ranger* faoi thiomáint ceithre roth, le cúnamh deontais ón mBord Cosanta Sibhialta, fuaireamar bád inséidte atá dírithe go sonrach ar dhaoine a iompar agus tuilte ann.



*Jípeanna Cosanta Sibhialta lasmuigh d'Ospidéal Ginearálta an Chabháin le linn Stoirm Emma*

Le linn mhí an Mhárta, d'fhreastalaíomar freisin ar Pharáidí éagsúla ar fud an chontae do Lá Fhéile Pádraig agus chabhraíomar le Cosaint Shibhialta an Longfoirt clúdach a

chur ar fáil do chluiche sacair i mBaile an Longfoirt. I mí Aibreáin, bhí ár bhFoireann Dróin i mbun oibre arís chun cabhrú le cuardach i dTiobraid Árann agus reáchtálamar ár gCleachtadh Oiliúna Contae i bPáirc Foraoise Choillidh Chaoin agus aimsir bhreá ann. Tháinig slua maith chuige seo agus bhí deis ag saorálaithe triail a bhaint as na scileanna éagsúla ar fad a bhfaighimid oiliúint dóibh.



*Tarrtháil Uisce le málaí caithimh á léiriú le linn ár gCleachtaidh Contae*

Le linn Chraobh Uladh an CLG, ní raibh fáil ar Pháirc Bhréifne toisc go raibh oibreacha ar bun ar na tailte agus chlúdaíomar cluichí i bPáirc Brewster in Inis Ceithleann, rud a raibh orainn cead speisialta a fháil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha dó.

Bhíomar an-ghnóthach i rith an tsamhraidh, go háirithe i mí Lúnasa agus *Taste of Cavan,* an ócáid Mhíleata agus Stairiúil i dTeach Cúirte an Chabháin agus Fleadh Cheoil na hÉireann i nDroichead Átha ann mar aon le Cúirt an Phápa ar Bhaile Átha Cliath ar ndóigh, áit ar chabhraigh 33 dár saorálaithe le Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath.



*Ceann de na Stáisiúin Gharchabhrach a raibh Cosaint Shibhialta an Chabháin i gceannas air le linn Chuairt an Phápa*

Ceann de bhuaicphointí na bliana ba ea páirt a ghlacadh i Seachtain Eolaíochta an Chabháin/Mhuineacháin i mí na Samhna ina ndeachamar ag plé le daoine óga i dtrí imeacht chun bunscileanna tarrthála a mhúineadh dóibh i Leabharlann an Chabháin agus in Achadh an Iúir.



*Hannah Martin i mbun plé le daoine óga i rith Sheachtain na hEolaíochta i Leabharlann an Chabháin*

Lean ár ngnáthranganna ar aghaidh ó Deireadh Fómhair go Bealtaine agus 13 rang ann gach seachtain in 11 ionad ar fud an Chontae mar aon le rang Tarrthála Airde inár gCeanncheathrú in Rathcorrick agus Oiliúint Bádóireachta gach dara Domhnach den

bhliain.

Chríochnaigh cúigear saorálaithe Leibhéal a hAon dá gcuid Oiliúna Tarrthála Téide i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh. Ghlac 12 ball den Fhoireann Báid páirt i gcleachtadh nascleanúna ar an tSionainn ó Loch Derg go Baile Átha Luain i mí Iúil agus chuireamar tús le hoiliúint a chur ar shaorálaithe Iarthar an Chabháin mar fhreagróirí uisce ionas go mbeidh siad in ann cabhrú leis an gCriú Báid le linn cuardach.
Cháiligh David Farrelly mar Phíolótach Dróin an 24 Samhain, rud a chiallaíonn go bhfuil triúr píolóta láncháilithe anois againn.

Le linn na bliana, chuir Cosaint Shibhialta an Chabháin oiliúint ar 96 saorálaí sa láimhsiú sábháilte agus chuir siad cúrsaí garchabhrach agus tarrthála ar fáil do Bhaill Foirne na Comhairle Contae sa Teach Cúirte agus in Iarsmalann an Chontae agus chuir siad cúrsaí tarrthála ar fáil do na hiar-bhunscoileanna áitiúla, do Mheánscoil Lughaidh i Muineacháin agus don phobal sa Chabhán agus i gCill na Seanrátha.
Le linn Chomhdháil Bhliantúil na nOifigeach Cosanta Sibhialta a tionóladh i dTrá Lí i mí na Samhna, rinne Cumann na nOifigeach Cosanta Sibhialta cur i láthair don Oifigeach Cosanta Sibhialta Noel Burke atá ar scor agus rinne sé óráid an-spreagúil. Tháinig ár nAoi-Chainteoir, Mícheál Ó Muircheartaigh, chun cainte leis ina dhiaidh agus rinne sé comhghairdeas le Noel as an óráid a thug sé agus as a sheirbhís leis an gCosaint Shibhialta go náisiúnta.



*Noel Burke agus a bhean chéile Bridie in éineacht le Mícheál Ó Muircheartaigh ag Comhdháil Bhliantúil Cumann na nOifigeach Cosanta Sibhialta i dTrá Lí*



Noel Burke agus é ag dul ar scor leis na Saorálaithe Cosanta Sibhialta

## TÓGÁIL TITHÍOCHTA

Tá an Rannóg Tógála Tithíochta freagrach go príomha as stoc tithíochta 2023 teach na Comhairle a chothabháil, scéimeanna nua tithíochta sóisialta a thógáil agus tithe atá ann cheana a fháil lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta faoi úinéireacht na Comhairle.
Chomh maith leis sin, tá an Rannóg Tógála Tithíochta freagrach as deisiúcháin réamhligin, oibreacha iarfheistithe fuinnimh agus móroibreacha athchóirithe art hithe folmha.

Is ó acmhainní na Comhairle féin a thagann maoiniú chun tithe atá ann cheana a chothabháil agus cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil don chlár caipitil do thógáil agus d'éadáil tithe nua.

In 2018, fuarthas an Maoiniú Caipitil seo a leanas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | An Clár Tógála Tithíochta | € | 2,700,000 |
| (ii) | An Clár Éadála Tithíochta | € | 3,900,000 |
| (iii) | An Clár Folús | € | 270,779 |
| (iv) | Comhlachtaí Deonacha Tithíochta – Maoiniú na Scéime Cúnaimh Caipitil (CAS) & CAS & an Áis Léasaithe Réamhchaipitil (CALF) | € | 381,440 |
| (v) | An Clár Iarfheistithe Fuinnimh | € | 22,000 |
| (vi) | Deontas Tithíochta Sóisialta do Dhaoine faoi Mhíchumas | € | 363,000 |
| | **Iomlán** | **€** | **7,637,219** |

## CLÁR TÓGÁLA TITHÍOCHTA SÓISIALTA:

In 2018, cuireadh 14 aonad nua tithíochta sóisialta i gcrích; ceithre cinn i nDroichead an Bhuitléaraigh agus ocht gcinn i mBéal Átha hÉis.



***Scéim Nua Tithíochta i nDroichead an Bhuitléaraigh a cuireadh i gcrích in 2018.***

In 2018, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thógáil ocht dtithe eile in Achadh na Madadh sa Mhullach agus cuirfear iad seo i gcrích sa chéad ráithe de 2019.

Ina theannta sin, chuaigh 25 teach uimhreach ar aghaidh go CÉIM 2 den Phleanáil agus Dearadh in 2018; 19 dteach uimhreach sa Mhullach, 4 theach uimhreach i mBéal Átha na nEach agus 2 theach uimhreach i nDroichead an Bhuitléaraigh.



**Scéim Nua Tithíochta i mBéal Átha hÉis a cuireadh i gcrích in 2018**

**AN CLÁR ÉADÁLA TITHÍOCHTA SÓISIALTA:**

Chuir an Chomhairle éadáil 31 tithe uimhreach i gcrích in 2018.

**CLÁR OIBREACHA D'AONAID FHOLMHA TITHÍOCHTA:**
Fuarthas maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun oibreacha feabhsúcháin a chur i gcrích ar 17 dteach fholmha.

## Scéim na hÁise Léasaithe Réamhchaipitil (CALF):

Chuir an Comhlacht Formheasta Tithíochta, *Tuath Housing,* i gcrích in 2018:

- 11 aonad nua tithíochta sóisialta uimhreach i Mainéar Dhroim an Lao, an Cabhán agus
- 10 aonad nua tithíochta sóisialta uimhreach i gCúirt Dhroim Chartach, Béal Tairbirt.

Ina theannta sin, d'éadáil Comhlachtaí Formheasta Tithíochta an dá aonad uimhreach seo a leanas:

- 24 Céide Creighan, Béal Átha na nEach, Co. an Chabháin – *Tuath Housing*
- 51 Cúirt na Mailpe, Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin – *Respond Housing*

## Tithíocht

Is é polasaí na Roinne Tithíochta a chinntiú gur féidir le gach teaghlach áitreabh inacmhainne ar chaighdeán maith a fháil, a oireann dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith, ar phraghas nó ar chíos is féidir leis a íoc.

- Soláthraíonn sé tithíocht dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu
- Bainistíonn agus cothaíonn sé tithíocht a chuireann an Chomhairle ar fáil agus spreagann sé rannpháirtíocht tionóntaí
- Cabhraíonn sé le daoine a dtithíocht féin a fháil ach iasachtaí a sholáthar
- Soláthraíonn sé tithíocht do Thaistealaithe
- Próiseálann sé iarratais ar Dheontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus dóibh siúd atá faoi Mhíchumas
- Bainistíonn sé Tithíocht a sholáthraíonn Comhlachtaí Formheasta Tithíochta (AHB) agus an Chomhairle ach léasú gearrthéarmach nó fadtéarmach a chur ar fáil

- Riarann sé an Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) agus an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP).

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na dTithe a Ligeadh ar Cíos | 162 | 93 | 117 | 89 |
| Líon na Síntí a Cuireadh i gCrích | 1 | 2 | 8 | 4 |
| Lon na Síntí a Cuireadh i gCrích faoin Scéim Feabhsúcháin | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Líon na nDíolachán a Cuireadh i gCrích | 0 | 3 | 8 | 4 |
| Líon na nIarratas ar Áitribh a Cheannach faoin Scéim Ceannaithe Tionóntaí | 0 | 54 | 13 | 16 |

**Coistí Polasaí Straitéisigh**

Liostáiltear baill an Choiste Polasaí Straitéisigh ar leathanaigh 19 agus 20. Tionóladh dhá chruinniú.

**Coiste Comhairleach um Chóiríocht Áitiúil do Thaistealaithe**

Faoi Ailt 21 agus 22 d'Acht 1998, bhunaigh Comhairle Contae an Chabháin an Coiste Comhairleach um Chóiríocht Áitiúil do Thaistealaithe chun comhairliúchán idir na hÚdaráis Tithíochta agus Taistealaithe a éascú agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le gach gné de chóiríocht do Thaistealaithe. Le linn na gcruinnithe a tionóladh in 2018, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Cur i láthair ar HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)
- Clár Cóiríochta Taistealaithe 2019 – 2024

**Ballraíocht an choiste:**

**Baill tofa:** An Comhairleoir Daniel Downey, an Comhairleoir Damien Brady, an

Comhairleoir John Paul Feeley agus an Comhairleoir Paddy Smith.

**Ionadaithe Taistealaithe:** Teresa Mongan, Thomas Maughan, Winnie McDonagh.

**Oifigigh de chuid na Comhairle:** Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhíse; John Wilson, Innealtóir Sinsearach; Michael Mussi, Oifigeach Riaracháin; Siobhán Donnelly, Oibrí Sóisialta agus Emer Coveny, Pobal agus Fiontraíocht.

**Clár Cóiríochta Taistealaithe 2014 – 2018**

Ag deireadh 2018, rinneadh freastal ar riachtanais shóisialta 100 teaghlach sa Phobal Taistealaithe.

**Deontais Tithíochta**

- **Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas:** cabhraíonn sé seo le cóiríocht a sholáthar/a oiriúnú chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.
- **Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta:** cabhraíonn sé seo le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna soghluaisteachta a bhaineann go príomha le dul in aois.
- **Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:** cuireann sé seo tacaíocht spriocdhírithe ar fáil chun na coinníollacha i dtithíocht reatha daoine scothaosta a fheabhsú.

Leithdháileadh **€1,457,964 (Fuarthas faomhadh ón Roinn maidir le róchaiteachas)**

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas | 56 | €1,044,681 |
| Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 37 | €301,987 |
| Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta | 55 | €241,788 |
| Iomlán | 148 | €1,588,456 |

Soláthraíodh leithdháileadh iomlán de €1,588,465 do dheontais tithíochta in 2018 ar ar íocadh 148 deontas.

**Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)**

Cineál nua tithíochta sóisialta is ea HAP a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla. Fágann tabhairt isteach HAP gur féidir le húdaráis áitiúla cúnamh tithíochta a chur ar fáil anois do theaghlaigh a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta, cónaí a bheith orthu i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach. Faoi HAP, déanann údaráis áitiúla íocaíochtaí, faoi réir teorainneacha cíosa agus coinníollacha áirithe, thar ceann an fhaighteora HAP leis an tiarna talún go díreach i leith cíosa. Ansin íocann an faighteoir HAP ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil. Cíos difreálach atá sa ranníocaíocht cíosa – is é sin le rá gur cíos atá ann a leagann an t-údarás áitiúil amach bunaithe ar ioncam agus ar an gcumas íoc.
Tugadh HAP isteach sna hÚdaráis Áitiúla uile ar bhonn céimnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 1 Márta 2017. Cuireadh tús le HAP sa Chabhán an 1 Nollaig 2016. Féach thíos sonraí maidir le líon na dtionóntachtaí a bunaíodh:

| **2018** | |
|---|---|
| Líon Iomlán na dTionóntachtaí HAP a bunaíodh ó cuireadh tús le HAP sa Chabhán | 321 |
| Líon na dTionóntachtaí gníomhacha an 31 Nollaig 2018 | 275 |
| Líon na dTionóntachtaí a bunaíodh in 2018 | 178 |

**Tionóntachtaí HAP a bunaíodh in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh**

| | |
|---|---|
| Coill an Chollaigh-Muinchille | 48 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 25 |
| An Cabhán-Béal Tairbirt | 99 |
| Idirúdarás | 6 |
| **Iomlán** | **178** |

Rinneadh iniúchadh ar 88 réadmhaoin HAP le linn 2018 (39 iniúchadh den chéad uair agus 49 iniúchadh in athuair)

### Léasú agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS)

Tá 78 comhaontú gníomhach léasaithe i bhfeidhm le tiarnaí talún príobháideacha agus Comhlachtaí Formheasta Tithíochta (AHB) do 2018. Tá 475 tionóntacht RAS sa Chontae.

### Bainistíocht Eastát Tithíochta

Oibríonn an Roinn Tithíochta i gcomhar lena tionóntaí a bhuí lena hOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta (HLO). Spreagtar cónaitheoirí in eastáit de chuid an údaráis áitiúil le páirt ghníomhach a ghlacadh i saol an phobail, trí oibriú le comharsana chun aire a thabhairt do spásanna poiblí agus páirt a ghlacadh i gcumann na gcónaitheoirí.

Tá 71 grúpa eastáit anois ann agus iad gníomhach agus ag fáil maoiniú feabhsaithe eastáit ón Roinn Tithíochta, i gceantair tithíochta sóisialta ar fud Chontae an Chabháin. Oibríonn siad i gcomhar leis an gComhairle chun aire a thabhairt do spásanna poiblí agus iad a chothabháil agus oibríonn siad mar shaorálaithe chun cur leis an gcuma atá ar a gceantar féin.

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta tacaíocht deontais do na grúpaí cónaitheoirí seo uile agus tugann sí cuireadh dóibh cur isteach ar Chomórtas bliantúil Dámhachtainí

Eastáit.
Reáchtáladh Oíche Dámhachtainí Eastáit do ghrúpaí cónaitheoirí Dé Luain an 6 Feabhra 2019 sa Seomra Comhairle sa Chabhán. Rinne an Cathaoirleach, an Comhairleoir Madeleine Argue, cur i láthair do bhuaiteoirí na nduaiseanna, faoi chatagóirí éagsúla.

Ba iad na catagóirí duaise: an tEastát is Fearr, an Teach agus an Gairdín Aonair is Fearr, an Grúpa Óige is Fearr, Gradam don Uaschúrsáil is Fearr agus an Ghné Speisialta is Fearr. Bronnadh Gradaim Saor ó Bhruscar ar roinnt eastát freisin.

## Buaiteoirí Dámhachtainí Eastáit Chomhairle Contae an Chabháin 2018



**Sciath Shíoraí Shane Donnelly** – Radharc an Locha, Faiche an Aonaigh, Baile an Chabháin

**Ceantar Bardasach an Chabháin agus Bhéal Tairbirt**

**An tEastát is Fearr – Catagóir A**
An Chéad Duais – Radharc an Locha, Faiche an Aonaigh, Baile an Chabháin
An Dara Duais – Kilnavara Heights, Baile an Chabháin

**An tEastát is Fearr – Catagóir B**
An Chéad Duais – Cloneary, Teampall an Phoirt
An Dara Duais – Na Cloigthithe, Baile an Chabháin

**An tEastát is mó Feabhais** - The Drumlins, Baile an Chabháin
**Gné Speisialta an Eastáit is Fearr** – Radharc an Locha, Faiche an Aonaigh, Baile an Chabháin – 'Gairdín Pobail'

An Teach agus an Gairdín Aonair is Fearr
Ashvale House, Un Vets – Post 15, Ardán Phádraig, Baile an Chabháin.

**Ceantar Bardasach Choill an Chollaigh & Mhuinchille**

**An tEastát is Fearr – Catagóir A**
An Chéad Duais – Twin Oaks, Coill an Chollaigh
An Dara Duais – Lisanisky, Dún an Rí

**An tEastát is Fearr – Catagóir B**
An Chéad Duais – Páirc Uí Ghríofa, Muinchille
An Dara Duais – an Bóthar Nua, Muinchille

**An tEastát is mó Feabhais**
Cnocán Iósaif, Dún an Rí

**Gné Speisialta an Eastáit is Fearr**

Lisanisky, Dún an Rí – 'Tobar na nGuíonna'

**An Teach agus an Gairdín Aonair is Fearr**

Mary Carolan, Twin Oaks, Coill an Chollaigh

**<u>Ceantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh</u>**

**An tEastát is Fearr – Catagóir A**

An Chéad Duais – Cois Truas, Béal Átha na nEach

An Dara Duais – an Chill Mhór, Baile Shéamais Dhuibh

**An tEastát is Fearr – Catagóir B**

An Chéad Duais – Faiche an Aonaigh, Cill na Leice

An Dara Duais – Marian Row, Béal Átha na nEach

**An tEastát is mó Feabhais**

Buaiteoir – Páirc na Foraoise, Achadh an Iúir

**Gné Speisialta an Eastáit is Fearr**

Faiche an Aonaigh, Cill na Leice – 'Plandóirí Boinn Luibheanna'

**An Teach agus an Gairdín Aonair is Fearr**

Paula Tranmer, Ráth Droma, Achadh an Iúir

**<u>Dámhachtainí Speisialta</u>**

**Stádas Saor ó Bhruscar –** Na Cloigthithe (Baile an Chabháin), Kilnavara Heights (Baile an Chabháin), Kilnavara Crescent (Baile an Chabháin), Bóthar an Ghoirt Aird (Baile an Chabháin), Páirc Uí Ghríofa (Muinchille).

**Gradam don Uaschúrsáil is Fearr**

Cloneary, Teampall an Phoirt– 'Seanfhear na Foraoise'

**An Grúpa Óige is Fearr**

Céide an tSeangharraí, Béal Átha na nEach

**Éacht Saoil**

Josephine McDermot, Béal Átha na nEach

**Forbairt Pleanála/Eacnamaíochta, Seirbhísí Uisce, Dramhaíl agus an Timpeallacht**

## Pleanáil

**Réamhrá**

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 arna leasú agus na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 arna leasú a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn obair na Rannóige Pleanála na réimsí seo a leanas:

- Pleanáil Chun Cinn
- Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla eile
- Láithreáin Tréigthe & Struchtúir Chontúirteacha
- Eastáit Tithíochta a thabhairt faoina Cúram
- Eastáit Neamhchríochnaithe
- Faireachas ar an Margadh
- Ranníocaíochtaí agus Bannaí Forbartha
- Rialú Foirgníochta
- Comhlíonadh/Forfheidhmiú Forbartha

- Oidhreacht
- An Coiste Polasaí Straitéisigh (SPC) um Pleanáil agus Timpeallacht
- Táscairí Feidhmíochta

**Pleanáil Chun Cinn:**

Tháinig Plean Forbartha Chontae an Chabháin 2014-2020 agus Plean Forbartha Bhaile an Chabháin & an Cheantair Máguaird 2014-2020 i bhfeidhm i Meitheamh 2014. Bhí obair ar bun in 2018 chun ullmhú do thús athbhreithniú na bpleananna seo. Tugadh faoi obair leanúnach fhorfheidhmithe agus mhonatóireachta ar chuspóirí Phlean Forbartha Chontae an Chabháin agus Phlean Forbartha Chontae an Chabháin agus an Cheantair Máguaird. Mar chuid de seo, comhordaíodh faisnéis maidir le líon agus treochtaí na tithíochta tuaithe agus na tithíochta uirbí sa Chontae. Chomhoibrigh an fhoireann pleanála chun cinn leis an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta freisin agus an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile á cur i bhfeidhm aici agus cuireadh Pleananna Athbheochana i gcrích do 20 baile agus sráidbhaile sa Chontae.

Le linn 2018, chríochnaigh an fhoireann pleanála chun cinn oibreacha ar na ceanglais mar a leagadh amach iad san Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015, a bhfuil sé i gceist go spreagfadh sé forbairt nó úsáid talún agus réadmhaoine atá folamh. Glacadh le hAthrú ar Phlean Forbartha Chontae an Chabháin 2014-2020 agus ar Phlean Forbartha Bhaile an Chabháin agus an Cheantair Máguaird in 2018.

**Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta**

Cuireadh obair ar cheithre Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta sa Chontae i gcrích in 2018. Is ar Shráid Fhearnáin i mBaile an Chabháin; an Phríomhshráid, Dún an Rí, Sráid an Mhargaidh Íochtarach, Muinchille, agus an Phríomhshráid, Achadh an Iúir, atá siad seo. Tabharfar na hoibreacha seo isteach i bPlean Forbartha nua an Chontae.

Fostaíodh sainchomhairleoirí in 2018 chun oibreacha a dhéanamh do na tionscadail seo a leanas:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar Oidhreacht Ailtireachta sa Chontae – mar chuid de seo, scrúdófar Liosta reatha na Struchtúr Cosanta agus Fardal Náisiúnta reatha na hOidhreachta Ailtireachta agus cuirfear liosta nua struchtúr cosanta le chéile don phlean forbartha nua.

2. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhailte agus sráidbhailte uile an chontae agus limistéir a bheadh ina Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta oiriúnacha a mholadh.

3. Ceithre Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta nua a chur ar fáil don Phríomhshráid sa Mhullach; Baile an Chnoic Rua; Droim Chartach Bhéal Tairbirt agus Sráid an Droichid, Baile an Chabháin.

**Iarratais ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) d'Fhearann na Mainistreach**

D'éirigh le hiarratas in 2018 ar Mhaoiniú Athghiniúna agus Forbartha Uirbí ó Chatagóir B do thionscadal athghiniúna i lár Bhaile an Chabháin agus thar tar Fhearann na Mainistreach agus leithdháileadh sciar €1.674 milliún idir ceithre thionscadal i dTionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

**Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch**

Lean an Rannóg Pleanála Chun Cinn ar aghaidh ag obair le hionchar a bheith aici sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch a bhfuil súil leis go nglacfar léi in 2019. Cuireadh roinnt aighneachtaí a léiríonn tuairimí na mball feidhmiúcháin agus na mball tofa araon faoi bhráid an Tionóil Réigiúnaigh.

**Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla eile**

Fuair an Rannóg Pleanála 552 iarratas ar phleanáil in 2018, méadú beag ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2017. Bhain formhór na n-iarratas le forbairtí amhail forbairtí tionsclaíocha, fiontraíocht tuaithe, scéimeanna tithíochta, forbairtí talmhaíochta, forbairtí tráchtála, áitribh aonair, sínte le háitribh atá ann cheana, garáistí teaghlaigh

agus oibreacha atá ar bun cheana a choinneáil.

Rinneadh achomharc ar 18 gcinneadh de chuid an Údaráis Phleanála os comhair an Bhoird Phleanála. Dheimhnigh 16 (89%) de chinntí an Bhoird Phleanála an cinneadh a bhí déanta ag an Údarás Pleanála.

Tháinig laghdú freisin ar líon na n-iarratas ar Shíneadh Ama ar iarratais phleanála in 2018. Fuarthas 11 iarratas ar Shíneadh Ama in 2018. Léiríonn sé seo an laghdú a bhí ar iarratais phleanála le linn 2012/2013.

**Láithreáin Tréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha**

I mí na Nollag 2018, bhí 5 pháirtchlár ann do láithreáin tréigthe sa Chontae. Rinneadh iad seo a nuashonrú agus a chur le chéile in aon chlár amháin. Ansin, cuireadh dréachtpholasaí le chéile le cinntiú go gcomhlíonfadh an próiseas an reachtaíocht reatha agus go mbeifí in ann, ag dul isteach go 2019, dul i dtreo líon na réadmhaoine tréigthe sa Chontae a laghdú.

**Glacadh ar Láimh**

Scríobhadh polasaí glacadh ar láimh agus glacadh leis don Chabhán in 2007 de réir stiúir an Aire John Gormley. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo in 2016 agus ansin ghlac na baill tofa leis an leagan athbhreithnithe. Rinneadh na hathbhreithnithe ar mhaithe le soiléiriú agus chun doiciméad níos sothuigthe a chruthú. Déanfar athbhreithniú arís ar an doiciméad seo in 2019 chun go gcuirfidh sé reachtaíocht nua a tugadh isteach in 2018 in iúl.

Tá 236 eastát tithíochta sa Chontae faoi láthair. Glacadh 48 de na heastáit seo ar láimh. Glacadh le 12 acu in 2012, le 24 acu in 2017 agus leis an 12 eile i mí na Nollag 2018. Tá an chuid eile acu tógtha le breis agus 12 bhliain. Rinneadh uasghrádú go dé-óid astaithe solais (LED) i gcúig eastát. Fuarthas ocht n-iarratas ar ghlacadh ar láimh in 2018 agus cuirtear iad seo leis an 29 iarratas atá ar an liosta cheana. Tá sé i gceist go nglacfar eastáit ar láimh ar bhonn leanúnach de réir mar a cheadaíonn acmhainní é, go dtí go mbeidh na heastáit stairiúla ar fad glactha ar láimh.

**Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe**

Bhí naoi n-eastát sa Chabhán fágtha ar chlár eastát neamhchríochnaithe na Roinne i mí na Nollag 2018 tar éis do na pleananna réitigh uile a bheith críochnaithe. Laghdú a bhí ann seo i gcomparáid le 13 eastát in 2017 agus 22 eastát in 2016 agus ba ionann é agus laghdú 31%. Sháraigh sé seo an moladh a leagadh amach i bhForbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Bhainistiú agus a Réiteach inar moladh é seo a laghdú faoi 25% ar a laghad. In 2016, bhí an bhéim níos mó ar bhannaí a íostarraingt agus ar chur i gcrích oibreacha níos lú nach raibh déanta go fóill sna heastáit seo leis an gComhairle agus is í seo an bhéim go fóill ag dul ar aghaidh. Tá an Fhoireann ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar stádas na n-eastát neamhchríochnaithe uile agus ag oibriú le hinstitiúidí airgeadais agus le forbróirí chun saincheisteanna atá fós gan réiteach i gcás na n-eastát seo a réiteach.

**Faireachas ar an Margadh:**

Ní mór d'aon duine nó cuideachta, atá ag déanamh earra a bheidh le díol ar mhargadh na hEorpa, lena n-áirítear margadh na hÉireann, ní mór dóibh cloí le Rialacháin 2013 maidir le Táirgí Foirgníochta. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear an táirge a thástáil agus go gcaithfear a dheimhniú go n-oireann sé don chuspóir atá beartaithe dó. Ansin, eisítear uimhir CE dó agus caithfidh an déantóir dearbhú feidhmíochta (DOP) a churl is ar mhaithe le comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na mballstát uile.

In Airteagal 40 den Rialachán Táirgí Foirgníochta (CPR), éilítear ar gach Ballstát údarás a ainmniú a thabharfaidh fógra dó agus a bheidh freagrach as bunú agus cur i gcrích na nósanna imeachta cuí chun measúnú a dhéanamh ar na comhlachtaí agus fógra a thabhairt dóibh, a mbeidh cead aige tascanna tríú páirtí a chur i gcrích, i bpróiseas measúnaithe agus fíoraithe seasmhachta feidhmíochta (AVCP) chun críocha an CPR, agus ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar na comhlachtaí sin ar tugadh fógra dóibh.

I gcás na hÉireann, is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-údarás a ainmníodh faoin CPR le fógraí a thabhairt. Tugann Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann faoi chreidiúnú agus monatóireacht na gcomhlachtaí ar fad dá dtugtar fógra in Éirinn. Is iad na comhlachtaí dá dtugtar fógra na tithe tástála ar bhronn an t-údarás a thugann fógra stádas fógra orthu.

Is é an t-údarás faireachais margaidh do tháirgí foirgníochta an t-údarás rialaithe foirgníochta don chontae ina ndearnadh an táirge, de réir mar atá leagtha amach in I.R. 225/2013.

**Ranníocaíochtaí Forbartha:**

Tháinig an Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2017 seo i bhfeidhm ar iarratais ar glacadh leo an 1 Eanáir 2017 nó roimhe. Baineann an ranníocaíocht seo le hiarratais ar glacadh leo sa Chontae agus a dtagann siad leis an scéim ar glacadh léi. Tá roinnt díolúintí agus laghduithe ar fáil freisin lena n-áirítear laghdú 10% a tugadh isteach le déanaí ina n-íoctar ranníocaíochtaí forbartha go hiomlán faoi cheann sé mhí ó cuireadh fógraí tosaigh isteach (tá díolúintí i bhfeidhm). Bailíodh €1,275,140 (€1,104,674 glan ar asbhaintí Uisce Éireann) de ranníocaíochtaí forbartha ar an iomlán.

Leanann an Fhoireann Ranníocaíochta Forbartha ar aghaidh ag dul sa tóir ar ranníocaíochtaí forbartha nár íocadh fós ach sonraisc a eisiúint de réir mar a chuirtear fógraí tosaigh isteach agus ach obair leantach a dhéanamh ar chuntais atá ann cheana d’fhonn a chinntiú go bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh. Tá ceadanna a tugadh ó 2004 agus nár tugadh aon fhógraí tosaigh á seiceáil freisin chun a fháil amach an bhfuil aon fhorbairt déanta agus lorgtar ranníocaíocht forbartha nuair is cuí.

**Rialú Foirgníochta:**

I mBealtaine 2014, tugadh isteach an Córas Bainistíochta um Rialú Foirgníochta (BCMS). Córas ar líne is ea é seo chun gach iarratas foirgníochta a chlárú agus a bhainistiú. In 2017, athraíodh an teideal ón gCóras Bainistíochta um Rialú

Foirgníochta (BCMS) go dtí an Tionscadal Bainistíochta um Rialú Foirgníochta (BCMP). Bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) trí údarás réigiúnacha mar seo a leanas:

| **Réigiúin Rialaithe Foirgníochta** | **Údaráis Áitiúla** |
|---|---|
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath /Réigiún an Iarthair agus Lár na Tíre | Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Mhí, Lú, Cill Dara, Cill Mhantáin, an Longfort, an Iarmhí, Uíbh Fhailí, Laois (12) |
| Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair | Dún nan Gall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán, Maigh Eo, Ros Comáin, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe (9) |
| Réigiún an Deiscirt | An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Cill Chainnigh, Ceatharlach, Loch Garman, Ciarraí, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Cathair agus Contae Phort Láirge (10) |

Tá ionadaí amháin ag gach réigiún ar bhord tionscadail BCMP. Leanann Comhairle Contae an Chabháin (Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin i gceannas ar Rialú Foirgníochta) ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Cuireann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta comhairle agus treoir ar fáil do ghníomhairí agus d’úsáideoirí an chórais agus déanann sí iniúchtaí láithreáin chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach agus go raibh sí cruinn. Le linn 2018, phróiseáil Rannóg Rialaithe Foirgníochta Chontae an Chabháin 223 Fógra agus 39 Deimhniú um Chomhlíonadh Críochnaithe

Ina measc seo bhí:

15 Fógra Tosaigh neamhbhailí,

80 Fógra Tosaigh bailíochtaithe(foirm fhada),

57 Fógra Tosaigh bailíochtaithe (foirm ghearr),

63 Fógra Tosaigh bailíochtaithe (scar-roghanna)

8 bhFógra 7 Lá bailíochtaithe

As measc an 39 Deimhniú um Chomhlíonadh Críochnaithe, bhí ceann amháin neamhbhailí.

Leanann an Rannóg Pleanála ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus iniúchta go rialto ar fhorbairtí d'fhonn a chinntiú go dtógtar foirgnimh de réir na gCoinníollacha Pleanála agus na Rialachán Foirgníochta cuí.

**Comhlíonadh/Forfheidhmiú Forbartha:**

D'oscail an Rannóg Forfheidhmithe 92 cás nua a bhí faoi réir gearáin do bhliain féilire 2018. Dhún an Rannóg 52 cás le linn na tréimhse céanna. As measc na gcomhad a dúnadh:

- Réitíodh 50% (nó 26 cás) toisc go raibh siad 'faoi urchosc reachta', nó gur measadh gur 'fhorbairt dhíolmhaithe' iad agus nár eisíodh aon Litir Rabhaidh;

- Dúnadh 15% de na comhaid (nó 8 gcás) ar an iomlán mar thoradh ar idirbheartaíocht leis an Údarás Áitiúil.

- Dúnadh 35% (nó 18 gcás) tar éis eisiúint Litreacha Rabhaidh nó Fógra Forfheidhmithe.

Tá imscrúdú á dhéanamh ar 213 cás oscailte agus áirítear iontu seo na blianta roimhe seo.

**Oidhreacht:**

Le linn 2018, lean Oifig Oidhreachta an Chabháin ar aghaidh le caomhnú agus

bainistíocht na hOidhreachta ar fud Chontae an Chabháin a chur chun cinn. Ina thaobh seo, cinntíonn an Oifig Oidhreachta go ndéantar polasaí oidhreachta a fhorbairt ag leibhéal áitiúil. Cuireann an Oifig Oidhreachta Polasaí Oidhreachta Náisiúnta agus Eorpach i bhfeidhm nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cinntíonn an Oifig Oidhreachta go mbíonn rochtain ag pobail i gContae an Chabháin ar an oidhreacht a bhuí leis na gníomhaíochtaí, na tionscadail, an t-oideachas agus an fheasacht a chuireann sí ar fáil. Fuair an Oifig Oidhreachta thar tar €30,000 ón gComhairle Oidhreachta chun Tionscadail maidir le Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm mar a shonraítear thíos:





**Bealach Órga an Chabháin**

D'éirigh go hiontach arís eile i mbliana le Bealach Órga an Chabháin agus ag méadú ar líon na bpobal a ghlacann páirt sa Bhealach Órga. Ceapadh meantóirí chun oibriú le grúpaí rannpháirteacha agus d'fhorbair siad seo fardail Oidhreachta agus d'aithin siad limistéir feadh na mBealaí Órga ina bhféadfaí gnéithe den oidhreacht a fheabhsú agus a fhorbairt. Rinneadh cleachtadh brandála in 2018 a mhéadaíonn féiniúlacht agus infheictheacht Bhealaí Órga an Chabháin sa Chontae. Cuireadh oiliúint ar fáil lena n-áirítear ceardlann faoi leagan fálta agus ceardlann do pháistí a dhírigh ar na créatúir is féidir a fheiceáil feadh ár mBealaí Órga.




**Líonra na Reiligí Stairiúla**

Tá ag éirí go maith le Líonra na Reiligí Stairiúla ó bunaíodh in 2017 é. Tá leathnú déanta ar an líonra agus tá ag méadú ar líon na reiligí stairiúla atá faoi úinéireacht na Comhairle agus atá páirteach sa líonra. Is é aidhm an líonra rochtain ar na suíomhanna seo a fheabhsú, cabhrú le bundeisiúcháin agus painéil threoracha agus léirmhínitheacha a chur ar fáil. I measc na dtionscadal a bhí mar chuid de Líonra na Reiligí i mbliana bhí comharthaíocht do 'reiligí stairiúla', 'taifead ar reiligí stairiúla' agus 'mapáil dhigiteach reiligí stairiúla'. I mí Dheireadh Fómhair 2018, reáchtáladh seimineár maidir le Cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla agus d'éirigh go hiontach leis. I measc na n-aoichainteoirí, bhí Pauline Gleeson, Seandálaí Sinsearach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta; Heather Bothwell, Luibheolaí; agus Bronagh Lanigan, Taifead agus Taighde Ailtireachta.




***Explore Lough Oughter***

In 2018, bronnadh conradh ar *Abarta Heritage* chun táirge turasóireachta oidhreachta a fhorbairt darb ainm *Explore Lough Oughter.* Sa tuarascáil a cruthaíodh, moltar create chun Loch Uachtair agus na lochanna máguaird a fhorbairt mar áit uathúil agus speisialta. Cruthaítear sa tuarascáil bunús chun féiniúlacht turasóireachta oidhreachta a fhorbairt don réigiún. Is í príomheochair fhorbairt na tairisceana turasóireachta oidhreachta seo leas a bhaint as pobail áitiúla agus as soláthraithe gnó agus cóiríochta chun turasóireacht inbhuanaithe oidhreachta a fhorbairt.



**Seachtain na hOidhreachta 2018**

Chuir an Oifig Oidhreachta sraith imeachtaí chun cinn chun Seachtain na hOidhreachta, 2018, a cheiliúradh. Ba é an téama "Scéalta a Roinnt" agus cuimsíodh inti gach gné den Oidhreacht ar fud chontae.








**Oidhreacht Thógtha 2018**

Leanann an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag cur caomhnú agus bainistíocht ár n-oidhreachta tógtha i gContae an Chabháin chun cinn. Chomh maith le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar chlár na struchtúr cosanta agus na n-oibreacha gaolmhara, cuireann an oifig oidhreachta comhairle agus eolas ar fáil don rannóg pleanála maidir le polasaí. Tugtar cúnamh don phobal chomh maith maidir leis an Oidhreacht Thógtha a bhainistiú. D'éirigh le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chabháin €62,000 a íostarraingt faoin gCiste um Struchtúir i mBaol agus €50,000 faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha. I measc na dtionscadal a bhí mar chuid den Chiste um Struchtúir i mBaol, bhí:

- Eaglais na Rátha, Cill na Seanrátha €22,000
- Scoil Ríoga an Chabháin €18,000
- *See House*, an Chill Mhór € 7,000
- Muileann Knockatudor, Sraith an Domhain €15,000

Agus i measc na dtionscadal a bhí mar chuid den Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, bhí:

- Teach Cúirte Bhaile Shéamais Dhuibh, Baile Shéamais Dhuibh
- Coláiste Loreto, Droim Caoin, an Cabhán
- 27 Sráid an Droichid, an Cabhán
- Séipéal Cúnta Dhoire na Ceise, an Maide Bán

- Ceárta Killydoon
- Eaglais Mhichíl, Muinchille
- Eaglais na hÉireann, Cill na Seanrátha
- Eaglais Pharóiste an Chabháin



Eaglais na Rátha, Cill na Seanrátha

Tá áit ag an Oifig Oidhreachta ar go leor coistí inmheánacha a chuireann an Oidhreacht chun cinn go gníomhach i gContae an Chabháin:

- Féile Siúil an Chabháin – siúlóidí oidhreachta ar leith chun feasacht oidhreachta a chur chun cinn i measc siúlóirí.
- Coiste Forbartha Geopháirce
- Éire Chruthaitheach, Coiste 2017-2022





**An Coiste Polasaí Straitéisigh um Pleanáil agus Timpeallacht:**

Tá liosta de bhaill an Choiste Polasaí Straitéisigh (SPC) um Pleanáil agus Timpeallacht thíos. Tháinig an SPC um Pleanáil agus Timpeallacht le chéile ceithre huaire le linn 2018 agus áiríodh sna cruinnithe cuir i láthair pleanála maidir le:

- Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha
- Forbairtí Tithíochta (eastáit neamhchríochnaithe) a Ghlacadh ar Láimh
- Athruithe ar Phleananna Forbartha

| An SPC um Pleanáil agus Timpeallacht | Colún Ainmniúcháin |
|---|---|
| Damian Brady | Cathaoirleach |
| Winston Bennett | Comhairle Contae an Chabháin |
| Fergal Curtin | Comhairle Contae an Chabháin |
| Val Smith | Comhairle Contae an Chabháin |
| Madeline Argue | Comhairle Contae an Chabháin |
| Fintan McCabe | Timpeallacht |
| Barry Kavanagh | CPPn |
| Patrick Denning/Thomas Cooney | Talmhaíocht |
| Andrew O Gorman | Foirgníocht |

**Pleanáil Táscairí Feidhmíochta:**

| | |
|---|---|
| **P1: Foirgnimh Nua a Scrúdaíodh** | |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil | 105 |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil in 2018 agus a bhí faoi réir ar a laghad iniúchadh amháin ar an láthair le linn 2018 | 33 (33%) |
| **P2: Uimh./% Cinntí pleanála a dheimhnigh an Bord Pleanála** | |
| Líon cinntí pleanála Ceantair Áitiúil a ndearnadh achomharc ina gcoinne in 2018. | 18 |
| % na gcinntí ag A a dheimhnigh an cinneadh a rinne an Ceantar Áitiúil | 16 (89%) |
| **P3: % na gCásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh nuair a réitíodh iad** | |

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na gcásanna pleanála a treoraíodh chuig an údarás áitiúil nó ar chuir an t-údarás pleanála tús leo a ndearnadh iniúchadh orthu | 92 |
| Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn 2018. | 52 |
| % na gcásanna ag B ar diúltaíodh dóibh faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 nó a dúnadh toisc go raibh siad faoi urchosc reachta nó toisc gur fhorbairt dhíolmhaithe iad. | 26 (50%) |
| % na gcásanna ag B a réitíodh go pointe a raibh an Ceantar Áitiúil sásta leis a bhuí le hidirbheartaíocht. | 8 (15%) |
| % na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | 18 gcás (35%) |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála a bhfuil iniúchadh á dhéanamh orthu an 31/12/2018 | 213 cás |
| **P4: Costas na Seirbhíse Pleanála in aghaidh an Duine** | |
| Sonraí Chlár D an Ráitis Bhliantúil Airgeadais 2017 roinnte idir daonra an Cheantair Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2017 | Costas in aghaidh an duine €17.15 |

## Seirbhísí Uisce

Lean an t-aistriú go hUisce Éireann ar aghaidh in 2018. Leanann Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag dul i dtaithí ar na dúshláin a bhaineann lenár dtimpeallacht nua feidhmíochta. Tá Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin ar thús cadhnaíochta ar chreat oibriúcháin a mhúnlú agus a sheachadadh le cinntiú go mbeimidne mar Chontae agus mar Náisiún sa riocht is fearr chun leas a bhaint as na deiseanna a chuireann na cúinsí athraitheacha ar fáil.

Ón 1 Eanáir 2014, tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sheachadadh. Táimid sa chúigiú bliain de Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse (SLA) 12 bhliain le hUisce Éireann chun na seirbhísí a sheachadadh.

Glactar le huisce mar 'earra sóisialta' agus tacaíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uisce le trí ghné na forbartha inbhuanaithe (an ghné eacnamaíoch, shóisialta agus timpeallachta). Is iad cuspóirí na rannóige atá ag obair thar ceann Uisce Éireann:

- Soláthar leordhóthanach uisce a mbaineann caighdeán inbhuanaithe leis a sholáthar d'úsáideoirí teaghlaigh, tionsclaíochta, talmhaíochta agus eile.
- Áiseanna séarachais a sholáthar chun séarachas agus dramhaíl uisce-iompartha eile a dhiúscairt go sábháilte agus go leordhóthanach.
- Bonneagar a sholáthar chun tacú leis na cuspóirí thuas.
- Seirbhís éifeachtach, shofhreagrach a sholáthar do chustaiméirí i gcónaí.
- Pleanáil le haghaidh fáis agus forbartha amach anseo.
- An méid thuas a sheachadadh ar an gcostas is eacnamaíche agus is féidir agus ar an táille is lú agus is féidir do chustaiméirí.

Tá 16 Scéim Uisce Phoiblí sa Chontae agus soláthraíonn Scéimeanna príobháideacha Grúpaí Uisce ocht gcinn díobh. Tá 26 ionad cóireála fuíolluisce phoiblí sa Chontae.

**Táscairí Feidhmíochta**

Déanann saotharlann chreidiúnaithe na Comhairle féin tástáil ar gach soláthar Uisce Phoiblí agus gach doirteadh eisiltigh ó ionaid fuíolluisce.

Baineann táscairí feidhmíochta don chuid seo le comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil 2007.

Seo a leanas na figiúirí comhlíonta do na Scéimeanna Poiblí.

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh** | 98.4 % | 98.8% | 99.1% | 98.4% | 98.5% | 99.1% | 99.4% | 99.3% | 98.9% | 98.9% |

Tá Uisce gan Tásc (UFW) ag 35% faoi láthair i gcomparáid le meán Náisiúnta de 47%.

**Móroibreacha Caipitil**

Plean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann 2017 – 2021

**Fuíolluisce**

Aithníodh 52 ionad cóireála fuíolluisce ar fud an Chontae a dteastaíonn uasghrádú

uathu de bharr gur theip ar a dteorainneacha scaoilte agus ar a n-acmhainn hiodrálach.

Bhí naoi mbeart oibre a pleanáladh leis an gCabhán & le Liatroim san áireamh i gconradh a cuireadh ar ceal.
(Baile Shéamais Dhuibh, Coill an Chollaigh, Dún an Rí, Muinchille & Achadh an Iúir)
Ceapadh sainchomhairleoirí chun na hoibreacha seo a leanas a chur i gcrích.

| | | |
|---|---|---|
| Geata 1-2 | 30 seachtain | Tuarascáil Staidéir Féidearthachta a Ullmhú<br>Cuireadh tús le suirbhéanna agus tá na tuarascálacha féidearthachta á gcur i gcrích faoi láthair. Tá ceardlanna beartaithe ó dheireadh mhí Aibreáin go dtí mí an Mheithimh chun plé a dhéanamh ar gach uasghrádú. Cuireadh tuarascálacha i gcrích agus táthar ag fanacht go bhfaighfear cead ó Uisce Éireann dul ar aghaidh go dtí an chéim phleanála/soláthair. |
| Geata 2-3 | 42 seachtain tairisceana | Pleanáil & Dearadh na réiteach atá Beartaithe.<br>Tá tús curtha le dearadh réiteach lena n-áirítear suirbhéanna tríú páirtí. Déanfar iarratais phleanála in 2019 do na suíomhanna uile. |
| Gate 3-4 | 52 seachtain | Forghníomhú conartha lena n-áirítear Riarachán. Tús le cur leis an gclár in 2019. |

Achadh an Iúir Faoi láthair, táimid ag fiosrú an bhféadfaí conradh réamhoibreacha a thabhairt chun tosaigh chun acmhainn an ionaid cóireála a mhéadú agus chun fáil réidh leis an mbaol truaillithe ag an bpríomhstáisiún caidéalaithe, roimh an

bpríomhchonradh. Faoi láthair, tá an sainchomhairleoir ag díriú air seo agus cuireadh tuarascáil i gcrích agus eisíodh chuig Straitéis Sócmhainní Uisce Éireann le hathbhreithniú/faomhadh í.

Díríodh sa chéad tuarascáil ar chaidéil nua a sholáthar chun sreabhadh níos fearr chuig an ionad a bhaint amach. Iarradh ar an sainchomhairleoir féachaint ar réitigh shealadacha eile a chuirfeadh breis acmhainne ar fáil. Ina measc seo tá trealamh monatóireachta brú agus sreabhaidh.

**Tionscadal Díghalraithe Uisce**

Na hionaid cóireála uisce uile a uasghrádú go Caighdeáin Uisce Óil Uisce Éireann

Fuarthas tairiscintí agus rinneadh athbhreithniú orthu

I measc na n-ionad, bhí Béal Tairbirt, Dún an Rí, Béal Átha Conaill, an Muileann Iarainn, Coill an Chollaigh, an Cabhán, Baile Shéamais Dhuibh agus Muinchille.

Bronnadh conradh.

Fráma Ama

| | |
|---|---|
| Céim 1 | Conraitheoir ar an láthair sa Chabhán ón 08/01/2018 ag déanamh suirbhéireachta. Gach suirbhé tosaigh le cur i gcrích. |
| Céim 2 | Ceardlanna chun raon na n-oibreacha a mheas déanta.<br><br>Tar éis d’athrú teacht ar shruth maoinithe an tionscadail seo, bhí sé beartaithe go gcuirfí tús le hoibreacha suiteála go luath in 2019 agus go gcuirfí i gcrích i Lúnasa 2019 iad. |

**Athshlánú Shéarach Bhaile an Chabháin**
(Conradh B)

347 séarach, CCTV 13.6Km. D’fhéadfaí 3.5km a athshlánú lena n-áirítear athmhúnlú/ deisiú & athsholáthar claisbhealaigh.

Bronnadh conradh. Chuir an conraitheoir suirbhéanna réamh-athshlánaithe ar an líonra séarachais i mBaile an Chabháin

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fráma Ama | 2017 | Ráithe 2 | Tréimhse tairisceana |
| | 2017 | Ráithe 3 | Conraitheoir ceaptha, agus tús le CCTV |

Conradh scartha ina thrí chuid.

Cuid 1 CCTV 3450m críochnaithe i mí na Nollag 2017
Cuid 2 CCTV 4500m críochnaithe in Eanáir 2018
Cuid 3 CCTV 4500m críochnaithe i bhFeabhra 2018

Deisiúcháin Chuid 1 & Chuid 2 tosaithe an 1 Márta agus críochnaithe in Iúil 2018

Deisiúcháin Chuid 3 críochnaithe i Lúnasa 2018

D'éirigh linn raon an chonartha a mhéadú chun go mbeadh 6,700m breise de shéarach san áireamh le haghaidh athshlánaithe sna ceantair seo a leanas: Coill an Chollaigh, Achadh an Iúir, an Mullach, Muinchuille agus Baile Shéamais Dhuibh.

Cuid 4 (Cuid bhreise) CCTV 6700m críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2018
Cuid 4 Athshlánú le críochnú in 2019

**Ionad Cóireála Uisce Dhún an Rí**

Ionad nua Cóireála Uisce a thógáil i nDún an Rí

Fráma Ama Tógáil ar an láthair in Eanáir 2017
Críochnaithe i mí Aibreáin 2018
€ 2,500,000

Tá an tionscadal 100% críochnaithe agus tá Dún an Rí á sholáthar

aige agus tabharfar ar ais do Chomhairle Contae an Chabháin/d'Oibriúcháin Uisce Éireann i mí an Mheithimh 2019.

Seo thíos roinnt grianghraf ó oscailt oifigiúil Ionad Cóireála Uisce Dhún an Rí.







**Uasghrádú ar Fhoinse Soláthair Uisce Bhéal Tairbirt agus an Mhuilinn Iarainn**

Cuireadh oibreacha iniúchta i gcrích ar an dá shuíomh ar mhaithe le fáil amach an féidir toibreacha tollta séalaithe a chur in áit na bhfoinsí amhuisce dromchla/fíor-amhuisce, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí táirgeadh uisce a mhéadú agus caighdeán uisce níos fearr a bhaint amach.

Fuarthas na tuarascálacha deiridh i Márta 2018.

Tar éis athbhreithniú fada a rinne Uisce Éireann, aontaíodh go ndéanfaí suirbhéireacht bhreise ar thobar trialach sa Mhuileann Iarainn agus is féidir tairiscintí a dhéanamh faoi láthair. Tá tús le cur leis an obair in 2019.

**Mionchláir Chaipitil**

Cuireadh Tionscadail éagsúla Mhionchaipitil ar aghaidh chuig céimeanna éagsúla le linn 2018 lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

Ionad Cóireála Uisce Mhuinchille – deisiúcháin ar an Umar Gléghlantóra

Uisce an Mhuilinn Iarainn – Uathoibriú an dáilte cheimicigh & uathoibriú chúlchaise

na scagairí, an tús/rith a mhaolú do dhramhaíl ar an scagaire, séidirí aeir a athsholáthar, meascthóir statach a shuiteáil.

Ionaid Cóireála Uisce Bhéal Tairbirt agus Bhaile Shéamais Dhuibh. Athrú ar an dáileadh ceimiceach & uathoibriú chúlchaise na scagairí.
Athsholáthar phríomhphíobán uisce an Bhlaic - 1.1km
Athsholáthar phríomhphíobán uisce Mhuinchille - 1km
Athsholáthar phríomhphíobán uisce na Damhshraithe - 1.3km
Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill na Leice - caidéal athshruthaithe don scagaire silte
Ionad Réigiúnach Cóireála Uisce an Chabháin – scairdniteoir uathoibríoch a chur leis an bpláta fáiscthe atá ann cheana.

An Clár Náisiúnta Deimhnithe Údaraithe – Ionad Cóireála Fuíolluisce Ghamhna, Chill Chóige & an Chnoic Rua – Measúnacht tionchair a dhéanamh ar an sceitheadh ar an uisce dromchla / screamhuisce atá ag teacht isteach. Iniúchadh a dhéanamh ar uisce stoirme & forsceitheadh éigeandála mar aon le bunsceitheadh & sceitheadh tánaisteach. Tabhairt faoi phleanáil, dearadh, riarachán agus maoirseacht na n-oibreacha uasghrádaithe.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha hÉis, Shéarcóige & an Mhullaigh. Oibreacha Ionraoin, Clár Stoirme & Sloda.
Slodafháisceán Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Conaill.

Seirbhísí Cúlghairdín, Tionscadail (do na ceantair seo a leanas).

- Bóthar Mhuinchille, an Cabhán
- Ardán Phádraig, an Cabhán
- Bóthar Mhuire, Dún an Rí
- Páirc Mhuire, Béal Tairbirt
- Ardán Mhuire, Béal Tairbirt
- Marrion Row, Béal Tairbirt
- Páirc Percy French, Baile Shéamais Dhuibh

- Rock Cross, an Cabhán
- Drumbannon, Coill an Chollaigh
- Páirc Ghrífín, Béal Tairbirt

**Nuashonrú Uisce Tuaithe an Chabháin**

I mí Eanáir 2018, fuaireamar ár leithdháileadh do 2018 de €290,000.00 ón Roinn. Tionóladh cruinniú Choiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae an 10 Bealtaine agus aontaíodh ar Chlár na nOibreacha do 2018. Gheobhaidh 11 scéim maoiniú cúnaimh deontais do na hoibreacha atá beartaithe acu. Fuarthas faomhadh do chaiteachas breise ar chúnamh deontais ón Roinn i mí na Samhna 2018. Próiseáladh gach iarratas ar íocaíochtaí a bhí idir lámha ó Ghrúpscéimeanna Uisce chun go bhfaighidís an cúnamh deontais ba mhó agus ab fhéidir agus ba é an leithdháileadh faofa do 2018 **€488,722.97.**

Cuireadh ullmhú agus íocaíocht na dtuarascálacha teicniúla do 5 cinn de na 6 scéim a raibh **fadhb Tríhalaimeatáin (THM)** leo i gcrích in 2017. Go luath in 2018, cuireadh Grúpscéim Uisce na Cliaifearna leis an liosta scéimeanna a raibh fadhb THM le réiteach acu. Bhuail oifigigh ó Chomhairle Contae an Chabháin leis na scéimeanna aonair i Lúnasa 2018 agus d’aontaigh siad ar bhearta breise chun an tsaincheist seo a réiteach agus aird á tabhairt ar na moltaí a bhí sna tuarascála teicniúla a fuarthas go dtí sin. Aontaíodh ar ghníomhaíochtaí breise leis na scéimeanna go dtí deireadh 2018.

Ullmhófar aighneacht agus cuirfear ar aghaidh chuig an Roinn go luath in 2019 í le haghaidh maoinithe faoin gClár nua Ilbhliantúil. Táthar ag fanacht go bhfaighfear deimhniú maidir le bearta maoinithe agus sonraí an chláir seo ón Roinn. Táthar ag fanacht ar shonraí faoin méid sin ón Roinn freisin.

Reáchtáladh cruinnithe le baill de **Ghrúpscéim Séarachais Shraith an Domhain** in 2017 agus aontaíodh ar ghníomhaíochtaí chun an scéim a thabhairt chun críche. Táthar ag súil anois go mbeidh deireadh leis an obair thógála uile sa cheathrú ráithe de 2018 agus ba chóir go nglacfadh Uisce Éireann seilbh ar an líonra ag an am seo freisin.

Cuireadh suirbhé iomlán a rinneadh ar na hacmhainní atá ar fáil go náisiúnta chun ár bhfreagrachtaí faoin gClár Uisce Tuaithe a sheachadadh, cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil i Márta 2017 é. Tá sé seo mar chuid d'athbhreithniú ar sheachadadh na seirbhíse Uisce Tuaithe ar fud na tíre agus is é atá mar bhunús le cur i láthair Cás Gnó ar ullmhaigh an Grúpa Náisiúnta Athbhreithnithe um Uisce Tuaithe é ar mhaithe le **seachadadh an Chláir Uisce Tuaithe** amach anseo. Tá an Cás Gnó faofa anois ag an mBord Tionscadail, an Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (PSROG) agus an Grúpa Piarmheasúnaithe. An chéad chéim eile is ea go gcuirfeadh an tAire/an Roinn an cur chuige molta i bhfeidhm. Táthar ag súil leis go mbeifear in ann na hathruithe molta a thabhairt isteach faoi cheann idir 18 mí agus dhá bhliain ón uair a chuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm.

Próiseáladh riaráistí **fóirdheontais** íocaíochta a bhí le dul chuig na grúpscéimeanna cáilitheacha do 2015 agus 2016, próiseáladh i mí Aibreáin 2018 ar chostas cuimsitheach de **€315,812.00** agus cuireadh na híocaíochtaí ar aghaidh chuig na scéimeanna.  Uaidh sin, rinne an Roinn an íocaíocht seo a fhorchúiteamh go hiomlán le Comhairle Contae an Chabháin. Tá iarratais uile na scéime ar fhóirdheontas próiseáilte go hiomlán anois agus íocadh teidlíochtaí fóirdheontais 2018, ar fiú **€3.2 milliún** iad, leo.

Rinne **Grúpscéim Uisce na bPollaí** iarratas chun go nglacfadh Uisce Éireann seilbh air agus tá obair ar siúl faoi láthair chun an fhaisnéis a theastaíonn a bhailiú le chéile a luaithe agus is féidir ionas go mbeifear in ann an próiseas táthcheangail a chur i

**An Timpeallacht agus Bainistiú Dramhaíola**

Is í an Rannóg Timpeallachta agus Bainistithe Dramhaíola an rannóg atá freagrach as gach rud a bhaineann leis an timpeallacht sa chontae. Déanann sé bainistíocht ar an tSeirbhís Maorachta Madraí, an tSeirbhís Tréidliachta, Cothabháil na nIonad Adhlactha Dílsithe, Fodhlíthe Corr-Thrádála agus Bainistiú Fuinnimh freisin.

## An Timpeallacht

Is contae tuaithe den chuid is mó é an Cabhán agus ní nach ionadh, agus go leor aibhneacha agus lochanna ann, gur gá aird shuntasach a thabhairt ar cháilíocht an uisce. Is féidir le sceitheadh tionsclaíoch agus tráchtála, cleachtais feirmeoireachta, sceitheadh ó ionaid cóireála uisce uirbigh agus ionaid cóireála fuíolluisce a bhíonn ag freastal ar thithíocht aonuaire tionchar a bheith acu ar cháilíocht an uisce. Tá ról ríthábhachtach ag an Rannóg Timpeallachta agus Dramhaíola maidir le bunchosaint an iliomad soláthairtí uisce óil phoiblí, grúpa agus phríobháidigh atá ar fud an Chontae. Pléann an Rannóg seo le saincheisteanna timpeallachta eile amhail iniúchtaí cóireála fuíolluisce ar an láthair, truailliú ó thorann agus ón aer, iarratais phleanála agus fodhlíthe a bhaineann go sonrach leis an timpeallacht. Déanaimid monatóireacht ar ídiú fuinnimh agus cuirimid cleachtais fuinnimh inbhuanaithe agus ídiú fuinnimh laghdaithe chun cinn sa Chabhán. Aithnítear an t-athrú aeráide anois mar dhúshlán domhanda agus freagraí polasaí ag teastáil maidir le cúiseanna an athraithe aeráide a mhaolú agus maidir le dul in oiriúint do na hiarmhairtí dosheachanta a bhaineann lenár n-aeráid atá ag athrú araon. Tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith ag gníomhú ar leibhéal áitiúil chun cabhrú le rioscaí agus le hiarmhairtí an athraithe aeráide a laghdú ar fud ár bpobal. Cuireadh tús le próiseas dréachtaithe Straitéis an Chabháin um Oiriúnú don Athrú Aeráide in 2018 agus beidh sé mar thús leis an bpróiseas pleanála oiriúnaithe i gComhairle Contae an Chabháin agus é ar an gcéad chéim le heolas agus tuiscint níos fearr a bheith againn ar an aeráid atá ag athrú, ar athléimneacht atá ag méadú agus ar na bealaí le freagraí éifeachtacha a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide.

### Uiscí Nádúrtha

Deirtear go bhfuil loch sa Chabhán do gach aon lá den bhliain agus mar gheall ar an ngeolaíocht uathúil a bhaineann leis, tá an Cabhán lonnaithe áit a n-éiríonn dhá cheann de na haibhneacha is mó in Éirinn, abhainn na Sionainne agus abhainn na hÉirne. Tá ár n-uiscí nádúrtha ina ndlúthchuid d’fheiceálacht an chontae do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Ach uiscí a mbaineann cáilíocht mhaith leo a choinneáil, laghdaímid an costas a bhaineann le huiscí óil a chóireáil agus

déanaimid ár gContae níos tarraingtí do mhuintir an Chabháin agus do chuairteoirí araon. Tá soláthar slán, sábháilte uisce ar cheann de na rudaí is tábhachtaí don eacnamaíocht i gContae an Chabháin. Braitheann na tionscail talmhaíochta, bia agus dí ar sholáthar uisce ghlain a bheith acu.



**An Chreat-Treoir Uisce**

Tá sé i gceist ag Creat-Treoir Uisce 2000 an Aontais Eorpaigh ár n-uiscí nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce cósta agus uiscí idirthréimhseacha. Cuirtear cuspóirí na Creat-Treorach Uisce i bhfeidhm trí Phlean Bainistithe Abhantrach agus is é seo cur chuige an Rialtais chun cáilíocht an uisce ar fud an chontae a fheabhsú agus a chosaint.

I mí Iúil 2014, d’eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Rialacháin (Polasaí Uisce) an Aontais Eorpaigh 2014 a thug isteach creat nua rialachais dhá shraith agus a chuir dualgais nua ar údaráis áitiúla gnéithe bainistithe dobharcheantair agus rannpháirtíochta poiblí na Creat-Treorach uisce a chomhordú. Tugadh stádas cáilíochta do gach dobharlach. Tá sé de dhualgas na huiscí uile a mbaineann dea-stádas nó ardstádas leo a chosaint agus na huiscí sin a mbaineann stádas níos ísle

ná dea-stádas leo a fheabhsú.

**Plean Bainistithe Abhantrach (RBMP)**

An 17 Aibreán 2018, d'fhoilsigh an Rialtas an Plean Bainistithe Abhantrach d'Éirinn 2018-2021. Leagtar amach sa Phlean seo na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh Éire chun caighdeán an uisce a fheabhsú agus chun 'dea-stádas' éiceolaíoch a bhaint amach i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) faoin mbliain 2027. Tá ar Éirinn plean bainistithe abhantrach a sholáthar faoin gCreat-Treoir Uisce. Tá cáilíocht an uisce in Éirinn imithe in olcas le scór bliain anuas. Cuireann an Plean creat níos comhorduithe ar fáil chun cáilíocht ár n-uiscí a fheabhsú – chun sláinte an phobail, an timpeallacht agus áiseanna uisce a chosaint agus chun tionscail atá dian ar uisce a chothú, lena n-áirítear na tionscail agraibhia agus turasóireachta, go háirithe faoin tuath in Éirinn.

**Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO)**

Thugtaí Oifig Uiscí & Pobal na nÚdarás Áitiúil ar Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil. Bhí an t-athrú ainm seo de dhíth chun leathnú an chláir in 2018 faoin bPlean Bainistithe Abhantrach reatha a chur in iúl. Seirbhís roinnte is ea an clár seo a oibríonn le hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí stáit chun Pleananna Bainistithe Abhantrach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in Éirinn, de réir mar a éilítear faoi Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh. Is é croílár na hoibre seo cáilíocht an uisce in aibhneacha agus lochanna agus cáilíocht screamhuisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá uisce a mbaineann dea-cháilíocht leis agus timpeallacht uisce níos sláinte ríthábhachtach do sláinte an duine agus do go leor den fhiadhúlra. Chomh maith leis sin, cuireann sé taca faoin ngeilleagar agus tacaíonn sé le poist áitiúla in earnálacha amhail an turasóireacht, an talmhaíocht agus an déantúsaíocht.

Seo a leanas trí aidhm straitéiseacha an chláir:

- Comhlachtaí poiblí agus geallsealbhóirí eile a chomhordú agus tacú leo chun cuspóirí an Phlean Bainistithe Abhantrach a bhaint amach.

- Pobail áitiúla a chur ag obair chun dul ag plé le habhantracha de réir an chuir chuige chomhtháite bainistithe abhantrach
- Bunús agus fuinneamh a thógáil chun feabhsúcháin fhadtéarmacha a bhaint amach agus eolas a chur ar fáil d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm an 3ú sraith den Phlean Bainistithe Abhantrach.

**Monatóireacht Aibhneacha & Lochanna**

Thóg baill d'fhoireann allamuigh na Rannóige Timpeallachta nach mór 400 sampla ó aibhneacha agus lochanna ar fud Chontae an Chabháin le linn 2018. Rinneadh na hiniúchtaí seo de réir Chlár Náisiúnta Monatóireachta na Creat-Treorach Uisce. Úsáidtear torthaí na hanailíse ó na samplaí seo, mar aon le sonraí bitheolaíochta, éiceolaíochta agus moirfeolaíochta uisce eile atá ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun cáilíocht uisce na n-aibhneacha agus na lochanna a rangú chun críocha na Creat-Treorach Uisce. Tá roinnt cineálacha éagsúla brú ar cháilíocht an uisce lena n-áirítear fuíolluisce uirbeach, an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht. Is éagsúil iad na brúnna atá ar cháilíocht an uisce agus is iondúil go mbíonn na dobharlaigh is mó atá "i mbaol" faoi níos mó ná aon chineál brú amháin. Ní léir go leor den obair a dhéanaimid chun cáilíocht an uisce a fheabhsú. Is féidir go dtógfadh sé tamall fada chun go mbeifí in ann an feabhas a thagann ar cháilíocht an uisce, go háirithe i lochanna, a fheiceáil. A bhuí leis na córais atá i bhfeidhm, áfach, tá súil againn go mbeimid in ann feabhas leanúnach a chur in iúl sna blianta atá romhainn go dtí go mbainfimid dea-stádas amach dár n-uiscí go léir.

**Córais Cóireála Fuíolluisce Baile**

Achtaíodh an tAcht (Leasú) um Seirbhísí Uisce in 2012 chun cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go háirithe foinsí uisce óil) a chosaint ón mbaol a bhaineann le córais cóireála fuíolluisce baile nach mbíonn ag feidhmiú i gceart. Bhí ar gach úinéir réadmhaoine a bhí ceangailte de chóras cóireála fuíolluisce baile a gcórais a chlárú faoi mhí Feabhra 2013. Leagadh na riachtanais iniúchta ar bhonn Náisiúnta amach i bPlean Náisiúnta Iniúchta (NIP) agus tugtar tús áite ann don roghnú iniúchta ag brath

ar an mbaol truaillithe atá ann.

Cuireadh oiliúint ar na baill foirne timpeallachta agus thug siad faoi iniúchtaí ar chórais cóireála fuíolluisce de réir an Phlean Náisiúnta Iniúchta. Rinneadh 32 iniúchadh in 2018 i gContae an Chabháin. Cuireadh dhá iarratas ar dheontas isteach chuig Comhairle Contae an Chabháin agus próiseáladh iad in 2018.

**Truailliú Uisce**

Le linn 2018, d'fhreagair baill foirne de chuid na Rannóige Timpeallachta breis agus 100 gearán a bhain le huisce. Mar thoradh ar na hiniúchtaí a bhain leis na gearáin seo, cuireadh tús le cineálacha éagsúla gníomhaíochta forfheidhmithe. I gcásanna áirithe, ní raibh aon ghníomh eile de dhíth i ndiaidh an iniúchta agus dúnadh an comhad nó cuireadh ar aghaidh go Rannóg eile de chuid na Comhairle le haghaidh iniúchta é. Sa chás gur measadh go raibh gá le gníomhaíocht fhorfheidhmithe mar gheall ar sceitheadh ábhair thruaillithe nó mar gheall ar bhaol truaillithe uisce a bheith ann, seans go ndearnadh na gníomhaíochtaí seo a leanas ag brath an gcás a ndeachaigh an t-iniúchóir i ngleic leis ar an láthair -

- Litir chomhairleach
- Litir Rabhaidh
- Fógra Alt 12 (Na hAchtanna um Truailliú Uisce)
- Fógra Alt 3 (Na hAchtanna um Truailliú Uisce)
- Tras-Tuarascáil chuig an Roinn Talmhaíochta

**Ceadúnais Scaoilte**

Rinne iniúchóirí ón Rannóg Timpeallachta monatóireacht ar 57 áis cheadúnaithe doirte le linn 2018. Bhí 224 iniúchadh i gceist leis seo. Fágann na ceadúnais seo go mbíonn smacht ag an áis ar scaoileadh eisilteach isteach i screamhuiscí agus in uiscí dromchla, lena n-áirítear aibhneacha & lochanna.

Fágann na ceadúnais seo gur ar an scaoilteoir/sealbhóir ceadúnais a bhíonn an fhreagracht agus an chuntasacht. Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as scaoileadh eisilteach in uiscí a rialú trí cheadúnú. Cuimsítear sna ceadúnais coinníollacha rialaithe truaillithe cuí mar aon le luachanna teoranta astaíochtaí i

dtaca leis an scaoileadh.

Chomh maith leis sin, tá baint ag an Rannóg Timpeallachta leis an bpróiseas ina ndéantar scaoileadh isteach sa líonra séarachais a cheadúnú. Tagann sé seo faoi shainchúram Uisce Éireann agus déanann na hIniúchóirí cuí ón Rannóg Timpeallachta an obair seo de réir an chomhaontaithe leibhéil seirbhíse le hUisce Éireann.

**Na hAchtanna & Rialacháin um Aerthruailliú (Tuaslagóirí/Péinteanna Maisiúla/Astaíochtaí ó Ghal Peitril/Gual Toiteach)**

Le linn 2018, bhí Ceadúnas Aeir gníomhach amháin ag feidhmiú sa Chontae, chuaigh Cigirí go dtí an láthair agus bhí an t-oibreoir ag cloí le riachtanais a cheadúnais.

Baineann na Rialacháin um Thuaslagóirí go príomha le hastaíochtaí ó thirimghlantóirí ar fud Chontae an Chabháin. Astaítear Comhdhúile Orgánacha Galacháin (VOCanna) mar gháis ó sholaid nó leachtanna áirithe. Cuimsíonn siad réimse ceimiceán agus d'fhéadfadh cuid acu drochthionchar gearrthéarmach nó fadtéarmach a bheith acu ar an tsláinte. Tá na rialacháin seo i bhfeidhm chun astaíochtaí Comhdhúile Orgánacha Galacháin sa chomhshaol a laghdú, go háirithe tríd na hastaíochtaí a théann isteach san aer a choinneáil faoi smacht, a sheachaint agus a laghdú. Is amhlaidh atá toisc gur féidir drochthionchar a bheith ag eisiúintí VOCanna ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Déantar measúnú ar na hoibritheoirí agus má bhíonn gach rud in ord, cuireann siad iarratas ar Dheimhniú isteach chuig Comhairle Contae an Chabháin. Is féidir na Deimhnithe a eisiúint ar feadh suas le 3 bliana má bhíonn an t-oibritheoir ag cloí leis na rialacháin. Féadfar frámaí ama níos giorra a chur i bhfeidhm má bhíonn neamhchomhlíonadh le réiteach. Bhí 5 shaoráid ann ag deireadh 2018 a raibh na Deimhnithe riachtanacha acu.

Fágann na Rialacháin um Phéinteanna Maisiúla gur cion atá ann athchríochnú

feithicle a dhéanamh agus ní mór do sholáthraithe cloí leis na rialacháin seo freisin toisc gur cion é táirgí athchríochnaithe feithicle nach gcloíonn leis na rialacháin a chur ar an margadh. Tá an nós imeachta Deimhnithe cosúil lena bhfuil ann i gcás na Rialachán um Thuaslagóirí. Bhí 13 shaoráid ann a raibh an Deimhniú cuí i bhfeidhm acu ag deireadh 2018.

Bíonn na Rialacháin um Astú Gal Pheitriliam (PVEanna) ábhartha má úsáideann comhlacht breoslaí leachta agus gáis, cosúil le stáisiúin pheitril, ansin ní mór deimhniú Astú Gal Pheitriliam (PVE) a fháil ó Chomhairle Contae an Chabháin. Déanann measúnóir measúnú nuair a bhíonn peitreal á sheachadadh. Cuirtear na torthaí faoi bhráid Chomhairle Contae an Chabháin. Má bhíonn gach rud mar ba chóir, is féidir deimhniú a eisiúint. Bhí an deimhniú cuí ag 15 shaoráid ag deireadh 2018.

Tugtar Rialacháin 2012 (arna leasu) an Achta um Thruailliú Air (Margaíocht, Díolachán, Dáileachán agus Dó Breoslaí ar Leith) ar na Rialacháin um Ghual Toiteach freisin. Tá cosc ar ghual toiteach agus breoslaí áirithe eile a dhó in Ionaid Toite Ísle (LSZanna), ach ní raibh an Cabhán san áireamh anseo. Le linn 2019, tabharfar ionad toite ísle isteach ar fud na tíre, do Phoblacht na hÉireann ar fad.

**Iniúchtaí Feirme & na Rialacháin Níotráití**

Tá ról tábhachtach ag an talmhaíocht i bhfás eacnamaíoch, inbhuanaithe Chontae an Chabháin. Ionas go leanfaidh sé seo ar aghaidh, ní mór don phobal talmhaíochta a chinntiú go gcuirtear oibleagáidí éagsúla maidir leis an dlí agus leis an gcomhshaol i bhfeidhm. Contae tuaithe den chuid is mó is ea an Cabhán; mar sin, d’fhéadfadh droch-chleachtais talmhaíochta a bheith ar cheann de na foinsí féideartha truaillithe dár n-aibhneacha agus lochanna. Tá na Rialacháin Níotráití nó na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta i bhfeidhm i gContae an Chabháin. Le linn 2017, rinneadh athbhreithniú ar na Rialacháin seo agus tugadh leagan nua, an Plean Gníomhaíochta um Níotráití 4, isteach in 2018. Cuireann na rialacháin seo tacaíocht

reachtúil ar fáil do dhea-chleachtais talmhaíochta chun uiscí a chosaint ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus áirítear iontu bearta amhail:

- Tréimhsí ina mbíonn cosc ar leasachán a chur ar an talamh
- Teorainneacha maidir le leasachán a chur ar an talamh
- Riachtanais stórála d'aoileach beostoic
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart ó thaobh cleachtas talmhaíochta agus tionchar ar cháilíocht an uisce de.

Thug Iniúchóirí ón Rannóg Timpeallachta faoi 11 iniúchadh feirme de réir na rialachán seo in 2018.

**Uisce Óil Poiblí**

Déantar monatóireacht ar uisce óil ó scéimeanna soláthair uisce phoiblí agus ó scéimeanna mórghrúpaí uisce. Déantar seo ar mhaithe le cinntiú go mbíonn na scéimeanna ag soláthar uisce a chomhlíonann na caighdeáin is airde maidir le sláinte an phobail, agus le cinntiú go gcomhlíonann uisce óil na rialacháin ábhartha. Tugann foireann na Rannóige Timpeallachta faoin obair mhonatóireachta ar an uisce óil poiblí ar son Uisce Éireann faoin gcomhaontú seirbhíse atá ann faoi láthair.

**Rannpháirtíocht an Phobail**

Buaileann baill foirne ón Rannóg le baill den phobal ar bhonn laethúil. Baineann siad leas as na deiseanna seo chun oideachas a chur ar an bpobal maidir le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus dea-cháilíocht uisce a chothabháil ach ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár bhfoinsí soláthair uisce a chosaint. Ar bhonn níos foirmeálta, tugaimid cuairt ar scoileanna chun an teachtaireacht seo a scaipeadh i measc bhaill níos óige ár bpobail ach cuir i láthair a dhéanamh i scoileanna agus ar fud an Chontae maidir le cáilíocht an uisce. Chuireamar seisiúin eolais ar fáil i gcraobhacha áitiúla leabharlainne agus in ionaid phobail. Úsáidimid na meáin shóisialta agus na meáin áitiúla go minic chun an pobal a chur ar an eolas faoi cheisteanna séasúracha

timpeallachta.

Ghlac an Rannóg Timpeallachta páirt i straitéis thiomnaithe um rannpháirtíocht saoránach mar chuid den Phlean Náisiúnta Iniúchta um Fhuíolluiscí Intíre le linn 2018.

**Féile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin**

D'fhreastail breis agus 600 duine ar imeachtaí eolaíochta i gContae an Chabháin le linn na Féile Eolaíochta i mí na Samhna 2018. Tháinig Comhairlí Contae an Chabháin agus Mhuineacháin le chéile chun réimse imeachtaí a reáchtáil. Ba é cuspóir na féile suim gach duine san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sna healaíona agus sa mhatamaitic (STEAM) a spreagadh agus a chothú ach féile shuimiúil, oideachasúil a chur ar bun. D'oibrigh foireann timpeallachta ón gComhairle le páistí bunscoile chun ceardlann uisce a chur i bhfeidhm.




Fíor: Ball foirne ón Rannóg Timpeallachta i mbun ceardlann eolaíochta

**Oibriú ar fud na hEagraíochta**

Oibríonn an Rannóg Timpeallachta ar bhealach comhtháite le rannóga eile de chuid na Comhairle lena n-áirítear:

- Cruinnithe a phleanáil roimh ré, iarratais phleanála a chur ar aghaidh agus freagra a thabhairt ar fhadhbanna/ceisteanna ón bPleanáil maidir le caighdeán an uisce, leis an aer nó le torann.
- Cabhrú le cuairteanna measúnaithe na scoileanna glasa agus le cuir i láthair feasachta
- Comhairle a thabhairt do Thithíocht maidir le hoiriúnacht láithreáin do thithíocht tuaithe in-díshuite
- Dul i ngleic le ceisteanna agus atreoruithe ó Oifigí Ceantar Bardasach, Pobal & Fiontar, Seirbhísí Uisce/Uisce Éireann, Bainistíocht Dramhaíola agus Bóithre i dtaca le cáilíocht, cosaint agus athchóiriú uisce.

| **Gníomhaíochtaí Deimhnithe, Forfheidhmithe agus Ceadúnaithe** | |
|---|---|
| Líon na gCeadúnas Doirte de chuid Alt 4 | 57 |
| Líon na gCeadúnas Aerthruaillithe | 1 |
| Líon na Láithreán Cláraithe faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí N | 5 |
| Líon na Láithreán Cláraithe faoi na Rialacháin um Phéinteanna Maisiúla | 13 |
| Líon na gClárúchán faoi na Rialacháin um Astuithe Ghal Pheitriliam | 15 |
| Líon na nIniúchtaí Feirme | 11 |
| Líon na ngearán na fuarthas (uisce, aer, torann, gan dramhaíl san áireamh) | 134 |
| Líon na dtras-tuarascálacha a cuireadh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 3 |

| | |
|---|---|
| Líon Fógraí Alt 12 a cuireadh amach de réir na nAchtanna um Thruailliú Uisce | 9 |
| Líon na n-iniúchtaí a rinneadh ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí | 32 |

**Bainistiú Fuinnimh**

Ar fud na heagraíochta iomláine, tugann Bainisteoir Fuinnimh na Comhairle faoin méid a leanas:

- Tuairisciú ar Spriocanna Laghdaithe Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin
- A chinntiú go mbíonn soláthar fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin ag cloí le conarthaí náisiúnta Oifig Soláthair an Rialtais.
- Nósanna imeachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le rialacháin fuinnimh agus riachtanais reachtúla.
- Feasacht a ardú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Cleachtais inbhuanaitheachta a spreagadh.
- Tacú le tionscadail feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh.

Is é sprioc Chomhairle Contae an Chabháin feabhas 33% a bhaint amach ó thaobh na éifeachtúlachta fuinnimh de faoi 2020. Bunaithe ar an Monatóireacht agus an Tuairisciú a rinne an Bainisteoir Fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, tá feabhas 17.3% ar éifeachtúlacht fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin ó bhí an tréimhse bhonnlíne ann idir 2001 agus 2005. Ní raibh figiúirí 2018 ar fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tráth a raibh sé seo á chur i gcló.

Tugann an Bainisteoir Fuinnimh tuairisc ar an tomhaltas bliantúil fuinnimh agus ar shonraí gaolmhara d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de réir na spriocdhátaí a chuirtear i bhfeidhm gach bliain.

Déantar an leictreachas uile a ídíonn Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar de réir thairiscint na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus is é an Bainisteoir Fuinnimh a riarann é seo. Is le *Airtricity* atá an conradh reatha agus soláthraíonn sé leictreachas do nach mór 60 láithreán atá faoi cheannas Chomhairle Contae an Chabháin lena n-áirítear Foirgnimh Oifige, Leabharlanna, Saotharlann, Áiseanna Bainistithe Dramhaíola, Áiseanna Áineasa, Iarsmalann, Amharclann, etc. Tá cuid de na foirgnimh agus de na suíomhanna atá faoina ceannas sa liosta thíos:

1. Linn Snámha & Ionad Áineasa an Chabháin
2. Foirgneamh Leabharlann Johnston
3. Teach Cúirte an Chabháin
4. Foirgnimh na Seanleabharlainne Tagartha
5. Carrchlós Ilstóir
6. Clós Innealra, Eochaill
7. Líonadh Talún Corranure, an Cabhán
8. Na Stáisiúin Dóiteáin ar fad
9. Na Leabharlanna ar fad
10. Foirgnimh éagsúla & iostaí a úsáideann Oifigí an Cheantair/Ceantair Bhardasacha
11. Iarsmalann

Riarann Oifig Soláthair an Rialtais an conradh soláthair leictreachais um Shoilsiú Poiblí freisin agus is é *Engeria* a sholáthraíonn an leictreachas do na soilse poiblí atá faoi stiúir Chomhairle Contae an Chabháin. Caithfear leictreachas a sholáthar do nach mór 7000 soilse poiblí (80% den chostas fuinnimh) agus caithfear iad a chothabháil (20% den chostas fuinnimh). Tá conradh cothabhála soilsithe phoiblí i bhfeidhm le *Airtricity Utility Solutions Ltd.* Is é an soilsiú poiblí an t-úsáideoir fuinnimh is suntasaí atá laistigh de Chomhairle Contae an Cabháin agus cuimsíonn sé 58% den fhuinneamh a ídítear.

Tugtar mionsonraí maidir le hídiú fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin le linn 2018, a raibh caiteachas nach mór €1m mar thoradh air, sa tábla thíos:

| Cineál Fuinnimh | | Ídiú Fuinnimh<br>kWh |
|---|---|---|
| Leictreachas | | 9,141,930 |
| Teas | | 1,806,765 |
| Iompar | | 1,863,716 |
| Fuinneamh Iomlán a Ídíodh | | 12,812,412 |

**Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2018**

- Cloíodh leis an spriocdháta Monatóireachta agus Tuairiscithe a bhí ann chun na tuairisceáin reachtúla fuinnimh do 2017 a chur ar ais chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Seoladh Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin.
- Eisíodh an Tuarascáil Náisiúnta Fuinnimh in 2018 a léirigh go bhfuil feabhas 17.3% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin ón mbonnlíne & go bhfuil laghdú 48% ar a hídiú fuinnimh.
- Cuireadh tús le hIniúchtaí Fuinnimh lasmuigh d'Uaireanta Oibre.
- Cuireadh tús le léamha míosúla méadair a dhéanamh do thrí spriocfhoirgneamh de chuid na straitéise rannpháirtíochta.
- Cuireadh tús leis an bhfeachtas "*Be Like…*".
- Cuireadh teachtaireachtaí séasúracha don fhoireann maidir le cúrsaí fuinnimh i bhfeidhm.
- Scaipeadh gníomhaíochtaí fuinnimh ar gach Ceann Rannóige lena gcur san áireamh i ngach Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí/Plean Gnó.
- Teagmháil leanúnach le Grúpa Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – iarratais ar mhaoiniú do tionscadail soilsithe phoiblí, iarsmalainne, tithíochta, etc. á meas i gcomhar leis an rannóg phríobháideach & pobail faoi shainchúram scéim deontais pobail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Sheol Móraonach Fuinnimh an Chabháin an Fhéile Eolaíochta i mí na Samhna 2018. Cuireadh an t-imeacht seo ar an ngearrliosta mar

chraobhiomaitheoir do Ghradam de chuid Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil 2019.

- Rinne Rannóg Tithíochta na Comhairle uasghrádú fuinnimh ar chuid de stoc tithíochta Chomhairle Contae an Chabháin.
- Leithdháileadh leanúnach suíomhanna de réir na dtairiscintí ón tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ar éirigh leo de réir mar a thagann suíomhanna nua ar líne.
- Nós imeachta a bhunú agus a fheabhsú chun monatóireacht mhíosúil a dhéanamh ar úsáid fuinnimh.
- An nós imeachta maidir le léamha méadair a dhéanamh go minic a chothabháil agus a fheabhsú.
- Thug Comhairle Contae an Chabháin faoi 610 solas poiblí a athsholáthar le soilse LED.



Seoladh na Straitéise Fuinnimh 2018

**Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2020**

- Tuarascáil Ráithiúil maidir le dul chun cinn ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de a chur faoi bhráid Fhoireann na Bainistíochta Sinsearaí.
- Cuir i Láthair Foirne.
- Clárú don chlár um Optamú Cumhachta ag an Obair le Comhaontú Seirbhíse de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí.
- An Clár um Optamú Cumhachta ag an Obair a sheoladh.
- Iniúchtaí lasmuigh d'uaireanta oibre.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhillí míosúla agus eolas a chur i gcomparáid & a scaipeadh.
- Nós imeachta chun monatóireacht mhíosúil a dhéanamh ar úsáid fuinnimh a choinneáil.
- Nós imeachta chun léamha méadair a dhéanamh go minic a choinneáil.
- Foireann Fuinnimh a bhunú.
- Cruinnithe & Gníomhaíochtaí na Foirne Fuinnimh a choinneáil.
- Ár n-oiliúint Bainistithe Fuinnimh a chur i bhfeidhm do bhaill na Foirne Fuinnimh.
- Suirbhé foirne ar an ríomhaire.
- Saininiúchtaí foirmeálta a dhéanamh ar fhoirgnimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach oifigí ó thaobh teasa agus soilsithe de.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais atá ann cheana (teas & soilsiú) i bhfoirgnimh inar féidir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an trealamh cúnta téimh/fuaraithe atá in úsáid.
- Seicliostaí a chruthú don fhoireann (ceaintíní, glantóirí, an duine deireanach le fágáil, etc.) & plé a dhéanamh le hairígh, le foireann na gceaintíní & le conraitheoirí glantacháin.
- Plé a dhéanamh le Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise chun réamhshocruithe coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm ar threalamh & tionscnaimh éifeachtúlachta eile a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise.
- Tacú leis an Rannóg Pobail & Fiontar ach eolas a chur ar fáil do bhileog

eolais a chuirfear ar fáil don phobal maidir leis na cineálacha éagsúla maoinithe atá ar fáil do phobail/grúpaí/daoine aonair.

- Tacú leis an Rannóg Pobail & Fiontar ach eolas a chur ar fáil maidir leis na pointí luchtaithe atá ann d'fheithiclí leictreacha. Tagairt do na Pleananna Athbheochana Bailte & Sráidbhailte.
- Bainistiú fuinnimh agus freagracht phearsanta don rud céanna a thabhairt isteach mar chuid de nósanna imeachta ionduchtaithe.
- Cur i láthair Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a dhéanamh ag am lóin maidir le Feasacht & Bainistiú Fuinnimh.
- Grúpa Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – ionchur a bheith againn i ngníomhaíochtaí grúpa, deiseanna do dheontais phobail a fhiosrú, naisc le tionscadail de chuid Chomhairle Contae an Chabháin a bhunú agus Máistirphlean Fuinnimh an Chabháin a thabhairt chun críche.
- Plé a dhéanamh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana an Chabháin chun imeachtaí/ceardlanna scoile a chomhordú do bhunscoileanna & iar-bhunscoileanna sa Chabhán le linn Sheachtain na hEolaíochta.
- Scéim moltaí foirne – Clár Deiseanna (ROO) – ríomhphost tiomnaithe a bhunú & é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí coigilte fuinnimh & iad a fhiosrú níos mó nó cás gnó a ullmhú nuair is cuí.
- Feasacht a ardú i measc na foirne agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ach teachtaireachtaí séasúracha amhail an feachtas "*Be Like…*" a úsáid.
- Uasghráduithe soilsithe phoiblí – an dul chun cinn a choinneáil le sprioc ann chun 1000 laindéir a uasghrádú in 2019.
- De réir cheanglais Rialacháin 2012 (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) an Aontais Eorpaigh, éilítear ar Chomhairle Contae an Chabháin Teastas Fuinnimh Taispeána (DEC) a bheith aici d'fhoirgnimh a dtugann an pobal cuairt rialta orthu. Tús a chur leis an bpróiseas DEC don riachtanas reachtúil seo de réir na Nósanna Imeachta Náisiúnta Soláthair agus na riachtanas Náisiúnta Feidhmíochta Fuinnimh.

- An Polasaí Fuinnimh le nuashonrú agus le daingniú ag Foireann na Bainistíochta Sinsearaí.
- An Polasaí Fuinnimh a scaipeadh ar na baill foirne ar fad agus an Polasaí Fuinnimh a bheith ar taispeáint ag an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Iniúchadh ar Linn Snámha & Ionad Áineasa an Chabháin, mar úsáideoir suntasach fuinnimh, a ullmhú chun an fhéidearthacht le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh a bhunú agus chun an cás gnó a ullmhú chuige.
- Leanúint ar aghaidh ag leithdháileadh suíomhanna nua de réir thairiscintí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair ar éirigh leo.
- Monatóireacht agus Tuairisciú Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chur i gcrích i gcomhar leis na spriocdhátaí atá i bhfeidhm.

## Bainistiú Dramhaíola

Tá cúraimí ar Rannóg Bainistithe Dramhaíola Chomhairle Contae an Chabháin maidir le Bainistiú Dramhaíola, Bainistiú Bruscair agus maidir le Feasacht agus Oideachas Timpeallachta sa chontae. Chomh maith leis sin, déanann sí bainistíocht ar an tSeirbhís Maorachta Madraí, an tSeirbhís Tréidliachta, ar Chothabháil ionad dílsithe adhlactha agus ar fhodhlíthe Corrthrádála.

Clúdaíonn an sainchúram atá orainn Polasaí agus Pleanáil Bainistithe Dramhaíola, Bainistiú Bonneagair Dramhaíola agus Cur i bhFeidhm na Rialachán Dramhaíola.

### Polasaí agus Pleanáil Bainistithe Dramhaíola

Tá an Cabhán mar chuid de Réigiún Pleanála Bainistithe Dramhaíola Chonnacht-Uladh. Tá Príomh-Údarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola Chonnacht-Uladh freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola sa réigiún a chomhordú.

### Ionaid Athchúrsála & Ionaid *Fág Anseo*

Is éard is ionad athchúrsála ann áit a chuirtear ar fáil don sealbhóir tí inar féidir leis fáil réidh lena dhramhaíl tí agus le hábhar in-athchúrsáilte ar tháille. Cuireann an tIonad *Fág Anseo* seirbhís pobail saor in aisce ar fáil inar féidir le daoine ó cheantair áitiúla ábhair amhail éadaí, buidéil phlaisteacha, buidéil ghloine, prócaí agus cannaí bia agus dí alúmanaim a athchúrsáil.

Déantar freastal maith ar an gContae agus réimse iomlán bonneagar athchúrsála ann. Agus trí Ionad Athchúrsála ann a fheidhmíonn go hiomlán i gCorr an Iúir, i gCoill an Chollaigh agus i mBéal Átha Conaill chomh maith le 30 Ionad *Fág Anseo,* táimid ag leanúint orainn ag cur bealaí áitiúla agus áisiúla ar fáil do theaghlaigh chun a gcuid ábhar in-athchúrsáilte tí a athchúrsáil.

**Léarscáil Athchúrsála**



**Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú**

Tá dualgas ar gach údarás áitiúil plean bliantúil um iniúchadh imshaoil de réir mholtaí Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa a rinne foráil maidir leis na híoschritéir i dtaca le hiniúchadh imshaoil i mballstáit AE. Iarrtar orainn tuairisc a thabhairt ar iniúchadh agus ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na pleananna ionas go gcinnteofar go bhfuil na pleananna á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.

Is féidir na hiniúchtaí a dhéanann an Rannóg Bainistithe Dramhaíola a roinnt ina dhá chatagóir:

- Iniúchtaí Gnáthúla (lena n-áirítear gnólachtaí/áiseanna a cheadaíonn Comhairle Contae an Chabháin). Is féidir Iniúchtaí Gnáthúla a phleanáil roimh ré mar atá mar chuspóir ag an bPlean Bliantúil Iniúchta.

- Iniúchtaí Neamhghnáthúla a bhaineann, de ghnáth, leis na hiniúchtaí sin a bhaineann le Gearáin Dramhaíola a fhiosrú.

Cuimsíonn Iniúchtaí Imshaoil a dhéanann an Rannóg Bainistithe Dramhaíola iniúchtaí faoi réimse leathan Rialachán Dramhaíola. Is iondúil go mbíonn baint ag iniúchtaí neamhghnáthúla a dhéantar le gearáin a fhaightear ó bhaill den phobal, nó ó Údaráis Áitiúla an Chabháin nó gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha. I measc na n-iniúchtaí a dhéantar de ghnáth tá iniúchtaí ar láithreáin diúscartha nó aisghabhála dramhaíola neamhúdaraithe, iniúchtaí ar dhumpáil mhídhleathach agus ar láithreáin mhídhleathacha dumpála agus iniúchtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhúdaraithe dramhaíola go ginearálta (dó mídhleathach agus bogadh mídhleathach dramhaíola mar shampla). Fuarthas 612 gearán bruscair agus dramhaíola in 2018.

**Tosaíochtaí Forfheidhme**

San áireamh i dtosaíochtaí an Phlean Iniúchta do 2018, bhí na coinníollacha a leagadh síos i gCiorcláin Rialtais agus i dTreoracha Polasaí na nAirí maidir le bainistiú agus forfheidhmiú dramhaíola agus cuireadh riachtanais Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. I measc na dtosaíochtaí, bhí:

- Dumpáil mhídhleathach lena n-áirítear Dramhaíl Tógála & Scartála
- Boinn Dramhaíola
- Comhlíonadh Bainistithe Dramhaíola Teaghlaigh & Tráchtála

**Láithreáin Stairiúla Líonta Talún**

Faoi na Rialacháin (Deimhniú ar Dhiúscairt Stairiúil gan Cheadúnas agus ar Ghníomhaíocht Aisghabhála) um Bhainistiú Dramhaíola, 2008, caithfidh an Chomhairle measúnú priacail a dhéanamh ar aon láithreáin líonta talún atá dúnta anois sa limistéar feidhme. Is í an phríomhaidhm atá leis na rialacháin go dtabharfaí faoi mheasúnuithe priacail ag na láithreáin seo ionas gur a mheas cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann baol timpeallachta leo fós agus na hoibreacha feabhhsúcháin a dhéanamh nuair is cuí. In 2018, rinneadh measúnú ar an iarláithreán dumpála in Achadh an Iúir agus cuirfidh an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil faoi cheadúnú anois é.

**Rialacháin um Dramhbhia**

Dearadh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Tí agus Bithdhramhaíl), 2013 (IR Uimhir 71 de 2013) chun deighilt agus aisghabháil dramhbhia a chur chun cinn agus chun dramhaíl in-bhithmhillte a chur ar mhalairt slí ó láithreáin líonta talún. Caithfidh bailitheoirí dramhaíola seirbhís bailiúcháin ar leith a chur ar fáil do dhramhbhia tí. Ní mór do shealbhóirí tí a tháirgeann dramhbhia dramhaíl dá leithéid sin a dheighilt agus a choinneáil ar shiúl ó dhramhaíl dho-bhithmhillte agus í a chur ar fáil do bhailiúchán ar leith.

Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm i mBaile an Chabháin in 2014 agus i gCoill an Chollaigh, Baile Shéamuis Dhuibh, Muinchille, Dún an Rí agus in Achadh an Iúir ón 1 Iúil 2015. An 1 Iúil 2016, bhí feidhm ag na rialacháin dramhbhia seo i gceirtleáin ina raibh daonra breis agus 500 duine. In 2018, cuireadh béim ar dhul i gcomhairle le bailitheoirí dramhaíola tí d’fhonn soláthar bruscar bia a chinntiú.

**Áiseanna Feithiclí Deireadh Ré**

Is iad na príomhrialacháin a bhaineann le feithiclí deireadh ré na Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006 (IR Uimhir 282 de 2006). Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm i Meitheamh 2006 agus thug siad caighdeáin níos airde timpeallachta isteach d'fhonn a chinntiú go ndéanfaí feithiclí deireadh ré agus a gcomhpháirteanna a aisghabháil agus a chur de lámh mar is cóir ionas nach mbeadh aon drochthionchar aige seo ar an timpeallacht. Leagann na rialacháin seo íosriachtanais teicniúla nua amach maidir le Feithiclí Deireadh Ré a bhailiú, a stóráil agus a chóireáil.

Tá na caighdeáin úra níos déine i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2007 agus sula n-aithnítear aon ghnó mar "Áis Chóirithe Cheadúnaithe" caithfear ceadúnas bailí dramhaíola a fháil ar dtús agus caithfidh an áis na riachtanais a leagtar amach sa Dara Sceideal i Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006, a chomhlíonadh.

Is cion é faoin Acht um Bhainistiú Dramhaíola 1996 arna leasú gnó aistrithe bruscair nó aisghabhála (e.g. gluaisteáin a bhaint anuas) a rith gan ceadúnas dramhaíola. Is cion é freisin mura gcomhlíontar forálacha na Rialachán (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006.

**Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiú**

Tá orainn plean bainistithe dramhaíola a chur i bhfeidhm dár limistéar feidhme. Léiríonn an Plean Bainistithe Dramhaíola reatha a mbeidh feidhm leis go dtí 2019, léiríonn sé na príomhchuspóirí a úsáideann an tÚdarás Áitiúil chun bruscar a sheachaint agus a rialú i gContae an Chabháin. Téann na cuspóirí seo in éineacht lena chéile agus ag díriú ar fheasacht a ardú i measc an phobail agus ar fhorfheidhmiú araon.

Cuirimid feidhm forfheidhmithe agus oideachais ar fáil i réimsí a bhaineann le bainistiú, rialú agus seachaint bruscair. Eisíodh 402 fíneáil bruscair ar an láthair do

chionta a rinneadh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 arna leasú in 2017. Is é €150 an pionós a bhaineann le fíneáil ar an láthair. Féadfar fíneáil níos airde a eisiúint má dhéantar imeachtaí cúirte a thionscnamh. Sa chás seo, is í an €4,000 an uasfhíneáil.

| | **2018** |
|---|---|
| Líon Maor Bruscair Lánaimseartha | 3 |
| Líon fíneálacha eisithe ar an láthair | 150 |
| Líon gearán bruscair agus dramhaíola a fuarthas | 612 |

**Cur chun Cinn Chlár na Scoileanna Glasa**

Lean Comhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag freastal ar Clár na Scoileanna Glasa i gcomhair le An Taisce. Méadaíonn rannpháirtíocht scoileanna an Chontae sa chlár feasacht maidir le fadhb an bhruscair. Tá méadú tagtha ar líon na scoileanna a ghlacann páirt sa chlár agus rinneadh measúnú ar bhreis agus 40 scoil faoi réimse téamaí lena n-áirítear Bruscar & Dramhaíl, Fuinneamh, Uisce, Bithéagsúlacht agus Saoránachtaí Domhanda ó bhí 2017 ann.

Lean baill den fhoireann Bainistithe Bruscair ar aghaidh ag dul ar cuairt chuig scoileanna le linn 2018 chun feasacht a ardú maidir leis an dochar a dhéanann bruscar agus graifítí. Cinntíonn sé seo go mairfidh na buntáistí oideachasúla a cothaíodh ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile i measc na ndaltaí. Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae an Chabháin ábhar oideachasúil ar fáil maidir le feasacht bruscair, íoslaghdú dramhaíola agus athchúrsáil agus chuir sí trealamh ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht scoileanna i dtionscnaimh frithbhruscair amhail Glantachán Náisiúnta Earraigh agus an Feachtas ‘Bruscar Guma Coganta’.

**Glantachán Náisiúnta Earraigh**

Tá Glantachán Náisiúnta Earraigh, feachtas a reáchtáiltear ar fud na hÉireann le linn mhí Aibreáin imithe ó neart go neart i gContae an Chabháin. D’fhonn tacú leis an bhfeachtas seo, spreagamar Scoileanna, Coistí Bailte Slachtmhara, Grúpaí Áitiúla Pobail agus Cumainn Cónaitheoirí ar fud an Chontae le páirt a ghlacadh i dtionscadail ghlantacháin sa cheantar. I measc na rudaí a cuireadh ar fáil do ghrúpaí chun cabhrú

leo agus iad i mbun glantacháin, bhí málaí, lámhainní, bainteoirí bruscair agus veisteanna sofheicthe. Ghlac grúpaí ó gach cearn den chontae páirt san fheachtas bailíodh cuid mhór bruscair ar thaobh an bhóthair. In 2018, chláraigh nach mór 80 grúpa le An Taisce agus bhí nach mór 1,500 duine páirteach ann.




*Seoladh Ghlantachán Náisiúnta Earraigh 2018*

**Feachtas Feasachta maidir le Bruscar Guma Coganta**

Cuireann an feachtas náisiúnta seo béim ar an ngá atá le guma coganta a dhiúscairt sa bhosca bruscair agus cuireann sé an pobal ar an eolas faoi na fadhbanna a eascraíonn as bruscar guma. Ghlac Comhairle Contae an Chabháin páirt iomlán san fheachtas feasachta seo agus sheol an Cathaoirleach ár bhfeachtais áitiúla i Muinchille in 2018. Mar chuid de Chlár na Scoileanna Glasa, tugann an tOifigeach Bainistithe Bruscair cainteanna do dhaltaí agus d'oibrigh sé i gcomhar le coistí Bailte Slachtmhara d'fhonn solas a chaitheamh ar na fadhbanna a bhaineann le bruscar guma.

**Ceardlanna / Seimineáir le Bailte Slachtmhara**

Reáchtáil Comhairle Contae an Chabháin go leor ceardlanna faisnéise (Dúshlán Deireadh a chur le Dramhbhia agus Dúshlán Múiríneoirí 2018) agus go leor seimineár

(Íoslaghdú Dramhaíola le Bailte Slachtmhara Bhéal Tairbirt, Seimineáir Bhliantúla Bailte Slachtmhara) agus chuir sí seastáin eolais ar fáil ag seónna trádála amhail *Taste of Cavan,* Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir agus Seó Talmhaíochta Ármhach. Chomh maith leis sin, bhíodh cruinnithe ann ar bhonn leanúnach leis na Coistí Bailte Slachtmhara ag leibhéal áitiúil le linn thréimhse feidhme an phlean bruscair a bhí ann roimhe.

**An Clár Bruscair Bóthar a Uchtú**

Athsheoladh an clár seo i bhFeabhra 2018 agus is éard a bhí ann gur bhailigh gnólachtaí agus grúpaí pobail nó deonacha a bhí páirteach ann bruscar ar thaobh an bhóthair. Rinne na grúpaí agus na gnólachtaí bainistíocht agus maoirseacht ar an scéim iad féin. D'aithin Comhairle Contae an Chabháin rannpháirtíocht grúpaí pobail etc. ach comharthaíocht a sholáthar i ngach limistéar. Cuireadh málaí, lámhainní agus trealamh bainistithe bruscair eile ar fáil chun cabhrú leis na glantacháin agus chun na bóithre a choinneáil saor ó bhruscar.

**Léig Bhruscair Chontae an Chabháin**

Le linn 2018, d'oibríomar le pobail áitiúla chun glaineacht agus íomhá ár mbailte, ár sráidbhailte agus na tuaithe a fheabhsú. D'úsáideamar iniúchtaí agus critéir scórála a bhí cosúil leo siúd a úsáideann Gnóthaí na hÉireann i gcoinne Bruscair do Bhaile an Chabháin. Tá Léig Bhruscair an Chontae bunaithe ar ghnáthiniúchtaí a dhéantar ar 28 baile agus sráidbhaile sa Chontae. Scrúdaíonn baill foirne Forfheidhmithe Bruscair na bailte agus na sráidbhailte ar fad a roghnaítear. D'fhág forbairt Léig Bhruscair an Chontae gur feabhsaíodh leibhéil ghlainteachta i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chabháin go mór le cúpla bliain anuas. Is mar gheall ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair a bheith níos gníomhaí atá sé seo agus d'fhág sé sin go bhfuil laghdú ar na leibhéil bhruscair atá sa Chontae. Bhain na 28 baile agus sráidbhaile Stádas Saor ó Bhruscar amach don bhliain 2018.

**Bailte Slachtmhara**

Tá naisc láidre forbartha ag Comhairle Contae an Chabháin le líonra Coistí Bailte Slachtmhara. Mhéadaigh líon na mbailte slachtmhara ó 13 go 24 ó 2013. Tugtar faoi deara go bhfuil dul chun cinn sásúil déanta ag na Coistí Bailte Slachtmhara i gcatagóir Bruscar agus Slacht Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Thairis sin, léiríonn sé seo an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic le truailliú de bharr bruscair.

**Aisghabháil Tochtanna**

Reáchtáladh imeacht saor in aisce d'athchúrsáil tochtanna in Ionaid Chonláiste Cathartha Chorr an Iúir, Bhéal Átha Conaill agus Choill an Chollaigh an 20 Deireadh Fómhair 2018. Bhí ceathrar ball foirne ón Rannóg Bainistithe Dramhaíola i láthair sna trí hionad agus chabhraigh siad leo siúd ag fad a bhain leas as an mbailiúchán saor in aisce. Glacadh le 1,046 tocht sna trí ionad ar an iomlán.



**Tionscnamh Frithdhumpála (ADI)**

Is í an aidhm atá leis an Tionscnamh Frithdhumpála (ADI) dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach agus tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis áitiúla monatóireacht a dhéanamh ar shiocracha móra dumpála, a chinntiú go ndéantar monatóireacht orthu agus cur chuige comhtháite a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gceist seo. Chuaigh Comhairle Contae an Chabháin i ngleic leis an gceist seo ach roinnt siocracha móra

a aithint sna trí Cheantar Bhardasacha a tháinig chun cinn a bhuí le fiosrúcháin a rinne ár mbaill foirne forfheidhmithe dramhaíola. Mar chuid de ADI 2018, fuair Comhairle Contae an Chabháin réidh le breis agus 150 tonna dramhaíola ó thrí shuíomh éagsúla agus cheannaigh sí drón a gcoimisiúnófar a úsáid in 2019.

| **Suíomh** | **Cur síos ar an Tionscadal** | **An Tréimhse inar Tugadh faoin Tionscadal** | **Toradh** |
|---|---|---|---|
| Cullaboy, Cill Chóige | Glantachán láithreán stairiúil dumpála | Lúnasa 2018 | Baineadh 137.64 tonna dramhaíola |
| Feartain Uachtarach, Castleterra | Glantachán láithreán stairiúil dumpála | Iúil 2018 | Baineadh 5.72 tonna dramhaíola |
| Páirceanna an Bhaile, Baile an Chabháin | Glantachán láithreán stairiúil dumpála | Iúil 2018 | Baineadh 6.72 tonna dramhaíola |

**Ciste Áitiúil Chomhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21**

Cuireann an ciste seo an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn ach cúnamh a thabhairt do thionscadail timpeallachta neamhbhrabúis, atá ar scála beag, ag leibhéal áitiúil. Is í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil agus na hÚdaráis Áitiúla a sholáthraíonn an maoiniú. Is féidir le tionscadail amhail gairdíní pobail, cuibhrinn agus scéimeanna muirín agus tionscnaimh oideachais maoiniú a fháil. Thacaigh Comhairle Contae an Chabháin le roinnt comórtas timpeallachta faoi Chiste Áitiúil Chomhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21 a raibh ról an-dearfach acu maidir le dul i ngleic le truailliú ó bhruscar.

**Seirbhís Maorachta Madraí**

Éilíonn cur i bhfeidhm Acht um Rialú Madraí 1986 arna leasú ar an Údarás Áitiúil Maor Madraí a fhostú go lánaimseartha. Cuireann an Maor Madraí seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil ar fáil agus é ag plé le rialú agus bainistiú madraí fáin

agus madraí nach bhfuil éinne á n-iarraidh, le hiompar frithshóisialta madraí agus le heisiúint ceadúnas madraí.

**Seirbhísí Tréidliachta**

Tá Oifigeach Tréidliachta amháin fostaithe go lánaimseartha againn mar aon le seisear cigire tréidliachta páirtaimseartha. Scrúdaíonn, ceadaíonn agus iniúchann an tOifigeach Tréidliachta seamlais agus monarchana beaga feola ar fud an Chontae. I gcaitheamh na bliana, seoltar samplaí randamacha feola chuig Lárshaotharlann Feola na Roinne Talmhaíochta agus Bia i gContae Chill Dara chun go ndéanfaí tástáil d'iarmhair antaibheathach agus d'iarmhair ceimiceán eile orthu.

**Coiste Pleanála Straitéisí Timpeallachta agus Pleanála**

Reáchtáladh ceithre chruinniú agus i measc na n-ábhar agus na gceisteanna a ndearnadh plé orthu bhí Athlonnú Ionaid *Fág Anseo, Refill Ireland,* Athbhreithniú ar Thionscnamh Frithbhruscair Bóthar a Uchtú, Glantachán Náisiúnta Earraigh 2018 agus Plean Réigiúnach Dramhaíola Chonnacht-Uladh.

**Baill an Choiste Pleanála Straitéisí Timpeallachta agus Pleanála**

**An Comhairleoir Damien Brady, Cathaoirleach**
An Comhairleoir Madeline Argue
An Comhairleoir Fergal Curtin
An Comhairleoir Winston Bennett
An Comhairleoir Val Smith
Fintan McCabe, an Colún Timpeallachta
Orla Sheridan, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
Jimmie Jackson, an Colún Tógála
Thomas Cooney, an Colún Talmhaíochta

## Airgeadas

Soláthraítear eolas cruinn, tráthúil airgeadais maidir le seirbhísí uile na Comhairle agus cinntítear go bhfuil nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh atá cuí agus éifeachtach i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach ag an Rannóg Airgeadais maidir le seirbhísí a sholáthar agus tacú leo. Pléann sí le bainistiú airgeadais agus le maoiniú oibríochtaí na n-údarás, idir ioncaim agus chaipitil, ar fud na Rannán Seirbhísí go léir.

Seo a leanas na príomhchuspóirí:

- Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach
- Na cleachtais is fearr maidir le bainistiú airgeadais a sholáthar agus a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcloítear le prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais
- A chinntiú go bhfuil dóthain rialuithe inmheánacha i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus cruinneas agus iontaofacht na dtaifead cuntasaíochta a chinntiú
- A chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach ar fud na heagraíochta

**Iasachtaí**

Tá thart ar 200 cuntas iasachta ag an gComhairle, a ghin aisíocaíochtaí morgáiste de thart ar €422,377 (lena n-áirítear árachas cosanta morgáiste) le linn 2018. Le linn 2018, lean Comhairle Contae an Chabháin ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach le custaiméirí a bhí tite i riaráistí go pointe neamh-inbhuanaithe. Thug an Chomhairle an chumhacht do chustaiméirí aghaidh a thabhairt ar a gcuid riaráistí a bhuí leis an bPróiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (MARP) agus an Scéim Morgáiste go Cíos.

**Soláthar Feidhm Párolla**

Is éard atá i gceist leis an tseirbhís seo pá agus tuarastail a phróiseáil agus a íoc leis na baill foirne uile lena n-áirítear Íoc Mar a Thuillir (PAYE) agus Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (PRSI) agus aon asbhaintí reachtúla agus neamhreachtúla eile a asbhaint agus na tuairisceáin chuí uile a chomhlánú. I mí na Nollag 2014, ghlac MyPay freagracht as gach íocaíocht párolla a phróiseáil thar ceann Chomhairle Contae an Chabháin. Tá thar tar 520 fostaí (gan baill tofa agus pinsinéirí san áireamh) ar phárolla Chomhairle Contae an Chabháin agus iad scaipthe ar fud na ngrúpaí pá seo a leanas:
Pá: (gach coicís), Tuarastail/Pinsinéirí: (gach coicís) agus Comhraiceoirí Dóiteáin: (gach ráithe)

Phróiseáil an rannóg párolla íocaíochtaí dar luach €22,530,218.03 le linn 2018.

**Rátaí**

Eisíodh 2,559 Éileamh Rátaí don bhliain 2018 agus bhí tobhach iomlán de €14,100,371.58 mar thoradh air sin. Ba é €60.87 an Ráta Bliantúil ar an Luacháil a shocraigh an Chomhairle don bhliain. Fuarthas suim €11,936,669.01 i leith rátaí tráchtála don bhliain dar gcíoch an 31 Nollaig 2018.

Tabharfaidh an Oifig Luachála faoi Athluacháil do Chontae an Chabháin go luath sa bhliain 2019 agus déanfaidh an próiseas seo luachálacha éifeachtacha na réadmhaoine tráchtála go léir i gContae an Chabháin a nuachóiriú agus a nuashonrú.

**Soláthar**

**Ár Ráiteas Misin**

"A chinntiú go gcomhlíontar Feidhm Soláthair Chomhairle Contae an Chabháin le hionracas, trédhearcacht agus cuntasacht, go gcloíonn sí le treoirlínte AE/Dlí Náisiúnta agus Treoirlínte Náisiúnta, agus go bhfeidhmíonn sí ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí ar fad chun tacú le ceannach luach ar airgead fad na

caighdeáin riachtanacha á mbaint amach ar mhaithe le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do mhuintir Chontae an Chabháin."

**In 2018, rinneadh athbhreithniú d'fhonn na gníomhaíochtaí a seachadadh le linn shaolré Phlean Soláthair Chorparáidigh na Comhairle 2016-2019 a aithint. Is iad na gníomhaíochtaí ar éirigh lena seachadadh:-**

**a) Méadú ar Fheasacht Soláthair i measc Ball Foirne a bhuí le:-**

- Líne shoiléir cumarsáide soláthair
- Lámhleabhar nua maidir le Nósanna Imeachta Soláthair atá éasca a úsáid
- Suíomh Gréasáin nua, inmheánach le Faisnéis maidir le Soláthar
- Oiliúint Soláthair do bhaill foirne
- Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPI)
- Soláthar Doiciméad Teimpléadach Tairisceana Caighdeánaithe do bhaill foirne.

**b) Bearta a chur i bhfeidhm chun Eitic Sholáthair agus Bainistíocht Riosca a chosaint a bhuí le:-**

- Méadú ar fheasacht agus ar chuntasacht ball foirne ach foirmeacha féindearbhaithe foirne ar leith maidir le coimhlint leasa, rúndacht agus comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.
- Úsáid a bhaint as an gclár riosca soláthair chun riosca, rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn maidir le soláthar a aithint.

**c) Anailís níos fearr ar Chaiteachas a chur chun cinn a bhuí le:-**

Cóid táirgí airgeadais *agresso* áitiúla uile na heagraíochta a **mhapáil** le cóid táirgí airgeadais náisiúnta.

**d) Tacaíocht Leanúnach a chur ar fáil do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME) a bhuí le:-**

- Imeachtaí Faisnéise do Sholáthraithe agus Imeachtaí Oiliúna
  - Caidreamh láidir oibre leis an **Oifig Fiontair Áitiúil (LEO).**

**e) Comhlíonadh leanúnach an Chóid Caiteachais Phoiblí a chur chun cinn a bhuí le:-**

- Feasacht foirne, comhoibriú agus féindhearbhuithe foirne. Chomh maith leis sin, cinntíodh comhlíonadh na heagraíochta go bliantúil a bhuí leis an tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC).

**f) Rialuithe Airgeadais níos Láidre a chur i bhfeidhm a bhuí le:-**

- Cur i bhfeidhm chóras nua *Agresso Milestone 4* a chur i bhfeidhm lena n-áirítear Seiceálacha nua Soláthair agus nósanna imeachta nua maidir le Fáil agus Faomhadh Orduithe Ceannaigh.
- Tairseacha Faofa Orduithe Ceannaigh athbhreithnithe agus Tairseacha Faofa Conarthaí athbhreithnithe
- Treoir nua do bhaill foirne maidir le hOrduithe an Phríomhfheidhmeannaigh, roghnú Chóid Táirgí *Agresso* agus cártaí Ceannaithe Miondíola (LVP).

**Comhlíonadh leanúnach an Chóid Caiteachais Phoiblí**

In 2018, chuir Comhairle Contae an Chabháin a tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta do 2017 faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)

de réir mar a éilíodh faoi **Chód Caiteachais Phoiblí** na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil gur léirigh na seicliostaí a chomhlánaigh Comhairle Contae an Chabháin leibhéal ard comhlíonta leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus na níor léirigh na seiceálacha doimhne a rinneadh aon mhórcheisteanna a chaithfeadh amhras ar chomhlíontacht na Comhairle leis an gCód.

Mar chuid de thuarascáil Chomhairle Contae an Chabháin a chomhordaigh an tOifigeach Soláthair, bhí:-

- Liosta fardail do 2017 (**€219,389, 453** san iomlán) de na Tionscadail / Cláir reatha agus chaipitil a raibh costas breis agus €0.5m ar a gcaiteachas/saolré in 2017.
    - Aithníodh **71** tionscadal / clár.
        - Bhí **24** tionscadal / clár á meas in 2017
        - Thabhaigh **44** tionscadal / clár caiteachas in 2017
        - Tháinig deireadh le **3** thionscadal / chlár in 2017

- Achoimre ar gach soláthar os cionn €10m,
- Sraith seicliostaí comhlánaithe (7 gcinn ar an iomlán) don eagraíocht ar fad bunaithe ar **20 sampla** a tógadh ar fud na heagraíochta, arb ionann iad agus **22%** de luach iomlán gach tionscadail / cláir chaipitil a aithníodh ar an liosta fardail do **2017.**
- Achoimre ar sheiceálacha doimhne na nIniúchóirí Inmheánacha arb ionann iad agus **7%** de luach iomlán na dtionscadal / clár reatha (ioncaim) go léir a aithníodh ar an liosta fardail do **2017** agus **13%** de luach iomlán na dtionscadal / clár caipitil a aithníodh ar an liosta fardail do **2017.**

### INIÚCHADH INMHEÁNACH

Soláthraíonn Iniúchadh Inmheánach feidhm neamhspleách mheasúnaithe a bhfuil sé de dhualgas uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe, pleananna, nósanna imeachta, cleachtais agus feidhmiú na heagraíochta. Is í an phríomhaidhm atá léi measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin. Cuireann ról an iniúchta inmheánaigh le húsáid eacnamaíoch, éifeachtúil acmhainní agus is príomhghné de dhea-rialachas corparáideach é, rud atá ríthábhachtach chun príomhthosaíochtaí Phlean Corparáideach na Comhairle do 2015-2019 a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí a chuimsíonn measúnuithe Iniúchta Inmheánaigh, tá:

- Córais chuntasaíochta agus bhainistíochta
- Rialuithe inmheánacha a chomhlíonadh
- Leordhóthanacht agus sláine na sonraí airgeadais a sholáthraítear
- Dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh
- Nochtadh do chalaois agus / nó éilliú
- Úsáid agus cosaint éifeachtach sócmhainní
- Úsáid eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní

Tá sé mar chuid de pholasaí Chomhairle Contae an Chabháin feidhm Iniúchta Inmheánaigh ardchaighdeáin a choinneáil agus a chothú de réir na Cairte Iniúchta Inmheánaigh. Tagann gníomhaíochtaí uile na Comhairle faoi shainchúram an Iniúchta Inmheánaigh. Tugann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Iniúchóireachta uair sa ráithe.

### Luach ar Airgead

Feidhmíonn údaráis áitiúla amhail Comhairle Contae an Chabháin i dtimpeallacht inar gá le cuntasacht agus trédhearcacht maidir le gach cinneadh bainistíochta a dhéantar. Ní mór don Chomhairle a chinntiú go bhfeidhmíonn a seirbhísí ar bhealach

eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach agus béim bhreise ar Luach ar Airgead a bhaint amach agus leibhéil feidhmíochta a uasmhéadú ar fud na heagraíochta.

**Oiliúint & Seimineáir maidir le hIniúchadh Inmheánach**

D'fhreastail an tIniúchóir Inmheánach ar chúrsaí agus ar sheimineáir éagsúla le linn 2018. Ina measc seo, bhí Cúrsa Deimhnithe de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta Deimhnithe Proifisiún (IPA) ann maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), Oiliúint Iniúchóireachta le Pobal maidir leis an gClár Ionchuimsithe Shóisialta & Gníomhachtaithe Pobail (SICAP), Comhdháil Bhliantúil Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (CIIA) agus Seisiúin Eolais maidir le Sineirge le Gréasán Iniúchóirí Inmheánacha an Rialtais Áitiúil. Tugadh faoi Oiliúint Rialála ar Láimhsiú Sábháilte agus Oiliúint maidir le Teagmhas Tromchúiseach laistigh den Chomhairle freisin.

**Plean Bliantúil Iniúchta 2018**

Is é an Plean Bliantúil Iniúchta an clár mionsonraithe oibre a ullmhaítear do gach bliain agus a dhíríonn go príomha ar riosca oibríochtúil, airgeadais agus rialála na heagraíochta. Sa phlean do 2018, leagadh amach athbhreithnithe sonracha iniúchta a bhfuiltear le tabhairt fúthu bunaithe ar infhaighteacht acmhainní foirne agus ar rioscaí féideartha atá le haithint ag na Stiúrthóirí Seirbhíse, an Coiste Iniúchóireachta agus an Iniúchóir an Rialtais Áitiúil.

**Obair Iniúchta Inmheánaigh 2018**

Mar chuid den obair iniúchta a rinneadh le linn 2018 bhí iniúchtaí rialaithe ar an Oifig Mótarchánach, *Ramor Theatre,* Láithreáin Líonta Talún, Oifigí Airgeadóra, an Chosaint Shibhialta agus Táillí Páirceála Bhaile an Chabháin. Rinneadh athbhreithnithe iniúchta ar leith ar Nósanna Imeachta Rialaithe Oibriúcháin maidir le Cártaí Ceannaithe ar Luach Íseal (LVPC), Soláthar / Nósanna Imeachta Nótaí Earraí Isteach (GRN) de chuid Cheantar Bardasach BJC, Nósanna Imeachta na Comhairle maidir le Bileoga Ama Párolla, Athbhreithnithe Doimhne an Chóid Caiteachais Phoiblí ar Chlár Caiteachais Ioncaim Sheirbhísí Dóiteáin na Comhairle, An

Tionscadal Caipitil um Athshlánú Dhroichid an Chabháin 2015 agus Roinn B den Tionscadal Caipitil um Feabhsuithe Bóithre an N55 ó Corduff go Killydoon Theas.

Chuaigh an tIniúchóir Inmheánach i ngleic le hiarratais éagsúla iniúchta ón Iniúchóir Rialtais Áitiúil freisin. Is príomhghné de mheasúnú an Iniúchóra Rialtais Áitiúil ar thimpeallacht rialaithe an Údaráis Áitiúil agus ar na rioscaí gaolmhara í éifeachtacht an Iniúchta Inmheánaigh.

**Forléargas Iniúchta**

Aithníonn Iniúchtaí Inmheánacha go ndearna Comhairle Contae an Chabháin go leor dúshláin dheacra a bhainistiú le blianta beaga anuas a chinntigh gur coinníodh seirbhísí ardchaighdeáin ainneoin srianta leanúnacha buiséid agus foirne. Agus é sin á dhéanamh, bhí cuntasacht agus trédhearcacht a cuid oibríochtaí thar a bheith tábhachtach. Leanann Iniúchadh Inmheánach ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh na bpolasaithe, na nósanna imeachta agus na rialuithe ábhartha ar fad de chuid Chomhairle Contae an Chabháin ar mhaithe le cinntiú go mbaintear bearta éifeachtúlachta, luach ar airgead agus barr éifeachtachta amach agus na seirbhísí uile á soláthar.

**Coiste Iniúchta**

Chuir an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 éifeacht reachtúil leis an gClár Gníomhaíochta do Rialtas éifeachtach Áitiúil agus rinne sé na forálacha reachtacha a bhaineann le coistí iniúchta a chur in iúl arís.

Tá ról neamhspleách ag Coiste Iniúchta Chomhairle Contae an Chabháin maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais Chomhairle Contae an Chabháin.

Bunaíodh an coiste iniúchta reatha i ndiaidh do rún de chuid na Comhairle teacht i bhfeidhm tar éis don Ghrúpa Polasaí Chorparáidigh é a chur chun cinn agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá téarma an choiste comhthráthach le téarma na Comhairle reatha, a thosaigh an 1 Meitheamh 2014 agus a thiocfaidh chun críche an 31 Bealtaine 2019.

Is iad seo a leanas baill an choiste;

| ***Téarma Meitheamh 2014 - Bealtaine 2019*** |
|---|
| • Con Dolan (Cathaoirleach) |
| • Jim Lalor |
| • PJ Dunne |
| • An Comhairleoir Madeleine Argue |
| • An Comhairleoir Clifford Kelly |

Tionóladh cruinnithe ráithiúla an choiste idir Eanáir agus Nollaig 2018. Tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Iniúchta i gcreat rialachais Chomhairle Contae an Chabháin, go háirithe i gcomhthéacs na n-acmhainní ganna agus an mhéadaithe ar chuntasacht san earnáil phoiblí.

Le linn 2018, lean an Coiste Iniúchta ar aghaidh lena chuid oibre ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar chreat rialachais Chomhairle Contae an Chabháin. Cuireadh roinnt moltaí faoi bhráid na bainistíochta maidir le feabhsuithe féideartha ar thimpeallacht rialaithe agus riosca na Comhairle.

Le linn nab liana, bhuail an Coiste leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Tommy Ryan, chomh maith le bainisteoirí líne éagsúla d’fhonn raon leathan ceisteanna a phlé. I measc na réimsí tosaíochta, bhí na Buiséid Bhliantúla agus na

Ráitis Airgeadais, na Pleananna maidir leis na Cairteacha Iniúchta Inmheánaigh agus an Clár Oibre Iniúchta Bhliantúil, ról na Rannóige Pobail & Fiontraíochta agus ról Pholasaí Calaoise agus Éillitheachta agus Pholasaí Seachanta na Comhairle. Chomh maith leis sin, d'aithin an coiste an ról tábhachtach atá ag an gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta agus scaipeadh an tuarascáil éagsúil in 2018.

## Mótarcháin

Tá Rannóg Mótarchánach Chomhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnais feithiclí a eisiúint
- Leabhair Chláraithe, Admhálacha agus Plátaí Trádála dúblacha a eisiúint do thrádálaithe mótair
- Athruithe úinéireachta agus aisíocaíochtaí a phróiseáil
- Teastais S103 agus CT53 a eisiúint

Tugadh léiriú ar an laghdú leanúnach atá ar líon na ndaoine a théann go dtí an Oifig Mótarchánach chun a ngnó a dhéanamh san ioncam a fuarthas le linn na bliana do mhótarcháin agus d'idirbhearta eile. B'ionann na fáltais a fuarthas in 2018 agus €4,772,292, ísliú ó €5,533,395 in 2017; is ionann é seo agus laghdú €761,103 ar ioncam i gcomparáid le 2017. Is í an phríomhchúis leis seo an fás leanúnach atá ar úsáid na seirbhíse Mótarchánach ar Líne.

**Miondealú ar ioncam agus idirbhearta:**

| | Ioncam na nIdirbheart | Ioncam Iomlán |
|---|---|---|
| Ceadúnais Feithicle | 23596 | €4,397,636. |
| Ceadúnais Trádála | 68 | €24,004. |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 2166 | €15,043. |
| Riaráistí | 4213 | €335,609. |
| **Iomlán** | 30043 | €4,772,292. |

**Mótarcháin ar Líne:**

Ina theannta sin, próiseáladh 69,580 idirbheart ar líne, agus ba é €11,235,105 an t-ioncam a bailíodh. Tá an tseirbhís Mótarchánach ar Líne ar fáil d'úinéirí carranna príobháideacha, gluaisrothar, tarracóirí talmhaíochta, feithiclí díolmhaithe agus carbhán agus feithiclí tráchtála le haghaidh athnuachana agus cánachais céaduaire. Moltar do chustaiméirí úsáid a bhaint as an tseirbhís ar líne ach logáil isteach ar www.motortax.ie.

**Táscairí Seirbhíse**

| M.1 Líon & Céatadán na nIdirbheart Mótarchánach | 2018 |
|---|---|
| Líon idirbheart a ndéileáiltear leo thar an gcuntar | 25438 |
| Líon idirbheart a ndéileáiltear leo sa phost | 4605 |
| % idirbheart a ndéileáiltear leo thar an gcuntar | 84.7% |
| % idirbheart a ndéileáiltear leo sa phost | 15.3 % |

| | |
|---|---|
| **M.2 An tAm a Thógtar chun Iarratais Phoist ar Mhótarcháin a Phróiseáil** | |
| Líon iarratas a ndéileáiltear leo an lá céanna a fuarthas an t-iarratas | 24166 |
| Líon iarratas a ndéileáiltear leo an dara nó an tríú lá i ndiaidh a bhfaighte | 1272 |
| % iarratas a ndéileáiltear leo an lá céanna a fuarthas an t-iarratas | 95% |
| % iarratas a ndéileáiltear leo an dara nó an tríú lá i ndiaidh a bhfaighte | 5% |
| **M.4 Uaireanta Oscailte Poiblí** | |
| Meánlíon uaireanta oscailte sa tseachtain | 32.5 |

**Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (ICT)**

Soláthraíonn an Rannóg ICT seirbhísí oibríochtúla agus straitéiseacha ar fáil do Chomhairle Contae an Chabháin agus do phobal níos leithne an Chabháin. Tá an Rannóg freagrach as an mbonneagar ICT agus as riachtanais ICT na heagraíochta don todhchaí.

**An Fhoireann Ilréimsiúil**

Is í an Fhoireann Ilréimsiúil cnámh droma na Rannóige ICT. Bíonn rochtain ag gach ball den Fhoireann ICT ar an bhfoireann seo agus déanann Ceann na Seirbhísí Faisnéise na riachtanais tionscadail agus foirne uile a bhainistiú.

- Chuireamar feabhas ar an tslándáil agus ar chomhlíonadh GDPR agus chuireamar taca faoi seo le Cibear-Árachas Imeachtaí do Chomhairle Contae an Chabháin
- Thugamar isteach nósanna imeachta nua bainistíochta tionscadail don Rannóg ICT
- Thógamar spás nua líonra comhdhála ar líne don Rannóg ICT
- Chuireamar feabhas ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt i bhfoirne ICT ar leith

**An Fhoireann Claochlaithe Dhigitigh**

Díríonn an Fhoireann Claochlaithe Dhigitigh ar an Straitéis Dhigiteach a chur chun cinn agus ar shoghluaiseacht agus feasacht dhigiteach fhoireann na Chomhairle a mhéadú. Tá sé mar thosaíocht freisin seirbhísí níos fearr ar chur ar fáil don phobal agus saoránaigh a bheith páirteach sa chlaochlú digiteach.

- Chuireamar Measúnacht Ullmhachta Digití i gcrích do Chomhairle Contae an Chabháin
- D'éirigh linn faoin tionscnamh WiFi4EU agus fuaireamar maoiniú do líonraí rochtana oscailte WiFi saor in aisce i gceithre phobal ar fud an Chabháin.
- Roghnaíomar 12 Phointe Nasctha Leathanbhanda chun cur leis an bhfáil atá ar leathanbhanda ardluais do phobail tuaithe sa Chabhán
- D'fhorbraíomar straitéis nua *Office 365* chun éifeachtúlacht shreabhadh na hoibre a fheabhsú agus Infheistíocht i mBonneagar Teicneolaíochta Faisnéise

(IT) a laghdú. Thugamar isteach Córas nua Bainistithe Foghlama do Chomhairle Contae an Chabháin

**Foireann na gCóras Faisnéise Geografaí (GIS)**

Freastalaíonn an Fhoireann GIS ar fhorbairt agus ar úsáid GIS laistigh den Chomhairle. Áirítear ann seo an straitéis GIS a chur i bhfeidhm, tacaíocht a chur ar fáil d'úsáideoirí atá ann cheana agus sonraí geografacha a ghabháil agus a phróiseáil, GIS a chur chun cinn ar fud na Comhairle, oiliúint GIS a chur ar fáil agus dul i gcomhairle le comhpháirtithe seachtracha.

- Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht chun tairiscintí a dhéanamh do chóras nua réigiúnach GIS atá gréasánbhunaithe.
- Táimid ag tabhairt scéimre Sonraí Oscailte chun críche agus ag ullmhú sonraí dár dTairseach Sonraí Oscailte.
- D'oibríomar go dlúth leis an Rannóg Pleanála agus an Rannóg Pobail & Fiontraíochta chun léarscáileanna agus tacair sonraí a chruthú do na Pleananna Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte.
- Chruthaíomar aip mhóibíleach chun gur féidir gearáin bhruscair a ghabháil ar an láthair.
- Rinneamar léarscáileanna de na heastáit ar fad atá Faoinár gCúram faoi láthair a dhigitiú agus a fhoilsiú.
- Táimid ag obair leis an Rannóg Timpeallachta maidir le haip mhóibíleach a ligfeadh dóibh sonraí a ghabháil ar an láthair.
- Chabhraíomar lenár nOifigeach Oidhreachta athbhreithniú a  dhéanamh ar an Taifead ar Struchtúir Chosanta atá againn.
- Táimid ag obair leis an Oifigeach Láithreán Folamh chun úsáid a bhaint as aip a chabhródh le clár na láithreán folamh a thiomsú.

### An Fhoireann Bonneagair

Tá an Fhoireann Bonneagair mar chnámh láidir droma dár Líonra a éascaíonn rochtain ar Shonraí do gach úsáideoir mar aon le cumarsáid Inmheánach/Sheachtrach do na Baill Foirne.

- Úsáidimid Naisc Sheasta Leathanbhanda nuair is féidir sna hOifigí Seachtracha uile chun costais a laghdú agus iontaofacht a fheabhsú.
- Thugamar rogha isteach chun réitigh Néalbhunaithe a thabhairt isteach d'fhonn éileamh ar Bhonneagar san Áitreabh a laghdú.
- Déanaimid monatóireachta ar an ngá atá le Meaisíní Fíorúla, gá atá ag athrú, maidir le hacmhainní ídithe agus cuirimid nuashonruithe slándála i bhfeidhm.

### An Fhoireann Líonra

Díríonn an Fhoireann Líonra ar reáchtáil agus cothabháil laethúil na líonraí fisiceach agus fíorúil atá ann laistigh den eagraíocht. Áirítear ann seo na cuntais foirne agus go leor gléasanna agus forimeall atá ceangailte den líonra.

- D'aithníomar réimsí ar fud an Líonra ar gá aghaidh a thabhairt orthu roimh Scor Foraoise
- Éascaímid gluaiseacht na foirne san eagraíocht ach dul i ngleic leis na riachtanais teileafóin atá acu. Fuaireamar réidh le teileafóin *Siemens* a bhí níos sine agus ag teacht i dtreo dheireadh a ré agus fuaireamar aonaid nua *Unify*.
- Chuireamar roinnt cianoifigí le líonra Chomhairle Contae an Chabháin a bhuí le Líonraí Príobháideacha Fíorúla, i.e. cianleabharlanna, cianstáisiúin dóiteáin agus cianionaid Conláistí Cathartha.

### An Fhoireann Slándála

Oibríonn an Fhoireann Slándála i gcomhar leis an bhFoireann Líonra agus le Foirne na Rannóg Úsáideoirí lena chinntiú go gcoinnítear sonraí slán agus go ndéantar iad

a chosaint ó víris nó bogearraí éirice.

- Úsáidimid cur chuige ilshrathaithe maidir le cúrsaí slándála – lenár gcosaint Balla Dóiteáin agus Frithvíreas.
- Déanaimid scanadh i gcónaí le haghaidh ríomhphost spamála agus fioscaireachta.
- Cuirimid oiliúint leanúnach ar fáil maidir le feasacht úsáideoirí.

**Foireann na Rannóg Úsáideoirí**

Cuireann Foireann na Rannóg Úsáideoirí seirbhís den scoth do chustaiméirí ar fáil do na húsáideoirí uile Laistigh/Lasmuigh de bhonneagar IT Chomhairle Contae an Chabháin.

- Chuireamar Réiteach nua, bainistithe Priontála i bhfeidhm.
- Chuamar i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) chun socrú a dhéanamh maidir le Cíosanna ar Líne, Rátaí & íocaíochtaí Fíneála Tráchtála
- Cuireadh 2,726 Glao Logáilte sa Deasc Chabhrach IT i gcrích in 2018

**Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam**

## Cuntas Ioncaim 2018

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachas (A) | 68,452 | 61,599 |
| | | |
| Fáltais | | |
| Deontais Stáit | 27,150 | 21,900 |
| Earraí & Seirbhísí | 17,725 | 16,801 |
| Rátaí Tráchtála | 13,931 | 13,193 |
| Údaráis Áitiúla Eile | 165 | 224 |
| | | |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 9,481 | 9,481 |
| Ioncam Iomlán (B) | **68,452** | **61,599** |
| (Easnamh) / Barrachas (B-A=C) | 0 | 0 |
| | | |
| Ioncam Oscailte | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir (D) | 1,743 | 1,743 |
| Ioncam Deiridh | | |
| Iarmhéid an 31 Nollaig (C+D+E) | 1,743 | 1,743 |

**Caiteachas Ioncaim 2018**

| | €M | % |
|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 9.02 | 13.18 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 21.98 | 32.11 |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 7.95 | 11.61 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 7.12 | 10.40 |
| Cosaint Timpeallachta | 7.66 | 11.19 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 5.63 | 8.22 |
| Leas Sláinte, Oideachas agus Talmhaíocht | 0.70 | 1.02 |
| | | |
| Ilghnéitheach | 5.78 | 8.44 |
| Aistriú go Caipiteal | 2.61 | 3.81 |
| **Iomlán** | **68.45** | **100** |

**Caiteachas agus Ioncam ar Chuntas Caipitil 2018**

| | Caiteachas 2018 €000 | Ioncam 2018 €000 |
|---|---|---|
| **Grúpa Cláir** | | |
| Tithíocht agus Tógáil | 9,680 | 9,846 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 8,241 | 7,915 |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 1,159 | 1,098 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 709 | 1,995 |
| Cosaint Timpeallachta | 687 | 294 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 1,142 | 1,346 |
| Leas Sláinte, Oideachas agus Talmhaíocht | 22 | 0 |
| Ilghnéitheach | 943 | 1,145 |
| **Iomlán** | **22,583** | **23,639** |

**Ioncam Ioncaim 2018**

| | €M | % |
|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 9.46 | 13.82 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 14.69 | 21.46 |
| Soláthar Uisce agus Séarachas | 8.03 | 11.73 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Rialú | 3.76 | 5.49 |
| Cosaint Timpeallachta | 2.51 | 3.67 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 1.93 | 2.82 |

| | | |
|---|---|---|
| Leas Sláinte, Oideachas agus Talmhaíocht | 0.49 | 0.72 |
| Ilghnéitheach | 4.17 | 6.09 |
| Rátaí | 13.93 | 20.35 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 9.48 | 13.85 |
| Tobhach Pinsin | 0 | 0.00 |
| **Iomlán** | **68.45** | **100** |